

Tacú le Rochtain ar Chlár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (COLÓ) do Leanaí faoi Mhíchumas

**Tuarascáil
an Ghrúpa Idir-Rannaigh**

Meán Fómhair 2015

Clár Ábhar

Buíochas

Liosta acrainmneacha

1.0 Achoimre Feidhmiúcháin

2.0 Réamhrá, fíis, sainmhínte, prionsabail threoracha agus próiseas

3.0 Comhthéacs agus Leitheadúlacht Náisiúnta agus Idirnáisiúnta Míchumais

4.0 Comhairliúchán le Tuismitheoirí, Soláthraithe agus Daoine Eile

5.0 An tSamhail a Bheartaítear

5.1 Cultúr Cuimsitheach

5.2 Faisnéis do Thuismitheoirí agus do Sholáthraithe

5.3 Lucht Saothair Cáilithe agus Muiníneach

5.4 Comhairle agus Tacaíocht Shaineolach Luathbhlianta Oideachais

5.5 Deontais do Threalamh, d'Fhearais agus do Mhionathruithe

5.6 Idirghabháil Theiripeach

5.7 Cúnamh Breise sa Seomra Réamhscoile

6.0 Maoirseacht Náisiúnta

7.0 Costais agus Amfhráma le haghaidh Cur i bhFeidhm

8.0 Aguisíní

8.1 Comhdhéanamh an Ghrúpa Idir-Rannaigh

8.2 Achoimre Feidhmiúcháin an Ghrúpa Idir-Rannaigh um Infheistíocht Amach Anseo

8.3 Costais Choigeartaithe

8.4 Tuarascáil an Chomhairliúcháin

Liosta Acrainmneacha

ASD	Neamhord de chuid Speictream an Uathachais
TNF	Tús Níos Fearr
CCC	Coiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae
GTEC	Grúpa Tras-Earnála um Chur i bhFeidhm
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
RLGÓ	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
RS	An Roinn Sláinte
COLÓ	Cúram agus Oideachas na Luath-Óige
ODRSO	Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu
SLB	Speisialtóir Luathbhlianta
SSLB	Seirbhís Speisialaithe Luathbhlianta
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
GIR	Grúpa Idir-Rannach
PTF	Príomhtháscairí Feidhmíochta
GCÁ	Grúpa um Chur i bhFeidhm Áitiúil
CNOS	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
FNCB	Foireann Náisiúnta um Chomhordú agus Bainistíocht
TRNLB	Tionscnamh Náisiúnta Rochtana Luathbhlianta
SNFCLB	Seirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta Luathbhlianta
ÚNM	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
CNC	Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
SMCLDÓ	Seirbhísí Míchumais a Chur chun Cinn do Leanaí agus Daoine Óga
PIP	Ardán um Chur i bhFeidhm Cláir
OALGNÓ	Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
CRS	Cúntóir Riachtanas Speisialta
EDC	Eagraíocht Dheonach Chúram Leanaí
CL	Coibhéis Lánaimseartha

Buíochas

Ba mhaith leis an nGrúpa Idir-Rannach (an GIR) buíochas ó chroí a ghlacadh leo seo a leanas:

- Na daoine go léir siúd a chuir leis an bpróiseas comhairliúcháin, ina measc ionadaithe leanaí atá faoi mhíchumas, tuismitheoirí leanaí atá faoi mhíchumas, soláthraithe agus cleachtóirí luathbhlianta, acadóirí agus déantóirí beartais luathbhlianta.
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais as an imeacht comhairliúcháin a eagrú agus a óstáil in Iúil.
- Luath-Óige Éireann as freastal ar a chéad chruinniú agus cur i láthair a dhéanamh.
- Comhaltaí éagsúla foirne FSS, an Chlinic Lárnaigh Íocshláintigh agus Coistí Cúram Leanaí Contae as an eolas agus an taithí a bhí acu a roinnt agus cabhrú leis an GIR chun tástáil a dhéanamh ar inoibritheacht roinnt gnéithe den tsamhail.
- Meg Stapleton, Intéirneach Iarchéime

1.0 Achoimre Feidhmiúcháin

1.1 Cuspóir agus Cúlra

Bunaíodh an GIR i Meitheamh 2015 chun comhaontú a dhéanamh ar shamhail a thacódh le rochtain ar Chlár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (COLÓ) do leanaí atá faoi mhíchumas. Áiríodh leis an GIR oifigigh shinsearacha ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an RLGÓ), an Roinn Oideachais agus Scileanna (an ROS) agus an Roinn Sláinte (an RS). Áiríodh leis, chomh maith, ionadaithe ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an Chigireacht Náisiúnta Luathbhlianta ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS), an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (an ÚNM), Seirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta Luathbhlianta Tús Níos Fearr (SNFCLB) agus na Coistí Cúram Leanaí Cathrach/Contae (CCCanna).

Bhunaigh an GIR a chuid conclúidí ar fhianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta agus rinne sé comhairliúchán le réimse páirtithe leasmhara. Tá an GIR sásta gur samhail leanbhliánaithe (agus tuismitheoirliánaithe) í seo a chruthóidh cleachtas fórchuimsitheach ar bhealach inoibrithe agus inbhuanaithe agus go gcruthóidh sí oibriú éifeachtach trasearnála idir an t-oideachas agus an tsláinte.

Aithníonn an GIR na hollsochair a chruthaítear do leanaí atá faoi mhíchumas trí fhreastal ar réamhscoileanna príomhshrutha; aithníonn an GIR, anuas air sin, go leanfaidh seirbhísí speisialaithe réamhscoile ó líon beag leanaí i ngeall ar na riachtanais an-chasta a eascraíonn óna míchumas. Molann an GIR, de réir mar a thagann forbairt ar an tsamhail agus go gcuireann suíomhanna COLÓ lena n-acmhainní chun tacú le leanaí ag a bhfuil riachtanais chasta, dhéanfaidh Grúpa Trasearnála um Chur i bhFeidhm (GTEC) monatóireacht ar dhul chun cinn. Molann an GIR, lena chois sin, go ndéanfaí athbhreithniú foirmiúil ar an bhféidearthacht chun seirbhísí a aistriú i ndiaidh trí bliana.


1.2 An tSamhail a Mholtar

Díríonn an tsamhail a bheartaítear ar leibhéal forbarthach leanaí atá faoi mhíchumas, a gcumas feidhmiúil agus a riachtanais. Ní dhíríonn sí ar dhiagnóisiú, agus in aon chás ar bith, aithníonn sí go bhféadfadh nach ndearnadh diagnóisiú foirmiúil ar leanaí ag an tráth a tháinig siad i láthair na réamhscoile.

Léirítear sa ghrafaic a leanas achoimre ar an tsamhail chomhaontaithe. Léirítear ann seacht leibhéal de thacaíocht a mholann an GIR chun cuimsiú iomlán agus bríoch rannpháirtíocht leanaí atá faoi mhíchumas a chumasú i gClár COLÓ. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an tsamhail ó roinnt tacaíochtaí uilíocha do gach leanbh atá faoi mhíchumas (i.e. Leibhéal 1 go 4) go dtí tacaíochtaí níos spriocdhíríte (i.e. Leibhéal 5 go 7) do leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu a eascraíonn ó mhíchumas.

Shoiléirigh an GIR go nglacfaidh sé roinnt ama ar an tsamhail seo a bheith go hiomlán bunaithe mar gheall gur gá cur le hacmhainní san earnáil luathbhlianta, ach comhaontaíonn an GIR gurb éard a bheidh mar thoradh ar infheistíocht tús-ualaithe agus leanúnach ná go bhfreastalófar ar riachtanais gach linbh atá in aois réamhscoile atá faoi mhíchumas.

Samhail chun Tacú le Rochtain ar Chlár COLÓ
do Leanaí faoi Mhíchumas



Leibhéal 1: Cultúr Cuimsitheach: Is ionann an leibhéal seo agus an bhunchloch ríthábhachtach don tsamhail. Leagtar amach ann seo nach mór cultúr tréan cuimsithe a chothú agus a leabú chun tacú le rannpháirtíocht uasta gach linbh i gClár COLÓ. I measc na moltaí, tá beartas náisiúnta cuimsithe a fhorbairt le haghaidh COLÓ, Comhordaitheoir Cuimsithe a shainnithint i ngach suíomh COLÓ, cistiú a chur ar fáil chun oiliúint a sholáthar i gcuimsiú do na cleachtóirí seo luathbhlianta agus do chleachtóirí eile, anuas ar mhéadú beag ar chaipitíocht le haghaidh suíomhanna COLÓ a chomhlíonann roinnt critéar chun cleachtas atá go hiomlán cuimsitheach a dhreasú.

Leibhéal 2: Faisnéis do Thuismitheoirí agus do Sholáthraithe: Aithníonn an leibhéal seo an ga bhíonn ag tuismitheoirí agus ag soláthraithe chun rochtain a bheith acu ar fhaisnéis shoiléir, chomhsheasmhach agus chothrom le dáta maidir le seirbhísí agus tacaíochtaí COLÓ. I measc na moltaí, tá láithreán gréasáin náisiúnta a fhorbairt atá nasctha le gach seirbhís ábhartha leanaí agus le pacáí faisnéise a fhorbairt ar féidir iad a sholáthar ar leibhéal áitiúil.

Leibhéal 3: Lucht Saothair Cáilithe agus Muinéeach: Aithníonn an leibhéal seo an riachtanas chun leanúint le lucht saothair cáilithe a fhorbairt ar féidir leis freastal go muinéeach ar riachtanais gach linbh ar mian leo páirt a ghlacadh i gClár COLÓ. Tacaíonn sé leis an moladh ón GIR maidir le hInfheistíocht Amach Anseo a dhéanamh i gCúram agus Oideachas Luathbhlianta agus Aois Scoile (Cúram i nDiaidh Am Scoile agus Amach ón Scoil san áireamh) chun leanúint leis an gcáilíocht íosta le haghaidh fostaíochta san earnáil a ardú. Lorgaíonn sé, chomh maith leis sin, cistiú tiomnaithe le haghaidh oiliúint fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil agus go gcuirtear struchtúr i bhfeidhm leis an gcéanna a chinntiú.

Leibhéal 4: Comhairle agus Tacaíocht Shaineolach Oideachais: Téann an leibhéal seo i ngleic le riachtanais chleachtóirí luathbhlianta ar fud na tíre go mbeidh rochtain thráthúil acu ar chomhairle agus tacaíocht ó shaineolaithe in oideachas luathbhlianta (agus ar oideachas míchumais, ach go háirithe) chun cabhrú leo freastal ar riachtanais gach linbh. Molann an leibhéal seo feabhas a chur ar Sheirbhís Speisialaithe Luathbhlianta Tús Níos Fearr (SSLB) a bunaíodh in 2014.

Leibhéal 5: Deontas Caipitil do Threalamh, d'Fhearais agus do Mhionathruithe: Aithnítear sa leibhéal seo go dteastaíonn trealamh, fearais, teicneolaíocht chúnta speisialaithe ó roinnt leanaí agus/nó go bhféadfadh mionathruithe struchtúracha bheith ag teastáil ó roinnt suíomhanna COLÓ lena chinntiú gur féidir le leanaí atá faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i gClár COLÓ. Moltar sa leibhéal seo go soláthraítear cistiú bliantúil, go mbunaítear próiseas deontais agus iarratais chun rochtain a fháil ar na tacaíochtaí.

Leibhéal 6: Idirghabháil Theiripeach: Déantar soláthar sa leibhéal seo do rochtain ar sheirbhísí teiripeacha sa chás go mbaineann ríthábhacht leo lena chumasú an leanbh a chlárú, agus chun páirt iomlán a ghlacadh, i gClár COLÓ. Moltar ann go gcuirfear breis feabhais ar Sheirbhísí Teiripe FSS lena chumasú tús áite a thabhairt don ghné thábhachtach seo de luath-idirghabháil.

Leibhéal 7: Cúnamh Breise sa Seomra Réamhscoile: Aithnítear sa leibhéal seo go dteastóidh breis tacaíochta ná mar a chuirtear ar fáil trí Leibhéil 1-6 ó líon beag leanaí (thart ar 1.0%-1.5% díobh siúd a ghlacann páirt i gClár COLÓ). Molann an GIR go soláthraítear caipitíocht bhreise do sholáthraithe sa chás gur léirigh próiseas iarratais nach bhfreastalaíonn nó nach bhfreastalóidh tacaíochtaí Leibhéal 1-6, leo féin, ar riachtanais an linbh. Déanfar comhaontú ar an gcaipitíocht bhreise leis an soláthraí agus leis an tuismitheoir. Féadfaidh an soláthraí í a úsáid chun tacaíocht bhreise a cheannach isteach, an cóimheas foirne/leanaí a laghdú, nó ar chuspóirí sonrath eile, atá dírithe go léir ar thacú leis an gceannasaí réamhscoile chun rannpháirtíocht optamach an linbh a chinntiú.

1.3 Costas, Amfhráma agus Maoirseacht

Meastar go gcosnóidh an tsamhail thuas €13.75m in 2016, €8.3m breise in 2017 agus €1m breise in 2018 agus in 2019. Faoi 2019, meastar gurb ionann a bheidh costas bliantúil na samhla agus thart ar €24m. Cuirfidh an tsamhail, a luaithe a bhunófar í, ar chumas roinnt oideachais, agus acmhainní sláinte agus cúraim shóisialta a athdháileadh do thosaíochtaí eile laistigh de na hearnálacha siúd. Bhí an GIR feasach ar dhúshláin leanúnacha fhioscacha in Éirinn agus, ar an ábhar sin, is ionann na costais a leagtar amach sa Tuarascáil seo agus iad siúd a chreideann an GIR a léiríonn éifeachtúlacht uasta i samhail inbhuanaithe tacaíochta a bhunú agus a sholáthar.

Má shaináithnítear cistiú go déanach in 2015, d'fhéadfadh gnéithe áirithe den tsamhail a bheith i bhfeidhm faoi Mheán Fómhair 2016 agus d'fhéadfaí cur leo i gcaitheamh 2017 agus 2018. Ní mór an bhéim a leagan air go nglacfaidh sé roinnt blianta ar chumas san earnáil a fhorbairt go hiomlán. Mar shampla, glacfaidh sé roinnt blianta d'infheistíocht agus de dheiseanna ón lucht saothair chun feabhas a chur ar a cháilíochtaí agus a mhuintín chun freastal go hiomlán ar riachtanais gach linbh ag a bhfuil riachtanais chasta.

Déanfaidh Foireann Náisiúnta um Chomhordú agus Bainistíocht (FNCCB) sa RLGÓ maoirseacht ar chur i bhfeidhm na Tuarascála seo faoi threoir Grúpa Trasearnála um Chur i bhFeidhm (GTEC). Beidh an Grúpa Trasearnála seo freagrach as éifeachtacht agus éifeachtúlacht uasta a chinntiú sa soláthar.

Glactar leis sa tsamhail seo nach ndéanfar aon athruithe ar sholáthar Chlár COLÓ agus bhunaigh an tsamhail gach costas ar an tsamhail reatha soláthair. Tá aird ag an GIR, áfach, ar roghanna éagsúla le haghaidh infheistíocht amach anseo, faoi mar a leagtar amach i dTuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh um Infheistíocht Amach Anseo i gCúram agus Oideachas Luathbhlianta agus Aois Scoile. Baineann an rogha chun an soláthar reatha réamhscoile saor in aisce a shíneadh go mór le hábhar d'fhonn go gcáileofaí leanaí do Chlár COLÓ ó aois 3 bliana go dtí an tráth sin a d'aistreofaí iad go dtí scolaíocht fhoirmiúil (féach Aguisín 2 chun teacht ar bhreis sonraí agus Aguisín 3 chun teacht ar chostais choigeartaithe don tsamhail seo, a chuireann san áireamh an soláthar sínte réamhscoile saor in aisce sin).

2.0 Réamhrá

Ní leor an comhordú agus an soláthar reatha tacaíochtaí do leanaí réamhscoile atá faoi mhíchumas, i roinnt cásanna, lena chumasú leanaí atá faoi mhíchumas chun páirt a ghlacadh i suíomhanna príomhshrutha COLÓ. Ní féidir le roinnt leanaí rochtain a fháil ar na suíomhanna seo, agus níl a gcumas á bhaint amach ag roinnt leanaí, fad a fhreastalaíonn ar réamhscoil, i ngeall ar easnaimh i dtacaíochtaí cuí. Cé go bhfuil roinnt tacaíochtaí i bhfeidhm (faoi mar a phléitear thíos), tá neamh-chomhsheasmhacht i gceist i soláthar tacaíochtaí ar fud na tíre.

Baineann ríthábhacht leis na luathbhlianta i dtaobh gach linbh, ach go háirithe i dtaobh leanaí atá faoi mhíchumas. Ó 2010 i leith, chistigh an RLGÓ Clár COLÓ ar chostas bliantúil €175m a aithníonn an tábhacht a bhaineann le cúram agus oideachas luath-óige. Cistítear os cionn 4,300 seirbhís ar fud na hÉireann faoi láthair chun rochtain a sholáthar ar Chlár COLÓ. Cé go léiríonn figiúirí reatha go nglacann 95% de leanaí incháilithe páirt sa Chlár seo, bíonn líon beag leanaí atá faoi mhíchumas, agus a dteaghlai, thíos le deacrachtaí chun rochtain a fháil ar áit ar an gClár agus áit a choimeád ar an gClár.

Tá an RLGÓ tiomanta do chinntiú go mbíonn an deis ag gach leanbh chun rochtain a fháil ar agus tairbhe a bhaint ó Chlár COLÓ. Rinneadh iarrachtaí éagsúla praiticiúla le blianta beaga anuas chun tacú le soláthar príomhshrutha do leanaí atá faoi mhíchumas. Ina measc seo, tá: rialacha níos solúbtha maidir le rochtain ar Chlár COLÓ, cistiú a sholáthar ag FSS ar bhonn ad hoc i dtreo costas cúntóirí tacaíochta réamhscoile i roinnt limistéar, modúil roghnacha ar riachtanais speisialta i gcúrsaí éigeantacha le haghaidh cleachtóirí luathbhlianta, tionscnaimh ag CCCanna, FSS / seirbhísí atá cistithe ag FSS, agus trí SSLB Tús Níos Fearr chun tacú le soláthraithe óna dteastaíonn comhairle agus treoir shaineolach. Chomh maith leis sin, baineann tábhacht le atheagrú leanúnach seirbhísí teiripe mhíchumais isteach i bhfoirne ildisciplíneacha tíreolaíochtbhunaithe ag FSS faoi Chlár um Sheirbhísí Míchumais a Chur chun Cinn do Leanaí agus Daoine Óga (SMCLDÓ) FSS agus faoin luath-idirghabháil agus tacaíocht a sholáthraíonn foirne athchumraithe i dtaobh príomhshruthú a dhéanamh. Dá ainneoin, tá easnaimh shoiléire ann sa soláthar agus go dtí an t-am i láthair; tá easpa comhaontaithe ann i measc Ranna Rialtais maidir le conas rochtain chothrom agus chuimsitheach a chinntiú ar Chlár COLÓ.

Rinne Grúpa Oibre 2010 um Chuimsiú Leanaí atá faoi Míchumas i Suíomhanna Réamhscoile Príomhshrutha, ar a raibh Oifig Míchumais agus Meabhairshláinte ina cathaoirleach, agus lenár áiríodh ionadaithe ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OALGÓ) agus an ROS, roinnt dul chun cinn. Cuimsíodh i gCreat Beartais an Ghrúpa comhaontú ar an gcur chuige beartais i leith príomhshruthú, ach gan soláthar tacaíochtaí a áireamh. Rinneadh breis oibre ar an gceist trí shocruithe na Foirne Trasearnála atá i bhfeidhm idir an RLGÓ (a bunaíodh in 2011, a tháinig in ionad an OALGÓ), an ROS, an RS agus a gcuid gníomhaireachtaí. Chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo ag leanúint ar aghaidh amach anseo, comhaontaíodh i measc Ard-Rúnaithe an RLGÓ, an ROS agus an RS go mbunófar GIR i Meitheamh 2015 a bheadh freagrach as samhail a chur i láthair don Rialtas i Meán Fómhair. Chomhaontaigh an RLGÓ chun ceannas a ghlacadh ar an tsaincheist, le tacaíocht iomlán agus ghníomhach ón ROS, an RS (agus a ngníomhaireachtaí faoi seach).

2.1 Aidhm

Bhí d'aidhm ag an GIR chun samhail atá go hiomlán costáilte a fhorbairt agus a chomhaontú chun tacú le leanaí atá faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar Chlár COLÓ i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha. Is féidir teacht ar chóip de bhallaíocht an GIR ag Aguisín 1.

2.2 Fís

Beidh gach leanbh, leanaí atá faoi mhíchumas ina measc, in ann páirt bhríoch a ghlacadh i gClár COLÓ i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha (seachas i gcásanna eisceachtúla ina dteastaíonn soláthar speisialaithe ar chúiseanna dosheachanta).

2.3 Prionsabail threoracha

Rinne an Grúpa breithniú ar phrionsabail ó thionscnaimh éagsúla ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus rinne sé comhaontú, ar deireadh, go dtreoródh an tsraith prionsabal a leanas samhail chuí a fhorbairt:-

Comhsheasmhach: Ba cheart go mbeadh soláthar tacaíochtaí agus seirbhísí COLÓ do leanaí atá faoi mhíchumas comhsheasmhach ar fud na tíre.

Éifeachtúil agus éifeachtach: Ba cheart go mbeadh meicníochtaí um chur i bhfeidhm, monatóireachta agus freagrachta agus línte freagrachta chun tacaíochtaí agus seirbhísí COLÓ a sholáthar do leanaí atá faoi mhíchumas, i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm tráthúil agus éifeachtach a chur chun cinn.

Cothrom: Ba cheart go mbeadh comhionannas deiseanna ag gach leanbh chun rochtain a fháil ar agus páirt a ghlacadh i gclár COLÓ.

Curtha ar an eolas ag fianaise: Ba cheart go mbeadh tacaíochtaí agus seirbhísí COLÓ do leanaí atá faoi mhíchumas curtha ar an eolas ag fianaise.

Ar chaighdeán ard: Ba cheart go mbeadh tacaíochtaí agus seirbhísí COLÓ do leanaí atá faoi mhíchumas ar chaighdeán ard.

Cuimsitheach: Ba cheart go soláthrófaí Clár COLÓ do leanaí atá faoi mhíchumas ar bhonn cuimsiú laistigh de shuíomhanna réamhscoile príomhshrutha (seachas i gcásanna eisceachtúla

ina dteastaíonn soláthar speisialaithe ar chúiseanna dosheachanta).

Comhtháite:

Ba cheart go ndéanfaí tacaíochtaí agus seirbhísí do leanaí atá faoi mhíchumas a dhearadh agus a sholáthar i gcomhpháirtíocht le gach páirtí leasmhar, teaghlaigh agus soláthraithe réamhscoile ina measc.

Bunaithe ar riachtanais: Ba cheart go mbeadh soláthar tacaíochtaí agus seirbhísí COLÓ do leanaí atá faoi mhíchumas bunaithe ar riachtanais.

2.4 Sainmhínte

ciallaíonn **'riachtanais bhreise chasta'** deacrachtaí an-suntasacha a thagann chun solais ó riachtanais sheasmhacha fhisiciúla, chéadfacha, shóisialta, chumarsáide, foghlama, leighis, mhothúchánacha nó iompraíochta ar dheimhnigh measúnú a rinneadh orthu go bhfuil siad casta; sa chás gur deimhníodh go dteastaíonn cúnamh breise ó dhaoine fásta chun idirghabháil dhian agus tacaíocht indibhidiúlaithe a sholáthar; agus, nach mbeadh rannpháirtíocht i réamhscoil bríoch ná sábháilte gan an cúnamh sin.

ciallaíonn **'leanbh'** leanbh atá idir 3 bliana agus 2 mhí agus 4 bliana agus 7 mí d'aois an 1 Meán Fómhair sa bhliain ina gcláraítear iad i suíomh na réamhscoile.

ciallaíonn **'riachtanais chasta'** leibhéal eisceachtúil de riachtanas óna dteastaíonn rochtain ar fhoirne míchumas leanaí nó foirne speisialaithe FSS.

ciallaíonn **'[daoine atá faoi] míchumas'** iad siúd ar a bhfuil lagú fadtéarmach fisiciúil, meabhrach, intleachta nó céadfach, a d'fhéadfadh bac, in idirghníomhú le bacainní éagsúla, a chur ar rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach linbh sa tsochaí ar chomhbhonn le leanaí eile.

ciallaíonn **'Clár COLÓ'** an bhliain réamhscoile saor in aisce a sholáthraítear do gach leanbh incháilithe, atá sa réimse aoise idir 3 bliana agus 2 mhí agus 4 bliana agus 7 mí, sula gcuireann siad tús leis an mbunscoil.

ciallaíonn **'réamhscoil'** suíomhanna atá cistithe trí Chlár COLÓ agus ar a bhfreastalaíonn leanaí a bhfuil forbairt thipiciúil ag teacht orthu agus iad siúd atá faoi mhíchumas ar aon.

ceanglaíonn **'freastal réasúnta'** (i gcomhréir leis an Acht um Stádas Comhionann, 2000) ar sholáthraithe earraí agus seirbhísí chun freastal ar riachtanais daoine atá faoi mhíchumas trí athruithe réasúnta a dhéanamh ar an méid a dhéanann sia agus conas a dhéanann siad an méid sin sa chás go mbeadh sé an-deacair nó dodhéanta do dhaoine atá faoi mhíchumas chun na hearraí nó na seirbhísí siúd a fháil (mura gcosnaíonn sé níos mó ná costas ainmniúil¹) gan na hathruithe seo a bheith i gceist

1 Gnáthdhíolúine ainmniúil: Braithfidh an bhrí a bheidh le costas ainmniúil ar chúinsí gach cáis. Rinneadh breithniú i gcás fostaíochta Éireannach ar "costas ainmniúil". Luaigh sé go bhféadfadh nach ionann "[costas] ainmniúil i measc gach fostóra nó frontair agus féadtair léirthiscint a bhaint den téarma ar bhealach coibhneasta. Ní hionann costas ainmniúil i bhfontair mór a fhostaíonn na mílte duine agus an bhrí a bheidh leis i ngnólacht beag a fhostaíonn beirt nó tríúr fostaíthe". (Foinse: IHREC)

ciallaíonn **'réamhscoil speisialta'** seirbhís réamhscoile nach bhfreastalaíonn ach ar leanaí atá faoi mhíchumas, a gcistíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó gníomhaireachtaí atá cistithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte í, de ghnáth, faoi na hAchtanna Sláinte.

Glacann na sainmhínte seo leis nach ndéanfar aon athrú ar sholáthar Chlár COLÓ. Tá aird ag an GIR, áfach, ar roghanna éagsúla le haghaidh infheistíocht amach anseo, faoi mar a leagtar amach i dTuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh um Infheistíocht Amach Anseo i gCúram agus Oideachas Luathbhlianta agus Aois Scoile. Baineann an rogha chun an soláthar reatha réamhscoile saor in aisce a shíneadh go mór le hábhar d'fhonn go gcáileofaí leanaí do Chlár COLÓ ó aois 3 bliana go dtí an tráth sin a d'aistreofaí iad go dtí scolaíocht fhoirmiúil (féach Aguisín 2 chun teacht ar bhreis sonraí). D'éascródh go ndéanfaí athrú áirithe ar an sainmhíniú a thugtar ar 'leanbh' agus ar 'Clár COLÓ' as an rogha seo.

2.5 Próiseas

Bhain an GIR leas as an bhfianaise fhairsing a bhí ar fáil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, chun réamhshamhail a dhréachtú chun tacú le rochtain ar Chlár COLÓ do leanaí atá faoi mhíchumas. Chun faisnéis a sholáthar d'fhorbairt na réamhshamhla seo, bhain an GIR leas as ábhar ábhartha, a tháinig chun solais ó chomhairliúchán a rinneadh le déanaí le tuismitheoirí, muintir an phobail agus leis an earnáil luathbhlianta chun faisnéis a sholáthar do bhreithniúcháin a rinneadh ar an nGrúpa Idir-Rannach um Infheistíocht Amach Anseo i gCúram agus Oideachas Luathbhlianta agus Aois Scoile (déantar cur síos air seo i Mír 4.0).

Rinneadh an réamhshamhail a chur faoi bhráid réimse fairsing páirtithe leasmhara, ina dhiaidh sin, ag imeacht comhairliúcháin, a reáchtáil agus a d'éascaigh an ÚNM agus ar ar fhreastail an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Chomh maith leis sin, d'fhreastail ionadaithe leanaí atá faoi mhíchumas, tuismitheoirí leanaí atá faoi mhíchumas, soláthraithe luathbhlianta, CCCanna, Eagraíochtaí Deonacha Cúram Leanaí (EDCanna) agus acadóirí agus déantóirí beartais luathbhlianta ar an imeacht seo, chomh maith (féach Aguisín 4).

Chabhraigh roinnt plé a rinneadh leis an bhfoireann ó CCCanna agus ó FSS / Eagraíochtaí Deonacha atá cistithe ag FSS le measúnú a dhéanamh ar conas a d'oibreodh an tsamhail i gcleachtas agus rinneadh an tsamhail a chuíchóiriú bunaithe ar an bplé seo.

Chas an GIR ar a chéile gach coicís. Tugadh cuireadh do Luath-Óige Éireann chun cur i láthair a dhéanamh ag a chéad chruinniú.

3.0 Comhthéacs Náisiúnta

3.1 Clár COLÓ

Déanann an RLGÓ os cionn ceathrú billiún euro a infheistiú gach bliain i luathbhlianta. Dírítear formhór na hinfheistíochta seo, thart ar €240m, ar na cláir náisiúnta chúram leanaí a leanas:

- Clár an Fhóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal (DCL),
- na Cláir Oiliúna agus Fostaíochta i gCúram Leanaí (OFC), agus
- Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLO).

Thug an RLGÓ an bhliain réamhscoile saor in aisce isteach faoi Chlár COLÓ in Eanáir 2010. Is é cuspóir an Chláir seo chun luathfhoghlaim i suíomh foirmiúil a chur ar fáil do leanaí incháilithe i gcaitheamh na bliana sula gcuireann siad tús leis an mbunscoil. Ní mór go mbíonn leanaí a gcuirtear an Clár ar fáil dóibh bheith idir 3 bliana agus 2 mhí agus 4 bliana agus 7 mí d'aois an 1 Meán Fómhair sa bhliain ina gcláraítear iad sna seirbhísí. Faoi gClár, íocann an Stát táille chaipitíochta le seirbhísí rannpháirteacha. Faoi láthair, faigheann seirbhísí rannpháirteacha táille chaipitíochta €62.50 sa tseachtain in aghaidh an linbh cháilithigh a fhreastalaíonn. Tá fáil ar tháille chaipitíochta níos airde €73 sa tseachtain ag na seirbhísí siúd a bhfuil foireann acu a bhain cáilíocht níos airde amach (i.e. Dámhachtain Oideachais Leibhéal 7 nó os a chionn). Is ionann seo agus infheistíocht bhliantúil thart ar €175 milliún. Tá nach mór gach seirbhís réamhscoile (os cionn 4,300) sa Stát ag glacadh páirte, agus meastar go gcuirfean an Clár ar fáil in 2015 do 68,000 leanbh, ar a mhéid, nó 95% den chohórt incháilithe aoise. Is ionann gnáthphátrún an tsoláthair saor in aisce le haghaidh seirbhísí agus 3 huaire an chloig sa lá, 5 lá sa tseachtain, i gcaitheamh 38 seachtain.

Leanaí atá faoi mhíchumas agus COLÓ

Bíonn leanaí atá faoi mhíchumas díolmhaithe ón teorainn uachtarach aoise le haghaidh Chlár COLÓ (cé gur fearr go n-aistrítear na leanaí seo go dtí naíonáin bheaga i dteannta an phiarghrúpa atá ar an aois chéanna). Tá na leanaí seo i dteideal an Clár a shíneadh thar dhá bhliain, chomh maith, ar bhonn pro-rata, e.g. go bhfreastalaíonn siad ar sheirbhísí ar feadh 2 lá sa tseachtain sa chéad bhliain agus go bhfreastalaíonn siad 3 lá sa dara bliain. Glacann go leor leanaí atá faoi mhíchumas páirt i gClár COLÓ gan na díolúintí seo a lorg, mar sin, cé go bhfuil 544 leanbh ann atá faoi mhíchumas a bhfuil na díolúintí seo á gcur ar fáil dóibh do Chlár ratha COLÓ, sháródh go mór an líon leanaí atá faoi mhíchumas a gcuirtear Clár COLÓ ar fáil dóibh an figiúr seo. Níl ach sonraí teoranta ar fáil ar leibhéal míchumais na leanaí seo.

Tugann figiúirí ón Suirbhé Bliantúil is déanaí a rinne Pobal ar Sheirbhísí Luathbhlianta le tuiscint go meastar go bhfuil 5,507 leanbh atá faoi mhíchumas ag freastal ar sheirbhísí luathbhlianta ar fud na hÉireann. Tagraíonn na figiúirí seo do gach leanbh a fhreastalaíonn ar sheirbhísí luathbhlianta, ní hamháin na leanaí siúd a bhfuil Clár COLÓ á chur ar fáil dóibh. Thug os cionn leath na soláthraithe pobail (52.6%) le fios go bhfuil ar a laghad leanbh amháin atá faoi mhíchumas ag freastal orthu, i gcomparáid leis sin, thug 43.8% de sholáthraithe príobháideacha an rud céanna le fios. Thug soláthraithe

príobháideacha le fios go raibh líonta níos airde de chúntóirí réamhscoile ina seirbhísí i gcomparáid le soláthraithe pobail. As na 365 seirbhís a d'fhreagair ceisteanna faoi chúntóirí réamhscoile, tuairiscíodh 3,395 uair an chloig, ar an iomlán, i measc 338 seirbhís, ónar eascair gur chaith cúntóirí réamhscoile 9.3 uair an chloig in aghaidh na seirbhíse, ar an meán. Ba í an chatagóir aonair ba mhó de mhíchumas a tugadh le fios catagóir Neamhord Speictream an Uathachais (NSU).

3.2 Comhthéacs reachtaíochta agus beartais

3.2.1 Príomhshruthú Míchumais

Thug an Straitéis Náisiúnta Míchumais, a seoladh in 2004, tiomantas do bheartas ina ndéanfaí seirbhísí poiblí a phríomhshruthú do dhaoine atá faoi mhíchumas. Bhuntacaigh roinnt píosáí reachtaíochta leis an Straitéis chun tacú le príomhshruthú, an tAcht um Míchumas, 2005 agus an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (ODRSO), 2004 ina measc. Ceanglaítear in Acht ODRSO an méid a leanas:

Cuirfear oideachas ar leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici i dtimpeallacht chuimsitheach le leanaí nach bhfuil na riachtanais siúd acu mura mbeadh amhlaidh a dhéanamh comhsheasmhach leis an méid seo a leanas i ngeall ar chineál agus ar mhéid riachtanais siúd an linbh:

- *Sár-leas an linbh faoi mar a chinntear i gcomhréir le haon mheasúnú faoina dtugtar faoin Acht seo;*
- *Soláthar éifeachtach oideachais do leanaí a bhfuil oideachas le cur ar an leanbh ina dteannta.*

Bíonn sé ina chonclúid ag na hathbhreithnithe móra ar an litríocht thurgnamhach a dhéanann comparáid idir leanaí atá faoi mhíchumas i measc suíomhanna cuimsitheacha príomhshrutha agus suíomhanna leithdheighilte go n-éiríonn a fheabhas le leanaí, ar a laghad, i suíomhanna cuimsitheacha príomhshrutha i dtaobh torthaí forbartha agus go n-éiríonn níos fearr leo i dtaobh torthaí sóisialta agus iompraíochta i suíomhanna cuimsitheacha. Thug torthaí taighde ní ba luaithe le fios go raibh an fhianaise i leith dea-thorthaí ó shuíomhanna príomhshrutha cuimsitheacha bunaithe go mór ar staidéar a rinne scrúdú ar shuíomhanna ardchaighdeán. Dheimhnigh taighde a rinneadh ina dhiaidh sin go mbaineann ríthábhacht le caighdeán foriomlán na réamhscoile d'fhonn go mbainfidh leanaí atá faoi mhíchumas torthaí maithe amach i suíomhanna cuimsitheacha príomhshrutha. Níl aon fhianaise ann sa litríocht a foilsíodh go mbaineann leanaí ar a dtagann forbairt thipiciúil i seomraí ranga cuimsitheacha réamhscoile torthaí níos ísle ná a bpiaraí i suíomhanna neamhchuimsitheacha.

3.2.2 Na hAchtanna um Stádas Comhionann

Cuirtear toirmeasc sna hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2004 ar idirdhealú i measc soláthraithe seirbhíse (lena n-áirítear iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí scoile) ar fhorais mhíchumais. Ceanglaítear sna hAchtanna seo chun freastal go réasúnta ar dhaoine atá faoi mhíchumas, sa chás go mbeadh an costas ar amhlaidh a dhéanamh ainmniúil.

3.2.3 Acht na Leanaí, 1991 agus Rialacháin 2006

Leagtar dualgas dlíthiúil san Acht um Chúram Leanaí, 1991 ar sholáthraithe réamhscoile chun gach beart réasúnta chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí réamhscoile a chosaint a fhreastalaíonn ar an tseirbhís agus chun rialacháin faoin Acht a chomhlíonadh. Ceanglaítear sna Rialacháin um Chúram Leanaí (Réamhscoil), 2006 ar sheirbhísí réamhscoile an méid a leanas a chinntiú:

go n-éascaítear foghlaim, forbairt agus folláine gach linbh laistigh de bheatha laethúil na seirbhíse trí dheiseanna, taithí, gníomhaíochtaí, idirghníomhú, ábhair agus trealamh a sholáthar, agus aird ar aois agus céim forbartha an linbh agus ar chomhthéacs cultúrtha an linbh.

3.2.4 Ionstraimí Dlí Idirnáisiúnta

Aithnítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, a dhaingnigh Éire agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine faoi Mhíchumas, a shínigh Éire agus a bhfuil ullmhúcháin á ndéanamh aici lena dhaingniú, an ceart atá ag an leanbh chun a n-oideachas a fháil i suíomhanna príomhshrutha.

Luaitear in Airteagal 23 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh go n-aithníonn sínitheoirí an méid a leanas:

riachtanais speisialta linbh faoi mhíchumas, soláthrófar cúnamh sínte ... saor in aisce, pé uair is féidir, agus aird ar acmhainní airgeadais na dtuismitheoirí nó daoine eile a sholáthraíonn cúram don leanbh, agus dearfar an cúnamh sin lena chinntiú go bhfuil rochtain éifeachtach ag an leanbh faoi mhíchumas ar agus go gcuirtear oideachas, oiliúint, seirbhísí cúram sláinte, seirbhís athshlánúcháin, ullmhú d'fhostaíocht agus deiseanna áineasa ar fáil dó/di ar bhealach a éascaíonn go mbaineann an leanbh an lánpháirtíú sóisialta agus an fhorbairt indibhidiúil is mó agus is féidir amach.

Luaitear in Airteagal 24 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine faoi Mhíchumas an méid a leanas:

Ní dhéantar daoine atá faoi mhíchumas a fhágáil ar lár ón gcóras ginearálta oideachais ar bhonn míchumais

agus

Tugtar an tacaíocht a theastaíonn do dhaoine faoi mhíchumas, laistigh den chóras ginearálta oideachais, chun a n-oideachas éifeachtach a éascú

3.2.5 Straitéisí Trasrialtais

Torthaí Níos Ferr, Todhchaí Níos Gile: Cuimsítear sa Chreat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga (2014) agus i bPlean um Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta

Míchumais (2013) araon, an ceanglas go n-oibreoidh an RLGÓ, an ROS agus an RS i dteannta a chéile chun samhail a fhorbairt chun tacú le cuimsiú leanaí atá faoi mhíchumas i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha.

3.3 Tacaíochtaí agus seirbhísí ábhartha

3.3.1 An RLGÓ, anuas ar na cláir náisiúnta chúram leanaí a chistiú (Clár COLÓ ina measc), glacann an Roinn le príomhfhreagracht (i gcomhpháirtíocht leis an ROS) as cáilíocht a fhorbairt san earnáil trí rud ar a dtugann sí an Clár Cáilíochta Luathbhlianta.

Tugann an Clár Cáilíochta Luathbhlianta réimse beart le chéile atá in ainm is tacú le soláthraithe a thugann faoin dúshlán lena mbaineann feabhas leanúnach a chur ar cháilíocht agus caighdeán seirbhísí luathbhlianta ar fud na tíre. I measc na mbeart seo, tá an méid a leanas:

- Clár Caipitil Luathbhlianta (a sholáthair cistiú tiomnaithe faoina Chlár 2012 chun feabhas a chur ar rochtain míchumais i measc seirbhísí luathbhlianta);
- Ciste Foghlaimeora, a thacaigh le breis agus 3,000 comhalta foirne luathbhlianta chun a gcáilíochtaí a uasghrádú;
- An Chigireacht Náisiúnta Luathbhlianta laistigh den Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a bhfuil an t-údarás Reachtúil acu chun cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí luathbhlianta le sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí a chinntiú laistigh de shuíomhanna luathbhlianta
- Cistiú cigireachtaí seirbhísí luathbhlianta atá dírithe ar oideachas a sholáthraíonn Clár COLÓ (faoina dtugann Cigireacht an ROS)
- Cistiú bliantúil chun tacú le hobair 30 CCC agus 6 EDC. Tacaíonn na gníomhaireachtaí seo le seirbhísí luathbhlianta timpeall na tíre trí oiliúint, cláir forbartha gairmiúla leanúnaí, grúpaí líonraithe agus tacaíochta de shaghas braisle
- SSLB Tús Níos Fearr a bunaíodh le déanaí, a sholáthraíonn meantóireacht ar an suíomh do sheirbhísí luathbhlianta, a thacaíonn leo chun tabhairt faoi ghníomhartha um fheabhsú cáilíochta.

3.3.2 Chomh maith leis sin, soláthraíonn **an ROS** roinnt tacaíochtaí agus seirbhísí do leanaí réamhscoile atá faoi mhíchumas.

Ranganna Luath-Idirghabhála:

Tá thart ar 95 rang luath-idirghabhála ann do leanaí ar a bhfuil NSU, a bhfuil thart ar 570 leanbh cláraithe dóibh. Féadtar leanaí a chlárú sna ranganna seo ó aois trí bliana. Is ionann cóimheasa foirne-leanaí sna réamhscoileanna seo agus 1:3, lena n-áirítear múinteoir amháin agus 2 Chúntóir Riachtanas Speisialta (CRS), ar a laghad, atá cáilithe i leith Leibhéal 3 FETAC, ar a laghad.

Sa mhullach air sin, tá 2 réamhscoil ann do na leanaí atá bodhar agus tá thart ar 17 leanbh cláraithe dóibh – réamhscoil amháin i mBaile Átha Cliath agus réamhscoil amháin i gCorcaigh. Is ionann cóimheasa foirne-leanaí sna ranganna

seo agus 1:7, lena n-áirítear múinteoir amháin agus 2 CRS, ar a laghad, atá cáilithe i leith Leibhéal 3 FETAC, ar a laghad.

An Scéim um Theagasc Baile:

Is é cuspóir na Scéime um Theagasc Baile chun seirbhís chúiteach oideachais a sholáthar. Is é an rogha cur chuige go gcuirtear oideachas ar leanaí i suíomhanna scoile, áit a bhféadfadh leanaí rochtain a bheith acu ar mhúinteoirí cáilithe, cláir indibhidiúlaithe oideachais, cúntóirí riachtanas speisialta, curaclam scoile, agus an rogha a bheith acu, sa chás gur féidir agus gur cuí, chun lánpháirtiú agus idirghníomhú iomlán nó páirteach a bheith acu le daltaí eile. Tá Teagasc Baile in ainm is bheith mar sholáthar eatramhach do leanaí amháin nach bhfuil socrúchán ar fáil dóibh ach níor cheart caitheamh leis mar rogha mhalartach ar shocrúchán scoile:

Soláthraíonn scéim um theagasc baile na Roinne cistiú do leanaí, ar roinnt cúiseanna, nach bhfuil in ann freastal ar an scoil. Soláthraíonn an scéim seirbhís chúiteach oideachais, chomh maith, do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bhfuil socrúchán oideachais á lorg acu. Déantar foráil, chomh maith, do luath-idirghabháil do leanaí ar a bhfuil uathachas nach bhfuil in ann rochtain a fháil ar shocrúcháin scoile. Déantar foráil do leanaí ó aois 2.5 bliain ar aghaidh atá ró-óg lena gclárú i rang luath-idirghabhála.

Faigheann leanaí ó aois idir 2.5 bliain agus 3 bliana deontas ón Roinn chun soláthar a dhéanamh do 10 n-uair an chloig de theagasc baile sa tseachtain. I ndiaidh aois 3 bliana a bhaint amach, agus sa chás nach bhfuil aon socrúchán scoile ag an leanbh, méadóidh an leanbh na huaireanta siúd go dtí 20 uair sa tseachtain.

Cabhraíonn an CNOS leis an ROS chun incháilitheacht a dheimhniú don scéim. Ní mór gur múinteoirí cáilithe atá i dteagascóirí nó ní mór go mbíonn cáilíocht Leibhéal 7, ar a laghad, bainte amach acu sa limistéar ábhartha agus go bhfuil siad cláraithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

B'ionann costas iomlán na scéime in 2014 agus €7.5m. Cuireadh an scéim ar fáil do bhreis agus sé chéad leanbh. Íocadh idir €14 agus €18 san uair le teagascóirí.

Múinteoirí ar Cuairt: Soláthraíonn an ROS líonra de mhúinteoirí ar cuairt, chomh maith, a thacaíonn le leanaí atá bodhar/ar a bhfuil lagú éisteachta agus amhairc.

3.3.3 FSS

Sholáthair FSS agus gníomhaireachtaí atá cistithe ag FSS, go traidisiúnta, réimse éagsúil seirbhísí ar fud na tíre chun tacú le leanaí atá faoi mhíchumas chun freastal ar réamhscoileanna príomhshrutha, lena dtuismitheoirí agus le ceannasaithe na réamhscoile. Féadtar a áireamh leis na seirbhísí seo, mar shampla, míchumas ginearálta nó comhairle agus faisnéis a bhaineann go sonrath le leanaí a sholáthar, leanaí réamhscoile a scagadh, measúnuithe, seisiúin teiripe ghrúpa agus aonair, agus cláir oiliúna chaighdeánaithe agus a fhorbraítear go háitiúil araon do thuismitheoirí agus do chleachtóirí réamhscoile. D'éascair

éagsúlacht i struchtúr agus cistiú ar leibhéal áitiúla as soláthar agus acmhainní athraitheacha ar fud na tíre. Chistigh FSS os cionn 300 cúntóir réamhscoile in 2013. B'fhéidir gur cistíodh breis post trí ghníomhaireachtaí deonacha a bhaineann le FSS.

Cistíonn FSS thart ar 15 réamhscoil speisialta atá á reáchtáil ag eagraíochtaí deonacha a fhreastalaíonn ar leanaí atá faoi mhíchumas casta. D'fhéadfadh go bhfuil riochtaí ar leanaí a fhreastalaíonn ar na réamhscoileanna seo óna dteastaíonn ionchur speisialaithe, mar shampla, leanaí ar a ndearnadh taicéastóimí nó leanaí atá faoi mhíchumas tromchúiseach nó trom intleachta. Léiríonn an cóimheas foirne-leanaí i réamhscoileanna speisialta castacht riochtaí na leanaí a fhreastalaíonn orthu agus d'fhéadfadh an cóimheas a bheith a ísle le 1:3. I measc na foirne, d'fhéadfadh múinteoirí nó altraí ann agus is minic go mbíonn ionchur rialta ag réamhscoileanna breise ó sheirbhísí teiripe.

Clár náisiúnta is ea "*Seirbhísí Míchumais a Chur chun Cinn do Leanaí agus Daoine Óga*" (SMCLDÓ) a bhfuil de chuspóir aige dul i ngleic le héagothroime i soláthar seirbhíse agus cur chuige náisiúnta aontaithe a bhaint amach i seirbhísí sláinte míchumais a sholáthar. Is é cuspóir an chláir:-

- Conair shoiléir amháin a bheith ann i leith seirbhísí do gach leanbh atá faoi mhíchumas, i gcomhréir lena riachtanas agus gan aird ar a ndiagnóis, san áit a gcónaíonn siad nó a dtéann siad ar scoil.
- Úsáidtear acmhainní chun an tairbhe optamach a bhaint astu le haghaidh leanaí agus a dteaghlach
- Cothroime i rochtain ar sheirbhísí do gach leanbh atá faoi mhíchumas ar fud na tíre
- Oibríonn Sláinte agus Oideachas le chéile agus i gcomhpháirt le tuismitheoirí chun tacú le leanaí chun a gcumas a bhaint amach

Tá an Clár faoi stiúir FSS i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí neamhriachtúla míchumais, an RS, an ROS agus gníomhaireachtaí gaolmhara. Déanann grúpa náisiúnta oibre an clár a threorú agus a mhaoirsiú agus déanann 24 Grúpa Áitiúil um Fhorfheidhmiú (GÁF), a dhéanann ionadaíocht do sheirbhísí agus do thuismitheoirí, breithniú ar conas is féidir seirbhísí a atheagrú chun struchtúr feabhsaithe a bhaint amach ina gceantar. Tá an Clár seo meáite ar a chinntiú go mbíonn seirbhísí le haghaidh leanaí atá faoi mhíchumas bunaithe ar riachtanais linbh, seachas ar dhiagnóis, agus go gcuirtear seirbhísí ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh pé áit a gcónaíonn siad. Gheobhaidh leanaí ag a bhfuil riachtanais neamhchasta rochtain ar a Líonra Cúraim Phríomhúil áitiúil fad a oibreoidh foirne Luath-Idirghabhála agus Aois Scoile le leanaí ag a bhfuil riachtanais níos casta agus lena dteaghlaigh. Tacóidh seirbhísí speisialaithe leis an dá fhoireann nuair a theastaíonn ardleibhéal saineolais.

Tá céimeanna éagsúla de chur i bhfeidhm bainte amach ag an gClár faoi láthair, agus tá líon limistéar ailínithe leis an struchtúr agus déanann sé aidhmeanna agus cuspóirí an chláir a chur chun cinn faoi láthair, agus beidh an clár curtha i bhfeidhm go hiomlán faoi thráth déanach in 2016. Is faoi na GÁFanna chun

cinneadh a dhéanamh ar conas a thabharfaidh siad na hathruithe isteach i gcomhréir le coinníollacha áitiúla, agus i gcomhpháirt le gach páirtí leasmhar áitiúil. Tá baint ag breis agus 1,000 teiripeoir faoi láthair i seirbhísí a sholáthar a chumhdaítear i gClár an SMCLDÓ. Rinneadh breis agus ocht milliún euro a infheistiú in 2014 agus in 2015 chun tacú le cur i bhfeidhm an chláir. Chríochnaigh an ÚNM staidéar le déanaí a dhírigh ar an ngá atá le breis infheistíochta a dhéanamh i seirbhísí teiripe chun comparáid idirnáisiúnta a bhaint amach.

3.4 Tionscnaimh áitiúla/ samhla dea-chleachtas

Forbraíodh roinnt tionscnaimh áitiúla agus samhla dea-chleachtas timpeall na tíre. D'oibrigh gníomhaireachtaí, ar nós an Chlinic Lárnaigh Íocshláintigh, Baile an tSíbhrigh, Teach Naomh Mícheál, Bráithre na Carthanachta agus Cumas Éireann go héifeachtach le réamhscoileanna chun lámh chúnta a thabhairt do leanaí aonair a chuimsiú. Ar an drochuair, níl aon chomhsheasmhacht ann sa leibhéal nó sa saghas seirbhíse atá ar fáil, agus bíonn éagothroime mhór ann mar thoradh air seo ar fud na tíre. Tá de chuspóir an SMCLDÓ dul i ngleic leis seo.

I measc samplaí de dhea-chleachtas, tá an méid a leanas:

Threoir Mhaigh Eo um Pleanáil Cuimsithe i Suíomhanna Luathbhlianta i Maigh Eo

Treoir um Pleanáil Cuimsithe i Suíomhanna Luathbhlianta i Maigh Eo, a d'fhorbair an Grúpa Oibre Luathbhlianta Míchumais / Cuimsithe Shóisialta i gcomhoibriú le soláthraithe luathbhlianta do leanaí a fhreastalaíonn ar Sheirbhísí Luath-Idirghabhála agus ar Fhoireann Uathachais Mhaigh Eo.

'Prótacal Cuimsithe' Ros Comáin

D'fhorbair Seirbhís Luath-Óige Bhráithre na Carthanachta (BC), Ros Comáin, Seirbhís Luath-Idirghabhála Ros Comáin (SLIRC) agus Coiste Cúram Leanaí Chontae Ros Comáin (atá bunaithe ar phrótacal Mhaigh Eo) prótacal cuimsithe a chuireann cur chuige ildisciplíneach chun cinn i leith cleachtas cuimsitheach a fhorbairt do gach leanaí réamhscoile. Tugtar cuntas sa Phrótacal le haghaidh Cuimsiú, ar a dtugtar anois an teideal *Fáilte chuig an Réamhscoil; Tacú leis an Leanbh ag a bhfuil Riachtanais Bhreise*, ar ról agus freagrachtaí an tuismitheora agus gach gníomhaireachta ábhartha lena chinntiú go gcuimsítear an leanbh go hiomlán i suíomh na réamhscoile. Tá de chuspóir aige freastal ar riachtanais an linbh sa tseirbhís trí thacaíochtaí a sholáthar (mar shampla, oiliúint nó cúnaimh breise sa seomra) agus spreagann sé cumarsáid optamach idir gach páirtí atá bainteach chun tacú le cuimsiú an linbh.

Oibrítear a mhacasamhail de shamhail i nGaillimh.

Samhail an Iarthair Láir

Ó 2008 i leith, rinne FSS teagmháil le Cumas Éireann chun an tSeirbhís Chúnta Réamhscoile a sholáthar i réigiún an Lár-Iarthair. Is é aidhm na seirbhíse chun tacú le cuimsiú agus lánpháirtiú leanaí óga laistigh dá rogha réamhscoile príomhshrutha nó áitiúla. I Luimneach, oibríonn Cumas Éireann i gcomhoibriú dlúth le Seirbhísí Leanaí FSS. Áirítear leo seo Blackberry, Treehouse, Foirne Luath-Idirghabhála Luimnigh Thoir agus Luimnigh Thiar agus Fondúireacht Naomh Seosamh, an Ráth.

Leithdháileann an Fhoireann ábhartha Luath-Idirghabhála 'uaireanta tacaíochta' réamhscoile do leanaí aonair i gcomhréir leis an riachtanas agus na hacmhainní atá ar fáil a chinntear. Ar a uain sin, déanann Cumas Éireann idirchaidreamh leis an teaghlach, an fhoireann agus an réamhscoil chun cúntóir oiriúnach a shannadh ó ghrúpa de chúntóirí cáilithe agus taithíochá réamhscoile (CRSanna). I gcaitheamh shannachán an CRS / an leanbh de chuid Chumas Éireann, coimeádann sé ceangail dhlútha leis an teaghlach, an réamhscoil, an Fhoireann Luath-Idirghabhála agus an CRS chun tacú le heispéireas rathúil agus cuimsitheach réamhscoile don leanbh. Soláthraítear oiliúint agus forbairt leanúnach do CRSanna, chomh maith.

Ról an CRS

- Cuimsiú an linbh a chur chun cinn go gníomhach sna gníomhaíochtaí réamhscoile.
- Tacú le lánpháirtiú agus le caidreamh an linbh le gach duine fásta agus gach leanbh sa réamhscoil.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht leis an teaghlach, an Fhoireann Luath-Idirghabhála agus leis an réamhscoil.
- Cabhrú leis an leanbh le riachtanais phearsanta agus dhlútha chúraim sa chás gur gá
- Cabhrú le gnéithe de phlean forbartha aonair an linbh a chur i bhfeidhm, faoi mar a mholann an Fhoireann Luath-Idirghabhála.
- Aird a thabhairt agus freagairt ar riachtanais aonair an linbh.

3.5 Comhthéacs Idirnáisiúnta

Tá roinnt samhlacha idirnáisiúnta um chuimsiú leanaí atá faoi mhíchumas i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha ann. Tugtar cuntas ar dhá shamhail chistithe idirnáisiúnta agus dhá shamhail tacaíochta idirnáisiúnta thíos.

3.5.1 *New South Wales, an Astráil*

Tacaíonn an Clár Tacaíochta Míchumais Réamhscoile (CTMRS) le cuimsiú leanaí atá faoi mhíchumas i réamhscoileanna pobail in New South Wales (NSW). Tá ceithre ghné sa chlár seo:

- (1) Clár cistithe inar féidir le seirbhísí iarratas a dhéanamh ar chúnamh thar ceann leanaí aonair bunaithe 600 uair an chloig de chúram sa bhliain a sholáthar. Tá an cistiú seo bunaithe ar leanaí a measúnaíodh go dteastaíonn tacaíocht mheasartha, shuntasach, nó dhian uathu.

- (2) Ualú uilíoch míchumais a leagan ar gach réamhscoil phobail bunaithe ar an líon iomlán leanaí a áirítear i Samhail Chistithe na Réamhscoile. In 2015, gheobhaidh réamhscoileanna cathrach \$60 in aghaidh an linbh incháilithe sa tseachtain agus gheobhaidh réamhscoileanna tuaithe nó iargúlta \$75 in aghaidh an linbh incháilithe sa tseachtain. Ní gá do réamhscoileanna iarratas a dhéanamh ar an ualú seo.
- (3) Tacú le haghaidh réamhscoileanna ag bainisteoir cláir atá ar fud an stáit. Soláthraíonn an comhlacht bainistíochta seo tacaíocht ar an nguthán agus ar líne do réamhscoileanna pobail. Áirítear leis seo comhairle ar iarratais agus conas rochtain a fháil ar thacaíocht, oiliúint agus acmhainní chun cabhrú le réamhscoileanna feabhas a chur ar thorthaí oideachais do leanaí atá faoi mhíchumas.
- (4) Scoláireachtaí le haghaidh staidéar iarchéime. Soláthraíonn an clár scoláireachta cistiú chun tacú le cleachtóirí réamhscoile chun staidéar iarchéime a chríochnú chun cabhrú le leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Ní mór cistiú an CTMRS a úsáid chun tacú go díreach leis na leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu i réamhscoileanna. Féadtar cistí a úsáid le haghaidh foireann bhreise, FGL, mionfheabhsúcháin chaipitil, agus trealamh a cheannach. Ní féidir é a úsáid chun íoc as táillí, measúnuithe, nó trealamh leighis. Ní mór do sheirbhísí a bhfuil cistiú an CTMRS á fháil acu tuairisciú a dhéanamh faoi dhó sa bhliain, agus a lua go bhfuil Plean Aonair Foghlama ag gach leanbh atá cistithe, agus cé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh cuspóirí oideachais ar ar comhaontaíodh roimhe seo. Chomh maith leis sin, ní mór do sheirbhísí tuarascáil bhliantúil a sheoladh ar aghaidh, a dheimhníonn gur caitheadh na cistí i gcomhréir le treoirlínte an chláir. Anuas air sin, tugann bainisteoir chlár an CTMRS faoi iniúchadh bliantúil, chomh maith leis sin, lena chinntiú go bhfuil na treoirlínte cistithe á leanúint ag réamhscoileanna.

3.5.2 An Nua-Shéalainn

Oibrítear seirbhísí luathbhlianta sa Nua-Shéalainn bunaithe ar shamhail cistithe cothromais. Faigheann seirbhísí caipitíocht le haghaidh 20 uair an chloig de chúram agus oideachas do leanaí idir 3 agus 6 bliana d'aois. Is ionann cistí cothromais agus cistiú breise sprioctha do sheirbhísí ceadúnaithe oideachais luath-idirghabhála. Bíonn seirbhísí a fhaigheann an cistiú seo lonnaithe, go ginearálta, i bpobail atá scoite agus/nó ag a bhfuil socheacnamaíocht íseal, agus iad siúd ina bhféadfadh go bhfuil líonta suntasacha de leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó atá ó chúlraí nach labhraítear an Béarla iontu.

I dtaobh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, déantar cinneadh ar incháilitheacht do chistiú breise trí luach Innéacs Cothromais (LIC). Tá an LIC bunaithe ar sheoltaí agus na leanaí cláraithe agus ar fhaisnéis a glacadh ó Dhaonáireamh na Nua-Shéalainne. Déantar an LIC a nuashonrú gach cúig bliana, ar aon dul le córas daonáirimh na Nua-Shéalainne. Ríomhann an Aireacht Oideachais an LIC do gach seirbhís agus cuireann sí seirbhísí ar an eolas atá incháilithe le haghaidh cistiú. Níl cistiú bunaithe ar leanaí aonair; ina ionad sin, ríomhtar é i gcomhréir le luach LIC agus leis na hUaireanta Cistithe Linbh (UCLanna) iarbhír a éilíonn seirbhís. Déantar gach UCL a iolrú faoin ráta ábhartha cistithe, atá idir \$0.19 le haghaidh seirbhísí ina bhfuil comhréireacha níos ísle de leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, agus \$0.47 le haghaidh seirbhísí ina bhfuil na

comhréireacha is airde. Féadtar na cistí seo a úsáid le haghaidh am breise foirne a chaitear le leanaí agus lena dteaghlaigh, na hacmhainní ábhartha múinteoireachta agus foghlama a cheannach, tacaíocht speisialaithe a sholáthar, FCL le haghaidh cleachtóirí, agus le haghaidh tacaíochta le haghaidh aistrithe leanaí roimh agus i ndiaidh na réamhscoile.

3.5.3 Sasana

Tá gach leanbh idir 3 agus 4 bliana d'aois i Sasana i dteideal 570 uair an chloig d'oidreachas luathbhlianta nó do chúram leanaí saor in aisce a fháil gach bliain. Is gnách go nglactar leis seo mar 15 huair an chloig gach seachtain ar feadh 38 uair an chloig den bhliain. Ar an gcuma chéanna in Éirinn, braitheann iontráil chuig an scéim ar dháta breithe an linbh. Bíonn roinnt leanaí 2 bhliain d'aois incháilithe chun luathchúram saor in aisce a fháil, ina measc iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó atá faoi mhíchumas (SEND), iad siúd a bhfuil plean sláinte agus cúraim oideachais acu (a eisíodh i ndiaidh go ndearnadh measúnú ar riachtanais sláinte agus chúram oideachais), agus iad siúd a bhfuil liúntas maireachtála míchumais á fháil acu. Cistíonn Údarás Áitiúla an soláthar seo COLÓ agus tá ar sheirbhísí a gcuirtear an cistiú seo ar fáil dóibh Cód Cleachtais SEND (2014) a leanúint. Áirítear leis an gcód seo an fhoráil go dtugann leanaí atá rannpháirteach in SEND faoi ghníomhaíochtaí i dteannta leanaí eile sa tseirbhís.

Ní mór do gach seirbhís SENCO a cheapadh, ar múinteoir é seo atá freagrach as soláthar SEND a chomhordú. Ní mór gur bhain SENCOanna an cháilíocht oiriúnach amach agus go bhfuil taithí acu agus go leagtar an tasc orthu a chinntiú go dtuigeann gach cleachtóir a bhfreagrachtaí i leith leanaí i dtaobh SEND, agus ar chur chuige na seirbhíse i leith na riachtanas seo a shainaithint agus a chomhlíonadh. Anuas air sin, ceanglaítear ar gach seirbhís tuarascáil a ullmhú maidir lena mbeartas SEND a chur i bhfeidhm, ar a socruithe chun cead isteach a thabhairt do leanaí atá faoi mhíchumas, na bearta a ghlactar chun cuimsiú agus comhionannas a chur chun cinn, agus na háiseanna a sholáthraítear chun rochtain ar an tseirbhís a chumasú do leanaí atá faoi mhíchumas. Má bhíonn ábhar buartha i gceist maidir le moill fhéideartha forbartha linbh, ní mór plean sprioctha a fhorbairt chun tacú leis an leanbh, de ghnáth leis an SENCO. Ní mór go mbunaítear soláthar speisialta oideachais ar láidreachtaí agus ar riachtanais ar leith an linbh agus ba cheart go lorgóidh siad chun dul i ngleic leo go léir trí idirghabháil atá curtha ar an eolas ag fianaise agus ag trealamh speisialaithe. Ar deireadh, ní mór próifíl a chomhlánú do gach leanbh ina gcéad téarma deiridh chun faisnéis a sholáthar d'fhoghlaim amach anseo, agus i gcás SEND, aon riachtanais bhreise le haghaidh tacaíochta.

3.5.4 An Fhionlainn

Tá fáil ag leanaí idir aois 0 agus 6 bliana san Fhionlainn ar oideachas agus cúram luath-óige (OCLÓ). Faigheann gach saghas OCLÓ cistiú atá bunaithe ar ioncam teaghlaigh agus ar an líon leanaí i ngach teaghlach. Áirítear leis seo liúntas cúram baile a íoctar le tuismitheoirí a fhanann sa bhaile chun cúram a thabhairt dá leanbh a fhad le haois trí bliana. Cuirtear caidhp €264 sa mhí ar chostais chúram lae i dtaobh leanbh amháin, agus laghdaítear an chaidhp seo i dtaobh teaghlach ina bhfuil breis leanaí. Íocann ranniocaíochtaí tuismitheora le haghaidh OCLÓ thart ar 15% den chostas iomlán. Cuirtear seirbhísí cúram lae ar fáil saor in aisce i measc teaghlaigh ísealioncaim. Íocann meascán de bhordasachtaí áitiúla agus an rialtas láir as fuílleach na gcostas.

Cuireann gach bardasacht Fhionlannach bliain oideachais réamhscoile ar fáil do leanaí sé bliana d’aois ina bhfuil 700 uair an chloig, ar a laghad, atá leata thar cheithre lá, ar a mhéid, sa tseachtain agus nach sáraíonn breis agus 4 huaire sa lá. Ó Lúnasa 2015, beidh an bhliain réamhscoile seo éigeantach i measc gach linbh, cé go bhfuil rátaí reatha glactha nach mór uilíoch. Tá an bhliain réamhscoile seo saor in aisce do gach teaghlach agus áirítear léi béilí, cúram sláinte agus costais taistil. Déanann cleachtóirí measúnú ar leanaí óna dteastaíonn tacaíocht bhreise sa réamhscoil agus forbraíonn siad pleananna indibhidiúlaithe tacaíochta speisialta, ina dhiaidh sin. Tá na pleananna seo dírithe ar leanaí a chumasú chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí grúpa a mhéid agus is féidir. Chomh maith leis sin, tá leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu i dteideal tús a chur leis an mbliain réamhscoile a thosú bliain amháin níos luaithe, ag aois cúig bliana, nó an bhliain réamhscoile a iarchur ina ionad sin.

3.5.5 Achoimre ar Fhoghlaim ó Shamhlacha Idirnáisiúnta

Agus a aithint go bhfuil cur chuige ar leith ag gach tír, chuir roinnt gnéithe atá mar an gcéanna leis na samhlacha cistithe agus tacaíochta a dtugtar cuntas orthu thuas faisnéis ar fáil do shamhail bheartaithe an GIR:

- Cultúr cuimsitheach
- Cur chuige céimnithe mar fhreagairt ar riachtanais an linbh/na leanaí
- Tacú le haghaidh forbairt an lucht saothair, ina measc cáilíochtaí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)
- Cistiú sprioctha le haghaidh acmhainní breise – trealamh agus/nó tacaíocht speisialaithe
- Measúnuithe nó pleananna aonair do gach leanbh
- Cur chuige an Stáit nó cur chuige náisiúnta comhordaithe

3.6 Leitheadúlacht an Mhíchumais

Trí leas a bhaint as réimse de shonraí Daonáirimh, suirbhé agus riaracháin, cuirtear i dTábla 1 thíos meastacháin éagsúla maidir leis an líon leanaí atá faoi mhíchumas in Éirinn. Ó na sonraí seo, déantar meastachán, chomh maith, ar an líon leanaí COLÓ atá faoi mhíchumas. Sna meastacháin seo, tá idir 670 leanbh COLÓ nó 1% de dhaonra COLÓ (de réir sonraí *Ag Fás Aníos in Éirinn*) "a bhfuil bac mór orthu ina ngníomhaíochtaí laethúla", agus breis agus 4,000 leanbh COLÓ nó 6% de dhaonra COLÓ i gceist (de réir sonraí ón Daonáireamh).

Tábla 1: Líon measta leanaí atá faoi mhíchumas atá díorthaithe ó sonraí an CNOS, agus ó réimse Sonraí Daonáirimh, Suirbhé agus Riaracháin, chomh maith				
Táscaire	Foinse na sonraí	Bliain	Líon/Comhréir	Líon measta i gcohort aoise COLÓ
Líon na leanaí idir 0 agus 4 bliana d’aois atá faoi mhíchumas	An Daonáireamh	2011	10,084	4,033
Comhréir na leanaí aois 3 bliana a gcuireann fadhb ainsealach fhisciúil nó mheabhairshláinte, galar míchumais bac mór orthu ina ngníomhaíochtaí laethúla (tuarascáil an tuismitheora)	Ag Fás Aníos In Éirinn	2011	1%	670

Léirítear i dTábla 2 comhréireacha measta de leanaí atá faoi mhíchumas óna dteastaíonn tacaíochtaí breise i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha ó fhoinsí éagsúla, go sonrach, an Grúpa Oibre agus an Fhoireann Tras-Earnála um Chuimsiú Leanaí atá faoi Míchumas i Suíomhanna Réamhscoile Príomhshrutha, CNOS agus FSS. De réir FSS, meastar go bhfuil 3.5% de leanaí COLÓ faoi mhíchumas. Tugtar le fios, áfach, nach dteastódh tacaíochtaí breise ach ón tríú cuid den chohórt seo (i.e. thart ar 782).

Tábla 2: An chomhréir mheasta de leanaí atá faoi mhíchumas óna dteastaíonn tacaíochtaí breise i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha		
Foinse	Comhréir	Líon measta i gcohort aoise COLÓ
Arna mheas ón nGrúpa Oibre agus an Fhoireann Tras-Earnála um Chuimsiú Leanaí atá faoi Míchumas i Suíomhanna Réamhscoile Príomhshrutha (2011 agus 2015)	Idir 1.36 agus 2.5%	911-1,675
Seirbhísí Míchumais Chéimnithigh (FSS, 2014)	Meastar go bhfuil 3.5% faoi mhíchumas, a dteastaíonn tacaíochtaí breise ón tríú cuid díobh	2,345 arb é an tríú cuid díobh 782
An líon measta leanaí aois 5 bliana (i.e. i Naíonáin Shóisearacha) a fhaigheann rochtain ar thacaíocht CRS i mbunscoileanna ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair (an CNOS, 2014)	<ul style="list-style-type: none"> ▪ bhí 1,009 duine i ranganna príomhshrutha ▪ Bhí 200 díobh i ranganna speisialta agus ▪ Bhí 450 díobh i scoileanna speisialta 	1,209

Agus leas á bhaint as na sonraí seo, rinne an GIR an toimhde, cé gur féidir le tromlach na leanaí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar réamhscoileanna príomhshrutha gan tacaíochtaí breise a bheith ag teastáil uathu, beidh cohort leanaí ann (idir thart ar 1.0% agus 1.5% de cohort COLÓ) óna dteastóidh tacaíochtaí breise.

4.0 Comhairliúchán

Chun faisnéis a sholáthar d'fhorbairt na réamhshamhla seo, bhain an GIR leas as torthaí ábhartha, a tháinig chun solais ó chomhairliúchán a rinneadh le déanaí le tuismitheoirí, muintir an phobail agus leis an earnáil luathbhlianta chun faisnéis a sholáthar do bhreithniúcháin a rinneadh ar an nGrúpa Idir-Rannach um Infheistíocht Amach Anseo i gCúram agus Oideachas Luathbhlianta agus Aois Scoile. Cuirtear achoimre ar na torthaí seo i láthair thíos:

4.1 Achoimre ar na torthaí ábhartha ó chomhairliúchán ar infheistíocht i gcúram agus oideachas luathbhlianta agus aois scoile

Rinneadh roinnt moltaí maidir le conas feabhas a chur ar inacmhainneacht, inrochtaineacht agus cáilíocht chúram agus oideachas luathbhlianta agus aois scoile do leanaí atá faoi mhíchumas mar chuid den chomhairliúchán seo.

Ba é an moladh ba choitianta a rinne freagróirí gur cheart caitheamh le socrúchán méadaithe cúntóirí réamhscoile i suíomhanna réamhscoile (nó cistiú chun cúntóirí a earcú) mar thosaíocht, mar gheall go soláthródh seo tacaíocht ní ba mhó do na leanaí agus go gceadóadh sé níos mó leanaí a chlárú i seirbhísí. Beartaíodh, chomh maith, gur cheart seirbhísí a sholáthar le cistiú chun trealamh riachtanach agus acmhainní a cheannach ionas gur féidir le leanaí atá faoi mhíchumas a gcuid ceart a fhíorú agus rochtain a fháil ar níos mó seirbhísí.

Rinne roinnt freagróirí moltaí maidir le conas a d'fhéadfaí Clár COLÓ a choigeartú chun freastal níos fearr ar leanaí atá faoi mhíchumas. Bheartaigh soláthraí príobháideach go gceadófaí seirbhísí a sholáthar trí lá sa tseachtain seachas cúig lá sa tseachtain do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu agus an cistiú dhá lá bhreise a úsáid chun íoc as CRSanna. Mhol soláthraí pobail go rachadh an dara bliain de scéim COLÓ chun tairbhe na leanaí seo a fhad agus go gcorpraítear sa dara bliain obair chomhoibritheach idir an réamhscoil agus an bhunscoil d'fhonn tacú le haistrithe na leanaí. Mhol freagróir eile gur cheart táille caipitíochta níos airde Chlár COLÓ a atreorú ó cháilíochtaí foirne chun seirbhís níos fearr a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. I gcodarsnacht leis sin, mhol teiripeoir saothair 'gur cheart go leanfadh an t-airgead an leanbh, seachas an tseirbhís', d'fhonn go mbeadh teaghlaigh in ann é a úsáid chun iompar chuig suíomhanna speisialta oideachais a chistiú nó CRSanna a chistiú i gclár foghlama baile. Moladh, chomh maith, in aighneacht a bhí neamhspleách ar an suirbhé ar líne gur cheart don Rialtas beartas náisiúnta cuimsithe a thabhairt isteach do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu, d'fhonn comhionannas i rochtain a chinntiú ar thacaíochtaí breise agus chun treoir a thabhairt ar sholáthar tacaíochtaí.

Chuir an GIR imeacht comhairliúcháin ar bun, chomh maith, chun na tuairimí a lorg ar an réamhshamhail ó réimse fairsing páirtithe leasmhara. D'fhreastail an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ionadaithe leanaí atá faoi mhíchumas, tuismitheoirí leanaí atá faoi mhíchumas, soláthraithe luathbhlianta, acadóirí agus déantóirí beartais luathbhlianta ar an imeacht seo, chomh maith, a bhí ar bun san ÚNM agus a d'éascaigh an ÚNM . Cuirtear achoimre ar na torthaí seo i láthair thíos agus is féidir teacht ar thuairisc iomlán ar an imeacht comhairliúcháin ag Aguisín 4.

4.2 Achoimre ar thorthaí ó chomhairliúchán ar an tsamhail a bhí ag teacht chun cinn chun tacú le cuimsiú leanaí atá faoi mhíchumas i gClár COLÓ

Bhí comhdhearcadh i measc rannpháirtithe, ar an iomlán, ar roinnt pointí. Ina measc seo bhí an méid a leanas:

- Tacaíocht d'uailmhian an bheartais agus don tsamhail tacaíochta a bheartaítear
- Bhí buairt ann nár ghné den tsamhail a bheartaítear a bhí i bhfad an tsoláthair réamhscoile saor in aisce do leanaí faoi mhíchumas a shíneadh
- An dearcadh gur ghá gur bhain an sainmhíniú ar mhíchumas don tsamhail a bheartaítear le cumas an linbh chun páirt a ghlacadh laistigh de shuíomh na réamhscoile seachas a c(h)umas chun feidhmiú i dtimpeallachtaí eile
- An dearcadh go leanfadh gá a bheith le réamhscoileanna speisialta mar chuid de leanúntas soláthair do líon beag leanaí atá faoi mhíchumas
- An bhuaire nach mór go gcuirfí san áireamh in aon samhail tacaíochta do leanaí faoi mhíchumas i réamhscoil nach mbeidh roinnt leanaí atá faoi mhíchumas tar éis tabhairt faoi sheirbhísí sláinte sular chuir siad tús le Clár COLÓ
- Moladh go tréan nach mór go dtabharfadh aon mheasúnú nó próiseas iarratais ar thacaíocht a tugadh isteach mar chuid den tsamhail a bheartaítear tús áite do thráthúlacht

Anuas ar na pointí coiteanna atá le sonrú i measc na rannpháirtithe uile, léirigh soláthraithe réamhscoile comhdhearcadh maidir le roinnt pointí. Ina measc seo bhí an méid a leanas:

- An dearcadh gur cheart do sholáthraithe réamhscoile a bheith lárnach maidir le measúnú a dhéanamh ar riachtanais leanaí ina seirbhísí atá faoi mhíchumas nó a d'fhéadfadh bheith faoi mhíchumas
- An bhuaire go mbeadh aon riachtanais mhéadaithe rialála nó chonarthacha le haghaidh soláthraithe i gceist sula dtabharfaí na tacaíochtaí cuí isteach
- Léiriú soiléir ar an luach a chuireann soláthraithe réamhscoile ar an bhfaisnéis agus an treoir a fhaigheann siad ó fhoireann seirbhís sláinte maidir le tacú le leanaí faoi mhíchumas go ginearálta nó le leanaí ar leith

Anuas ar na pointí coiteanna atá le sonrú i measc na rannpháirtithe uile, léirigh tuismitheoirí comhdhearcadh maidir le roinnt pointí. Ina measc seo bhí an méid a leanas:

- Léiríodh an dearcadh go tréan nach rachadh leanaí atá faoi mhíchumas a dheighilt ag aois an-óg chun sár-leasa an linbh i dtromlach mór na gcásanna

- An bhuairt nach bhfágfaí leanaí nach bhfuil faoi aon mhíchumas diagnóisithe as an áireamh ar bhonn de facto ón tsamhail bheartaithe tacaíochta
- An dearcadh gur cheart go mbeadh riachtanais níos déine i gceist i measc sholáthraithe Chlár COLÓ chun freastal a dhéanamh chun leanaí faoi mhíchumas a áireamh
- Gur cheart tús a chur le pleanáil d'aistriú an linbh isteach i gClár COLÓ go luath lena chinntiú gurb eol do thuismitheoirí cén tacaíochtaí a bheidh i bhfeidhm i Meán Fómhair

5.0 An tSamhail a Bheartaítear

Fad a bhí an tsamhail thíos á forbairt, lorg an GIR chun breithniú a dhéanamh ar na dúshláin uile a bhí roimh na leanaí faoi mhíchumas, tuismitheoirí agus soláthraithe, agus chun samhail chuimsitheach a chruthú a thógfaí le himeacht ama chun na torthaí is fearr a chur ar fáil do chách, ar bhealach inbhuanaithe. Tugadh aird ar leith ar aiseolas ar an tSamhail CRS atá i bhfeidhm cheana féin i mBunscoileanna na hÉireann. Is í an tsamhail CRS an tsamhail is mó a bhfuil cur amach ag tuismitheoirí agus soláthraithe uirthi in Éirinn agus tá súil mhór leis, le himeacht ama, go bhfreastalódh aithris na samhla do leanaí réamhscoile ar a riachtanais. Cé go raibh an-rath ar an tsamhail, thug tráchtairí éagsúla rabhadh faoin riosca lena mbaineann aithris uathoibríoch a dhéanamh ar an tsamhail seo i réamhscoileanna, a oibríonn i gcomhthéacs an-éagsúil, gan machnamh a dhéanamh ar roghanna malartacha agus níos cuimsithí. D'aithin tráchtairí luach suntasach do leanaí agus do scoileanna ón tsamhail seo ach mhol siad gur féidir lena leithéid de shamhail, ar uairibh, cur isteach ar fhíor-chuimsiú, leanaí a aonrú amhail bheith éagsúil agus leibhéal idirchaidrimh an linbh leis an múinteoir agus lena bpiarghrúpa a laghdú.

Tacaíonn an tsamhail a bheartaigh an GIR le cur chuige céimnithe ina bhfuil seacht leibhéal de thacaíocht a aistríonn ó thacaíochtaí uilíocha go dtí tacaíochtaí an-sprioctha bunaithe ar riachtanais an linbh, a bhfuil idir riachtanais neamhchasta agus chasta i gceist leo. Is iad na seacht leibhéal de thacaíocht:

1. Cultúr Cuimsitheach
2. Faisnéis do Thuismitheoirí agus do Sholáthraithe
3. Lucht Saothair Cáilithe agus Muinéach
4. Comhairle agus Tacaíocht Shaineolach Luathbhlianta Oideachais
5. Deontais do Threalamh, d'Fhearais agus do Mhionathruithe
6. Idirghabháil Theiripeach
7. Cúnamh Breise sa Seomra Réamhscoile


Molann an GIR go ndéanfar tromlach na leanaí faoi mhíchumas a chumasú go hiomlán chun páirt a ghlacadh i gClár COLÓ agus go gcuirfear tacaíochtaí ar fáil ó Leibhéal 1-4. Meastar gurb ionann na leibhéal tacaíochta níos sprioctha (i.e. Leibhéal 5-7) agus acmhainní do ghrúpa beag leanaí a bhfuil riachtanais an-chasta acu. Meastar go dtosaíonn an chomhréir leanaí atá incháilithe do na tacaíochtaí sprioctha COLÓ seo ag 3% (i.e. le haghaidh thacaíocht Leibhéal 5) agus go dtiocfaidh laghdú orthu anuas go dtí thart ar 1.0%-1.5% (i.e. le haghaidh thacaíocht Leibhéal 7).

Tá de chuspóir na samhla chun tacaíocht chuí a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh chun rochtain a fháil ar shuíomhanna príomhshrutha COLÓ. Léirítear sa tsamhail an fhís go mbeidh ar chumas gach linbh faoi mhíchumas freastal ar réamhscoileanna príomhshrutha mar chuid de Chlár COLÓ mura dtéann seo chun sár-leasanna an linbh, i ngeall ar chineál nó ar mhéid a míchumais. Ina theannta sin, tugann an tsamhail faoi gach suíomh COLÓ a bhaint amach a sholáthraíonn cúram agus oideachas cuimsitheach agus a chuireann lena gcumas chun tacú le leanaí faoi mhíchumas go comhsheasmhach i gcaitheamh ama.

Ní dhéantar an athruithe aon athruithe sa tsamhail ar sholáthar Chlár COLÓ agus bhunaigh an tsamhail gach costas ar an tsamhail reatha soláthair. Tá aird ag an GIR, áfach, ar roghanna éagsúla le haghaidh infheistíocht amach anseo, faoi mar a leagtar amach i dTuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh um Infheistíocht Amach Anseo i gCúram agus Oideachas Luathbhlianta agus Aois Scoile. Baineann an rogha chun an soláthar reatha réamhscoile saor in aisce a shíneadh go mór le hábhar d'fhonn go gcáileofaí leanaí do Chlár COLÓ ó aois 3 bliana go dtí an tráth sin a d'aistreofaí iad go dtí scolaíocht fhoirmiúil (féach Aguisín 2 chun teacht ar bhreis sonraí agus Aguisín 3 chun teacht ar chostais choigeartaithe don tsamhail seo, a chuireann san áireamh an soláthar sínte réamhscoile saor in aisce sin).

Tugtar achoimre sa ghrafach a leanas ar an tsamhail a bheartaítear. (Féach an Achoimre Feidhmiúcháin iomlán, le do thoil, ag Mír 1.2 chun teacht ar ghrafach ar leathanach iomlán.)

Samhail chun Tacú le Rochtain ar Chlár COLÓ
do Leanaí faoi Mhíchumas



5.1 Leibhéal 1: Cultúr Cuimsitheach

Tá tacú le rochtain agus rannpháirtíocht i measc leanaí atá faoi mhíchumas ar Chlár COLÓ bunaithe ar an toimhde a leanas:

- Féadtar freastal go réasúnta ar thromlach mór na leanaí faoi mhíchumas chun páirt a ghlacadh i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha
- Tacaíonn cleachtas cuimsitheach le bacainní a bhaint atá ar rannpháirtíocht bhríoch, a fhreagraíonn ar riachtanais agus leas gach linbh atá ag teacht chun cinn agus a thacaíonn lena bhfoghlaim trí chleachtas atá oiriúnach i dtaobh cúrsaí forbartha de
- Téann cleachtas cuimsitheach chun sochair gach linbh i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha, ní hamháin iad siúd atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Riachtanas de chuid seirbhísí réamhscoile atá i gcleachtas cuimsitheach cheana féin. Mar shampla, ceanglaítear sna Rialacháin um Chúram Leanaí (Réamhscoil), 2006 ar sheirbhísí réamhscoile an méid a leanas a chinntiú:

go n-éascaítear foghlaim, forbairt agus folláine gach linbh laistigh de bheatha laethúil na seirbhíse trí dheiseanna, taithí, gníomhaíochtaí, idirghníomhú, ábhair agus trealamh a sholáthar, agus aird ar aois agus céim forbartha an linbh agus ar chomhthéacs cultúrtha an linbh.

Anuas air sin, cuimsítear i Síolta: an Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige caighdeáin shonracha maidir le cleachtas cuimsitheach – go háirithe le haghaidh leanaí atá faoi mhíchumas. Dearadh Aistear: Creat an Churaclaim Luath-Óige go uilíoch lena chinntiú gur féidir le réimse leathan foghlaimoírí rochtain a fháil air, leanaí atá faoi mhíchumas ina measc. Chomh maith leis sin, tá Treoirínte Éagsúlachta agus Comhionannais le haghaidh Soláthraithe Cúram Leanaí i bhfeidhm, a d'fhoilsigh Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige in 2006. Chomh maith leis sin, bíonn modúil roghnacha ar fáil go rialta maidir le riachtanais speisialta i gcúrsaí éigeantacha le haghaidh cleachtóirí luathbhlianta.

Moladh

Aithníonn an GIR gur gá iarrachtaí reatha a threisiú. Mar chuid den tsamhail seo, molann an GIR gur cheart na Treoirínte Éagsúlachta agus Comhionannais le haghaidh Soláthraithe Cúram Leanaí a nuashonrú agus gur cheart Cód Cleachtais Chuimsithe Náisiúnta a fhorbairt. Moltar, ina theannta sin, gur cheart go gceanglófaí ar shuíomhanna COLÓ a bhfuil cistiú á fháil acu chun Clár COLÓ a sholáthar, glacadh leis an gCód seo. Ba cheart go gcruthódh an ceanglas seo cuid de chonradh COLÓ idir an RLGÓ agus seirbhísí réamhscoile agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh air mar chuid de chuariteanna comhlíonta COLÓ faoina dtugann Pobal thar ceann an RLGÓ. Lena chois sin, agus ar aon dul leis na Caighdeáin Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Luathbhlianta a chuirfeadh i bhfeidhm amach anseo, ba cheart go gceanglófaí ar sheirbhísí réamhscoile Beartas Cuimsithe a bheith i bhfeidhm.

Molann an GIR, chomh maith leis sin, go gcuirfear oiliúint ar chuimsiú ar chleachtóirí luathbhlianta tríd an gClár Comhionannais agus Éagsúlachta (nó a chomhionann) a thabhairt isteach.

Céim mhór chun tosaigh is ea an moladh gur cheart gach seirbhís réamhscoile a spreagadh chun Comhordaitheoir Cuimsithe (CC) a cheapadh. Bheadh sainspéis ag an CC i míchumas agus cheanglófaí air/uirthi Dámhachtain Leibhéal 6 (Ardoideachas) a bheith bainte amach aige/aici i gCuimsiú Leanaí faoi Mhíchumas i Réamhscoil Phríomhshrutha. Ba cheart tacú leis an CC chun seo a bhaint amach trí chiste tiomnaithe oideachais (Ciste Foghlaimora). Ar chríochnú agus ar bronnadh na cáilíochta seo, d'aithneofaí suíomh COLÓ dá thiomantas agus dá chumas chun freastal ar leanaí faoi mhíchumas trí chaipitíocht bhreise. Leagtar amach thíos costais mheasta na hoiliúna agus na caipitíochta.

D'éirigh leis an ROS cistiú agus pleananna a fháil chun forbairt na Dámhachtana Ardoideachais seo a choimisiúnú faoi dheireadh 2015. Meastar go bhféadfadh go lorgódh 20% de shuíomhanna COLÓ, ar an meán, chun páirt a ghlacadh in oiliúint gach bliain go ceann ceithre bliana. Leagtar amach na costais bhreise a bheidh ar ghlacadh tuartha 80% thíos. Léiríonn an glacadh 80% láimhdeachas agus tosa eile san earnáil.

Tábla 3: Costais Oiliúna: Comhordaitheoir Cuimsithe			
Sonra	Costas aonaid	Glacadh measta	Costas
2016	€1,500	20%	€1,290,000
2017	€1,500	20%	€1,290,000
2018	€1,500	20%	€1,290,000
2019	€1,500	20%	€1,290,000

Molann an GIR, chomh maith leis sin, an breithniú a rinneadh ar dhaoine aonair a dhreasú chun an cúrsa a chríochnú trí sparántacht €200 a sholáthar chun cabhrú le hóc as costais a bhíonn ar rannpháirtíocht ar an gclár seo. Chosnódh seo thart ar €200,000 sa bhliain i gcaitheamh na tréimhse 2016-2019.

Dhéanfaí suíomhanna COLÓ a dhreasú chun uasoiliúint a dhéanamh i gcuimsiú agus chun CC a cheapadh mar gheall ar rochtain ar chaipitíocht nua. Measann an GIR go ndéanfaidh méid beag de chaipitíocht bhreise cleachtas cuimsitheach a dhreasú agus a aithint araon, agus go gcabhróidh sé leis an bhfís ina gcruthaítear cultúr tréan cuimsithe i measc na seirbhísí uile. Leagtar amach thíos costas bliantúil measta na caipitíochta breise. Mhéadóidh sé na leibhéil reatha de chaipitíocht bhunúsach agus de chaipitíocht níos airde €2 breise in aghaidh an linbh.

Tábla 4: Costais Bhreise Chaipitíochta		
Costas seachtainiúil aonaid in aghaidh an linbh	Glacadh measta (bliain)	Costas
€2	20% (2017)	€1,018,400
€2	40% (2018)	€2,036,800
€2	60% (2019)	€3,055,200
€2	80% (2020 agus ina dhiaidh sin)	€4,073,600

Molann an GIR, chomh maith leis sin:

- Feabhas a chur ar chórais sonraí, an méid a leanas a chur le chéile:
 - feabhsú an Ardáin um Chur i bhFeidhm an Chláir (an PIP) chun leanaí a shainaithint atá faoi mhíchumas ar chlárú / réamhchlárú
 - próifíl mhionsonraithe ar gach timpeallacht COLÓ chun seirbhísí réamhscoile a bhunú ina bhfuil timpeallachtaí cuimsitheacha COLÓ
 - fardal cuimsitheach de thacaíochtaí reatha a sholáthar do leanaí atá faoi mhíchumas a fhaigheann rochtain ar COLÓ

Costais: €0.1m sa bhliain (Oiliúint Comhionannais agus Éagsúlachta)
 €1.5m sa bhliain ar feadh 4 bliana (Oiliúint Comhordaitheoir Cuimsithe)
 €1.02m in 2017, a dtagann méadú aníos go dtí €4.08m air (Caipitíocht)

5.2 Leibhéal 2: Faisnéis do Thuismitheoirí agus do Sholáthraithe

Baineann ríthábhacht le faisnéis thráthúil agus ábhartha do thuismitheoirí agus do sholáthraithe luathbhlianta. Go minic, déanann tuismitheoirí agus soláthraithe teagmháil le CCCanna agus le Coistí Náisiúnta Deonacha Cúram Leanaí (CNDCCanna) maidir le saincheisteanna éagsúla a thagann chun solais ina measc. Gníomhaíonn CCCanna go minic mar nasc/dhroichead/thacaíocht don tuismitheoir agus don soláthraí araon. Comhlíonann an SSLB agus na CDCanna ról tacaíochta, chomh maith, i bhfaisnéis a sholáthar do thuismitheoirí agus do sholáthraithe, faoi mar a dhéanann seirbhísí idirghabhála, idir seirbhísí reachtúla agus deonacha.

Moladh

Molann an GIR go ndéantar na hiarrachtaí seo a threisiú agus a chuíchóiriú lena chinntiú go bhfuil faisnéis shoiléir, comhsheasmhach agus chruinn ar fáil do thuismitheoirí agus do sholáthraithe tríd na gníomhaireachtaí tacaíochta seo.

Chun seo a chur chun cinn, molann an GIR go bhforbraítear láithreán gréasáin aonair le haghaidh tuismitheoirí agus soláthraithe a dhéanann grúpa oibre tiomnaithe an t-ábhar a fhaomhadh, ina mbeidh comhaltaí ó CCCanna, CDCanna agus ón SSLB.

Costais: €0.05m in 2016 (Costais um chur ar bun)
 €0.015m sa bhliain (Costais chothabhála)

5.3 Leibhéal 3: Lucht Saothair Cáilithe agus Muiníneach

Léiríonn an fhianaise gurb é an táscaire is iontaofa i dtaobh cháilíocht na seirbhísí luathbhlianta cáilíochtaí cleachtóirí luathbhlianta. Baineann seo le hábhar i limistéar an mhíchumais chomh maith.

Rinneadh dul chun cinn mór chun feabhas a chur ar cháilíochtaí san earnáil seo le 5 bliana anuas. Sular tugadh isteach Clár COLÓ in 2010, níorbh ann d'aon cháilíocht íosta don fhoireann a bhí ag oibriú san earnáil luathbhlianta. Faoi Chlár COLÓ, bhí ar gach ceannasaí réamhscoile cáilíocht Leibhéal 5 a bheith bainte amach acu. Anuas air sin, d'fhéadfadh seirbhísí réamhscoile cáiliú do ráta caipitíochta níos airde sa chás go raibh cáilíocht Leibhéal 7 bainte amach ag gach ceannasaí réamhscoile i seomra COLÓ, agus go raibh cáilíocht Leibhéal 5 bainte amach ag gach cúntóir réamhscoile. B'ionann seo agus céim mhór chun cinn chun feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí luathbhlianta.

Nuair a tugadh an Clár Cáilíochta Luathbhlianta isteach in 2013, d'fhonn feabhas breise a chur ar cháilíocht i seirbhísí réamhscoile, ar cheann de na hearraí a bhí le cur chun cinn, bhí an riachtanas a thabhairt isteach gur cheart go mbeadh cáilíocht bainte amach ag an bhfoireann go léir a bhí ag oibriú le leanaí i seirbhísí luathbhlianta i gcúram agus in oideachas luath-óige ar Leibhéal 5, ar a laghad, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) nó a chomhionann agus go gceanglófaí ar cheannasaithe réamhscoile i suíomhanna COLÓ cáilíocht Leibhéal 6, nó a chomhionann, ar a laghad, a bheith bainte amach. Tabharfar na riachtanais seo isteach go hiomlán in 2016, i ndiaidh go bhfoilseofar Rialacháin nua Chúram Leanáí.

Chun tacú leis an bhfoireann reatha chun na cáilíochtaí íosta seo a bhaint amach, thug an Rialtas Ciste Foghlaimeora isteach. Soláthraíodh €3m faoin gCiste seo ó 2014 i leith agus chríochnaigh nach mór 3,000 comhalta foirne oiliúint (nó tá an oiliúint á críochnú acu faoi láthair) lena gcumasú chun na híosriachtanais a bhaint amach.

D'éascair méaduithe suntasacha ar an líon seirbhísí COLÓ as na tionscnaimh seo agus an infheistíocht seo faoi chonradh chun Clár COLÓ a sholáthar a bhaineann critéir chaipitíochta níos airde amach anois.

- In 2010, bhí 3,787 seirbhís COLÓ, ar an iomlán, faoi chonradh chun Clár COLÓ a soláthar. Astu seo:
 - bhain 82.0% díobh na critéir bhunúsacha chaipitíochta amach, agus
 - bhain 11.0% díobh na critéir chaipitíochta níos airde amach.

- In 2015, bhí 4,371 seirbhís COLÓ, ar an iomlán, faoi chonradh chun Clár COLÓ a sholáthar. Astu seo:
 - bhain 72.0% díobh na critéir bhunúsacha chaipitíochta amach, agus
 - bhain 28.0% díobh na critéir chaipitíochta níos airde amach.

Chomh maith leis sin, de réir na dtorthaí ón Suirbhé Bliantúil ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoinar thug Pobal thar ceann na Roinne, tháinig méaduithe suntasacha ar an líon foirne i

seirbhísí luathbhlianta a bhfuil cáilíocht acu atá ar comhionann le nó níos airde ná Leibhéal 5 ar an CNC i gcaitheamh na tréimhse céanna:

- In 2010, bhí cáilíocht a bhí cothrom le nó níos airde ná Leibhéal 5 ar an CNC bainte amach ag 71.4% den fhoireann, agus
- In 2014, bhí cáilíocht a bhí cothrom le nó níos airde ná Leibhéal 5 ar an CNC bainte amach ag 86.8% den fhoireann.

Moladh

Gné ríthábhachtach den tsamhail seo is ea leanúint ag tacú le tionscnaimh chun feabhas a chur ar leibhéal cáilíochta an lucht saothair luathbhlianta agus leagtar amach i dTuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh ar Infheistíocht Amach Anseo i gCúram agus in Oideachas Luath-Óige agus Aois Scoile roinnt roghanna/moltaí maidir le hiarrachtaí a chur chun cinn chun an earnáil luathbhlianta a ghairmiúil.

Anuas ar an gcáilíocht íosta ghinearálta a theastaíonn a mhéadú de réir a chéile chun dul i mbun cleachtaidh i measc gach cleachtóir luathbhlianta, aithníonn an GIR seo go bhfuil oiliúint agus oideachas maidir le míchumas agus forbairt neamhthipiciúil, a bhaineann go minic le riachtanais chasta, tearcfhorbartha san earnáil luathbhlianta in Éirinn agus is gá cur leis an leibhéal cumais seo go córasach. Chun dul i ngleic leis seo, spreagfar agus tacófar leis an bhfoireann i suíomhanna réamhscoile chun oiliúint a chríochnú i leanaí faoi mhíchumas a chuimsiú. Ba cheart go mbeadh meascán d'oiliúint fhoirmiúil (creidiúnaithe) agus oiliúint neamhfhoirmiúil, faoi mar a ndéantar cur síos air thíos, i gceist le hoiliúint.

Anuas ar an moladh ar a dtugtar cuntas i Mír 5.1 a bhaineann leis an gComhordaitheoir Cuimsithe (CC), molann an GIR, anuas air sin, chun sraith cúrsaí caighdeánaithe oiliúna a fhorbairt agus/nó a thacú (e.g. iompar a thuiscint agus a bhainistiú, Neamhord Speictream an Uathachais, lagú amhairc, lagú éisteachta, deacrachtaí comhordaithe luaile, riachtanais urlabhra, teanga agus chumarsáide a thuiscint) agus d'oiliúint shaincheaptha chun freastal ar riachtanais shonracha cleachtóirí luathbhlianta. Bhainfeadh réimse páirtithe leasmhara, ina measc CCCanna, Eagraíochtaí Deonacha Cúram Leanaí (EDCanna) agus FSS leis an oiliúint a fhorbairt agus a sholáthar.

I dtaobh oiliúint neamhfhoirmiúil, tá samplaí de shár-chleachtas atá ar fáil ó áiteanna ar fud na tíre agus áirítear leo ceardlanna le haghaidh cleachtóirí luathbhlianta ag Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga FSS, Síceolaithe agus Teiripeoirí Saothair nó ag saineolaithe luathbhlianta (cleachtóirí nó acadóirí). Deimhníodh, ina theannta sin, go gcabhraíonn an oiliúint áitiúil seo, nach bhfuil chomh foirmiúil céanna, le cumarsáid a fheabhsú idir an lucht saothair luathbhlianta agus seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, agus cumasaíonn sé rochtain agus idirchaidreamh níos fearr, ar an ábhar sin, nuair a theastaíonn tacaíocht. In go leor cásanna, chabhraigh na CCCanna i gcomhordú, pleanáil nó soláthar na n-imeachtaí seo.

Tá sé á mholadh ag an GIR go bhforbraítear agus go bhfaomhtar liosta riachtanais/ábhair oiliúna (rinne roinnt CCCanna roinnt oibre air seo cheana féin) agus ba cheart na huirlisí acmhainne atá i bhfeidhm cheana féin a chur le chéile, a dhoiciméadú agus a fhoilsiú. Sa chás go sainaithnítear riachtanais oiliúna agus nach bhforbraítear aon uirlis acmhainne

chun tacú lena soláthar ar fud na tíre, dhéanfaí seirbhísí a chonrú chun na huirlisí seo a fhorbairt agus ba cheart iad a chur ar fáil lena soláthar (agus lena saincheapadh, sa chás gur cuí) ag saineolaithe áitiúla.

Costais: €0.2m sa bhliain

5.4 Leibhéal 4: Comhairle agus Tacaíocht Shaineolach Oideachais Luathbhlianta

Teastaíonn comhairle agus tacaíocht ó chleachtóirí luathbhlianta amanna ó shaineolaithe seachtracha oideachais luathbhlianta chun cabhrú leo cleachtas atá fíor-chuimsitheach a chumasú agus rannpháirtíocht optamach linbh faoi mhíchumas a chumasú sa seomra réamhscoile. Tá bonn daingean faoin luach a bhaineann le meantóireacht chun tacú le forbairt ghairmiúil agus taispeánadh seo le tionchar maith trí líon tionscnamh, ar nós Thionscnamh Rochtana Náisiúnta na Luathbhlianta (TRNLB)².

Moladh

Féadfaidh Tús Níos Fearr comhairle shaineolach oideachais a sholáthar trína Speisialtóirí Luathbhlianta (SLBanna) a bheith ag oibriú go díreach le soláthraithe. Gairmithe cáilithe luathbhlianta iad SLBanna a bhfuil taithí ghairmiúil cúig bliana, ar a laghad, acu. Soláthraíonn na comhaltaí foirne atá i bhfeidhm faoi láthair faisnéis, comhairle agus cóitseáil, nuair a theastaíonn, do chleachtóirí luathbhlianta atá bunaithe ar eolas fairsing ar forbairt an linbh agus ar chleachtas ardchaighdeán luathbhlianta. Ar a bharr sin, trí thacú le seirbhísí chun feidhmiú linbh a dhoiciméadú sa suíomh, a dhéantar a mhapáil i leith na ngarspriocanna forbartha, féadtar tacaíochtaí breise a d'fhéadfadh bheith ag teastáil chun freastal go leordhóthanach ar riachtanais leanaí sa suíomh a shainaitheint go hoibiachtúil. Faoi chúinsí eisceachtúla ina bhfuil leanaí i gceist ag a bhfuil riachtanais an-chasta, lorgófaí comhairle speisialaithe chliniciúil ó sheirbhísí luath-idirghabhála FSS.

Thacódh SLBanna le seirbhísí COLÓ tríd an méid a leanas:

- Treoir agus tacaíocht a sholáthar ar thabhairt faoi phróifíl forbartha an linbh laistigh de shuíomh COLÓ (roimh nó i ndiaidh clárúcháin) d'fhonn ullmhú, freagairt ar agus oiriúnú do riachtanais agus cumas an linbh.
- Tacaíocht agus meantóireacht a sholáthar do sholáthraithe chun timpeallachtaí saibhrithe foghlama a fhorbairt chun tacú le rannpháirtíocht gach linbh agus le cláir phleanáilte Luath-Idirghabhála (LI) chur i bhfeidhm, sa chás gur cuí, chun feabhas a chur ar fhoghlaim agus forbairt an linbh.
- Soláthraithe a mhúnlú agus a chóitseáil i dtaobh straitéisí chun rannpháirtíocht leanaí faoi mhíchumas a chumasú.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí

² Mentoring for Quality Practice in Early Childhood Education and Care – An Implementation Guide 2014

- Rannpháirtíocht i bpiarfhoghlaim ar leibhéal áitiúil nó réigiúnach a éascú
- Idirchaidreamh a dhéanamh le gairmithe FSS agus le gníomhaireachtaí eile, de réir mar a theastaíonn, chun tacú leis an leanbh agus leis an teaghlach
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an CNOS maidir le tacú le haistriú an linbh isteach go dtí an bhunscoil

Pointí idirchaidrimh agus uainiú na freagartha

Ba cheart go n-oibreodh na SLBanna, CCCanna agus Pobal as lámh a chéile chun riachtanas a shainaithint agus freagairt ar iarratais ó sheirbhísí agus/nó tuismitheoirí ar thacaíocht chun freastal ar leanaí faoi mhíchumas roimh agus i ndiaidh clárúcháin. Dhéanfaí sprioc de thréimhse freagartha 4-6 seachtaine i gcás leanaí atá cláraithe i seirbhísí. Bheadh leanaí a shainaithint roimh chlárúchán an-inmhianaithe; go hidéalach, dhéanfaí seo idir Márta agus Meitheamh sula gclárófaí an leanbh i Meán Fómhair (mura ndéantar aon athruithe eile ar sholáthar reatha Chlár COLÓ). Anuas air sin, ba cheart go ndéanfaí idirchaidreamh cuí le FSS.

An acmhainn a theastaíonn

Fostaíonn an SSLB 30 comhalta foirne Coibhéise Lánaimseartha (CLAanna) faoi láthair chun comhairle, tacaíocht agus meantóireacht a sholáthar do sheirbhísí réamhscoile. Ba cheart cur leis an bhfoireann seo chun rochtain a thabhairt ar chomhairle agus tacaíocht shaineolach oideachais do gach seirbhísí a lorgaíonn chun rannpháirtíocht linbh a uasmhéadú ag a bhfuil riachtanais chasta ar bhealach tráthúil agus freagrúil. D'áireofaí leis an bhfoireann meascán scileanna, ina mbeadh roinnt saineolaithe acu i mbainistíocht iompair, mar shampla, lena chinntiú gur féidir dul i ngleic le riachtanais seirbhísí agus gur féidir cumas na foirne a fhorbairt. Chomhlíonfadh an fhoireann bharrfheabhsaithe seo ról lárnach chun cumas a chruthú in earnáil atá ag teacht chun cinn.

Eagrófar na hacmhainní breise seo chun ceannaireacht agus comhsheasmhacht náisiúnta a chinntiú, ach idirchaidreamh agus lánpháirtiú áitiúil i gceist leis, chomh maith. Chuirfí feabhas ar an struchtúr reatha bainistíochta chun tacú leis an eagraíocht níos mó.

Meastar go dteastódh 50 post sa bhreise chun freastal ar riachtanais.

Costais: €4m in 2016, a rachadh i méid aníos go dtí €6m sa bhliain ó 2017 ar aghaidh

5.5 Leibhéal 5: Deontas do Threalamh, d’Fhearais agus do Mhionathruithe

Rinne an GIR breithniú ar an gceist lena mbaineann mionriachtanais fhéideartha chaipitil a eascraíonn as leanaí a chuimsiú atá faoi mhíchumas i réamhscoileanna príomhshrutha agus d’fhiosraigh sé saincheisteanna ábhartha leis an ROS, an RS agus FSS.

Is soiléir go dteastaíonn trealamh speisialaithe ó roinnt leanaí faoi mhíchumas lena gcuimsiú i réasmhcoil nó, ar uairibh, mionathruithe a dhéanamh ar an timpeallacht fhisiciúil a chumasú. I measc na mionriachtanas caipitil siúd, d’fhéadfadh rampa iniompartha do chathaoir rothaí, spás ciúin a sholáthar ina bhfuil an fearastú bog agus an soilsiú cuí, agus teicneolaíocht chúnta don leanbh ar a bhfuil easnaimh throma chumarsáide, a bheith i gceist. Léirigh suíomhanna COLÓ atá tiomanta do chleachtas cuimsitheach deacrachtaí roimhe seo chun rochtain a fháil ar an gcúnamh riachtanach airgeadais chun tacú le leanaí aonair.

Freastalaítear ar go leor leanaí faoi láthair a bhfuil na riachtanais siúd acu trí FSS (agus Gníomhaireachtaí Deonacha gaolmhara), ach ní fhreastalaítear ar roinnt díobh, nó, d’fhéadfadh moilleanna a bhíonn i gceist tionchar diúltach a imirt ar chuimsiú cuí an linbh. Sonraíonn an GIR go soiléir, pé gníomh a d’fhéadfaí a dhéanamh chun dul i ngleic leis na saincheisteanna seo, mar shampla, scéim deontais mhionchaipitil, níor cheart go gcuirfeadh í in ionad ról reatha FSS (agus gníomhaireachtaí gaolmhara), ach ba cheart go gcuirfeadh sí leis, ina ionad sin. Ní úsáidfeadh an scéim seo ach amháin le haghaidh athruithe nó trealamh lena mbaineann ríthábhacht maidir le clárú nó cuimsiú an linbh i réamhscoil. Mar sin, mar shampla, má theastaíonn fearas iniompartha cumarsáide ó leanbh chun cumarsáid a dhéanamh sa bhaile agus má sholáthraíonn FSS an fearas seo de ghnáth, leanfaí le súil a bheith leis go soláthródh FSS é seo don leanbh lena úsáid sa bhaile agus aon timpeallacht eile a d’fhéadfadh an leanbh a úsáid, suíomh na réamhscoile ina measc.

Leanaí a dteastaíonn timpeallacht an-speisialaithe fhisiciúil uathu

Rinne an GIR breithniú, chomh maith, ar leanaí a raibh a riachtanais chomh casta sin gur theastaigh timpeallacht an-speisialaithe fhisiciúil uathu. Faoi láthair, freastalaíonn go leor leanaí atá faoi mhíchumas an-chasta ar réamhscoileanna speisialta atá cistithe ag FSS. Cuireadh an cheist ar an GIR ar cé acu ar cheart nó nár cheart a cheangal ar gach réamhscoil príomhshrutha chun freastal ar riachtanais an-chasta timpeallachta agus cé acu an mbeadh nó nach mbeadh seo inmharthana i dtaobh cúrsaí airgeadais de nó indéanta go fhisiciúil. (D’aithin an GIR go bhfreastalaíonn a mhéid le 1,500 réamhscoil ar níos lú ná aon leanbh déag in aon bhliain amháin.)

Ar deireadh, chomhaontaigh an GIR, cé gur cheart roinnt infheistíochta a lorg, agus déileáiltear leis seo níos faide ar aghaidh i Mír 5.5, mar chuid de Leibhéal 1, ba cheart faisnéis a chur le chéile ar ghnéithe fhisiciúla rochtana agus cuimsitheacha gach réamhscoile reatha (réamhscoileanna speisialta ina measc), d’fhonn go gcuirtear tuismitheoirí, CCCanna agus daoine eile ar an eolas i gceart maidir le haon roghanna atá ar fáil.

Má thagann cás chun solais ina gcreideann tuismitheoir, le cabhair ó CCC, nach bhfuil aon rogha réasúnta ar fáil dá leanbh, ba cheart an RLGÓ a chur ar an eolas d'fhonn gur féidir leis idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí cuí maidir leis an mbearna bhraite sa tseirbhís.

An ROS agus Cistiú Caipitil FSS

Soláthraíonn an ROS cistiú d'oibreacha caipitil do bhunscoileanna gach bliain. In 2014, b'ionann seo agus €2.7m (áiríodh leis seo ranganna luath-idighabhála agus réamhscoileanna atá cistithe ag an ROS bunaithe i mBunscoileanna). Go tipiciúil, áiríodh leis na hoibreacha a chistigh an ROS ardaitheoirí, rampaí, leithris, limistéir páirceála fágála, doirse leathnaithe agus oibreacha eile a bhaineann le rochtain. Anuas air sin, d'íoc an ROS breis agus €1.4m in 2014 ar thoscán agus trealamh le haghaidh daltaí aonair riachtanas speisialta atá cláraithe i ranganna príomhshrutha.

Chomh maith leis sin, oibríonn an ROS Scéim Teicneolaíochta Cúnta. D'fhonn cáiliú do threalamh faoin Scéim seo, ní mór go ndearnadh leanbh a dhiagnóisiú le míchumas fisiciúil nó cumarsáideach agus ní mór go ndearnadh moladh i measúnú gairmiúil go raibh an trealamh ríthábhachtach chun ligean don leanbh rochtain a fháil ar an gcuraclam. Ní mór dó a bheith soiléir, chomh maith leis sin, gur leor an trealamh T.F. reatha sa scoil chun freastal ar riachtanais an linbh. Cosnaíonn an scéim (ar bhunleibhéal) thart ar €1.3m agus freastalaíonn sí ar thart ar 1,000 leanbh.

Ní féidir comparáidí díreacha a dhéanamh idir seirbhísí COLÓ agus earnáil na mbunscoileanna ar roinnt cúiseanna. Mar shampla, ní fhreastalóidh leanaí réamhscoile ar shaoráid ach ar feadh bliain amháin, agus sa bhunchóras, is gnách go gcaithfidh leanbh ag a bhfuil saincheisteanna rochtana thart ar 8 mbliana sa scoil. I ngeall ar na leibhéil chlárúcháin níos airde i mbunscoileanna, is dócháil go rachaidh aon infheistíocht shuntasach chun sochair leanaí eile atá faoi mhíchumas ag céim ar leith. Anuas air sin, deartar réamhscoileanna, i ngeall ar a gcineál, le haghaidh leanaí níos lú, níos neamhspleáiche agus cóimheasa foirne:leanaí níos ísle agus, dá bharr, tharlódh nach gcruthaíonn an timpeallacht dúshlán fisiciúil chomh mór sin a chruthaíonn bunscoil mhór.

Sholáthair FSS (agus gníomhaireachtaí gaolmhara deonacha) chomh maith leis sin, ar bhonn ad hoc, trealamh speisialaithe a úsáidfidh leanaí i réamhscoileanna. Ní raibh faisnéis mhionsonraithe ar fáil don GIR maidir le leibhéal nó costas an tsoláthair seo.

Moladh

Ba cheart córas náisiúnta a chur i bhfeidhm chun freagairt ar iarrataí soláthraithe/tuismitheoirí ar threalamh nó mionathruithe a mheasann siad atá ríthábhachtach chun tacú le cuimsiú linbh ar leith i suíomh COLÓ. Déanfar fógraíocht shoiléir ar an bhfáil atá ar an deontas agus ar na critéir ar leith a bhíonn i gceist. Leagfar amach amfhráma chun próiseáil a dhéanamh. Teastóidh ionchur ón tuismitheoir agus ón réamhscoil araon ón iarratas. Sa chás gur cuí, lorgófar tacaíocht don iarratas ón CCC áitiúil, seirbhís FSS nó ón SSLB.

Déanfar fardal náisiúnta infheistíochta a choimeád agus a roinnt leis na CCCanna, agus, sa chás gur theastaigh an trealamh ar bhonn sealadach amháin, agus gur féidir é a athchúrsáil lena n-úsáid le leanbh eile, fiosrófar agus bunófar córas athchúrsála.

Costais: €1.5 sa bhliain (áireofar leis forchostas agus costas riaracháin)

5.6 Leibhéal 6: Tacaíocht Theiripeach

Faigheann go leor leanaí atá faoi mhíchumas i réamhscoileanna príomhshrutha rochtain cheana féin ar an leibhéal riachtanach de thacaíocht theiripeach (mar shampla, Teiripe Urlabhra agus Teanga, Teiripe Shaothair agus Síceolaíocht) ó FSS/gníomhaireachtaí deonacha atá cistithe ag FSS chun freastal ar a riachtanais le haghaidh cuimsiú réamhscoile. Ní féidir le roinnt leanaí agus soláthraithe rochtain a fháil ar an tacaíocht seo, áfach, agus dá bharr, d'fhéadfadh an leanbh bheith thíos le hiarmhairtí ar cúis aiféala iad go leagfar srian dian ar a rannpháirtíocht agus a gcuimsiú.

Aithnítear i *SMCLDÓ* FSS, ó pheirspictíocht torthaí linbh agus teaghlaigh, ba cheart go dtacódh seirbhísí sláinte le leanaí atá faoi mhíchumas casta chun rochtain a fháil ar réamhscoil chúí, agus tús a chur le pleanáil aistrithe, sa chás gur féidir, bliain sula gcuireann siad tús leis an réamhscoil (*An Creat um Oibriú Comhoibritheach idir an tOideachas agus an tSláinte (2012)*) Cuirfidh athchumrú iomlán seirbhísí míchumais leanaí isteach i bhfoirne líonra faoin *SMCLDÓ* in 2016 agus tús a chur le *An Creat um Thorthaí do Leanaí agus a dTeaghlaigh*, dá chuid, a chuirfidh samhail níos comhsheasmhaí d'oibriú comhoibritheach go náisiúnta.

Soláthróidh Beartas Náisiúnta Rochtana an *SMCLDÓ* bealaí soiléire chun teaghlaigh agus réamhscoileanna a léireoidh do theaghlaigh agus do réamhscoileanna cad a bheidh i ndán dóibh amach anseo bunaithe ar riachtanais gach linbh.

Rinne an GIR cinneadh chun díriú ar thacaíochtaí teiripeacha a sholáthar lena mbaineann ríthábhacht maidir le clárú agus rannpháirtíocht an linbh i gClár COLÓ. Tuigeann an GIR go leanann FSS ag oibriú go mbeidh na hacmhainní cuí curtha ar fáil aige chun freastal ar riachtanais leanaí faoi mhíchumas pé áit a dtagann a riachtanais chun solais nó pé bealach a thagann siad chun solais.

Aithníonn an GIR réimse sár-thionscnamh a bhí ar bun le blianta beaga anuas timpeall na tíre ag FSS agus ag gníomhaireachtaí gaolmhara deonacha, CCCanna, soláthraithe aonair agus eagraíochtaí eile chun seirbhísí teiripe a chur ar fáil, chun an toradh a uasmhéadú ó acmhainní finideacha teiripe, chun cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith dul i ngleic le riachtanais leanaí, agus le tuismitheoirí agus ceannasaithe réamhscoile a chumasú chun clár cineálach nó saincheaptha idirghabhála a sholáthar. Chomhaontaigh an GIR go leanann bearnaí bheith ann i soláthar seirbhíse agus go dteastaíonn infheistíocht bhreise chun seirbhísí cuimsitheacha agus tráthúla luath-idirghabhála a chuirfeadh barr feabhais ar rannpháirtíocht gach linbh atá faoi mhíchumas i gClár COLÓ ar bhonn comhsheasmhach timpeall na tíre.

Modhanna chun teiripe nó idirghabháil síceolaíochta a sholáthar

Leanaí óna dteastaíonn idirghabháil theiripeach lena chinntiú gur féidir freastal ar a rannpháirtíocht i réamhscoileanna ar roinnt leanaí; ní theastaíonn seisiúin duine ar dhuine i gcónaí leis an leanbh sa seomra réamhscoile. I measc na hidirghabhála rathúla, tá:-

1. faisnéis a sholáthar, pacáí comhairle agus treoirlínte praiticiúla chun cabhrú le leanaí, tuismitheoirí agus ceannasaithe réamhscoile maidir le limistéir chomhdhúshláin
2. oiliúint a chur ar tuismitheoirí nó ar cheannasaithe réamhscoile (i seisiúin duine ar dhuine nó i ngrúpsheisiúin) chun tuiscint a fháil ar riachtanais an linbh agus freagairt go cuí orthu
3. clár nó straitéis shaincheaptha a sholáthar san ionad sláinte áitiúil chun cabhrú leis an gceannasaí réamhscoil chun freagairt ar riachtanais nó iompar ar leith
4. comhairle agus tacaíocht ghairmiúil ar an nguthán nó ar ríomhphost
5. oibriú duine ar dhuine leis an leanbh nó an ceannasaí réamhscoile i suíomh na réamhscoile
6. scagadh a dhéanamh ar ghrúpa réamhscoile

Maidir le hearra 1 thuas, deimhníodh gur bhain leanaí, tuismitheoirí agus soláthraí tairbhe mhór as go leor clár chaighdeánaithe oiliúna le haghaidh tuismitheoirí nó foireann réamhscoile (mar shampla, Hanen, ELKLAN, Lámh). Má sholáthraítear an oiliúint mar chuid de chlár struchtúrach forbartha gairmiúla leanúnaí, féadfaidh siad torthaí feidhmeacha níos fearr a sholáthar do leanaí, agus barr feabhais a chur ar an úsáid éifeachtúil a bhaintear as acmhainní finideacha, i gcomhthráth. Chomhaontaigh an GIR, anuas ar idirghabháil duine ar dhuine le leanaí agus lena gceannasaithe réamhscoile, d'fhéadfaí luach suntasach a ghnóthú trí straitéisí uilíocha a ndéantar comhaontú náisiúnta orthu a fhorbairt chun oiliúint, faisnéis agus tacaíocht ghinearálta a sholáthar do leanaí faoi mhíchumas, anuas ar straitéisí cothroma sprioctha do leanaí ar leith a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Ghlac an GIR leis, chomh maith, nár cheart gach leanbh ar tugadh ábhar buartha chun solais ina leith a atreorú chuig seirbhísí speisialaithe míchumais. B'fhéidir go mbeadh roinnt leanaí ní b'oiriúnaí lena n-atreorú chuig an bhFoireann Chúraim Phríomhúil. Is gá do tuismitheoirí agus réamhscoileanna seo a thuiscint go soiléir. Chomhaontaigh an GIR gur cheart go n-oibreodh FSS leis an earnáil luathbhlianta chun faisnéis chuí a chur ar fáil maidir leis an gconair atreoraithe agus rochtana ar na Foirne ábhartha Cúraim Phríomhúil agus Míchumais, de réir bheartas Rochtana Náisiúnta FSS (atá ar feitheamh) agus fad atá uirlisí oiriúnacha oiliúna á bhforbairt. D'aithin an GIR go gcomhlíonann na CCCanna agus na Coistí Náisiúnta Deonacha Cúram Leanaí (CNDCanna) ról ríthábhachtach i gcumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus

le soláthraithe agus i ndeiseanna oiliúna a éascú idir soláthraithe COLÓ agus FSS/seirbhísí atá cistithe ag FSS.

Chomhaontaigh an GIR, sa mhullach air sin, gur cheart go leanfadh Tús Níos Fearr (SSLB agus CCCanna) le ceangail thréana a fhorbairt le seirbhísí áitiúla FSS/seirbhísí áitiúla atá cistithe ag FSS. (Tá ionadaithe ag go leor Boird CCC ó FSS/seirbhísí atá cistithe ag FSS, áit a cruthaíodh caidreamh táirgiúil, óna n-eascaíonn torthaí dearfacha do leanaí, tuismitheoirí agus soláthraithe.)

Moladh

I ndiaidh go leor plé a dhéanamh ar roghanna éagsúla (an rogha sin san áireamh ina ndéantar seirbhísí teiripe a chonrú ó ghníomhaireacht reatha dheonach lena gcomhlonnú laistigh de Tús Níos Fearr), chomhaontaigh an GIR gur cheart poist bhreise teiripe a chistiú d’FSS. Molann sé gur cheart go leagfaí an bhéim i bPlean Seirbhíse FSS ar sheirbhísí luath-idirghabhála agus, mar chuid de sin, riachtanas a chur i dtaifead i dtaobh leibhéal tosaíochta a thabhairt do chuimsiú a éascú i réamhscoileanna. D’éascódh na poist bhreise teiripe seo cur i bhfeidhm an SMCLDÓ agus béim á leagan ar luath-idirghabháil chun torthaí le haghaidh leanaí agus a dteaghlach a bhaint amach a mhéid agus is féidir. D’áireofaí leis an tsamhail seo díriú ar oibriú comhoibritheach le teaghlaigh agus le réamhscoileanna a fhorbairt agus a bharrfheabhsú chun tacú le leanaí faoi mhíchumas casta chun rochtain a fháil ar réamhscoil phríomhshrutha, sa chás gur cuí. Dhéanfaidh Príomhtháscarí Feidhmíochta (PTFanna) nua ráithiúla tacaíocht a sholáthar do agus monatóireacht a dhéanamh ar an infheistíocht chun dul chun cinn i leith tacaíocht a sholáthar do thuismitheoirí agus d’fhoireann réamhscoile a chur i dtaifead.

Molann an GIR go dtabharfaí roinnt infheistíochta d’FSS chun acmhainní oideachais a fhorbairt a n-úsáidfear iad i measc fhoireann COLÓ (i gcomhoibriú le CCCanna agus daoine eile).

Theastóidh acmhainn bheag teiripe chun cur leis na próisis iarratais faoi Leibhéal 5 agus Leibhéal 7 den tsamhail (faoi mar a phléitear i Mír 5.5 agus 5.7).

Acmhainní a theastaíonn / costais

Shainaithin suíomhanna COLÓ an gá atá le rochtain ar Theiripe Urlabhra agus Teanga, Teiripe Shaothair agus Síceolaíocht.

Teastóidh thart ar 50 comhalta foirne Coibhéise Lánaimseartha, ar chostas iomlán €3m. Úsáidfear €0.5m den chistiú seo chun cabhrú le modúil oiliúna (Leibhéal 3 agus 6) agus gníomhaíochtaí iarratais (Leibhéal 5 agus 7) a bhunú i gcomhar le Tús Níos Fearr.

Soláthrófar poist do na hEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (ECPanna) laistigh d’FSS chun feabhas a chur ar Fhoirne reatha Luath-Idirghabhála. Seachas go bhfreastalóidh na sealbhóirí reatha poist ar riachtanais, glacfar cur chuige foirne iomláine idirdhisciplíneach, a chinnteoidh an tseirbhís is fearr is cuí agus is freagrúla, ar an ábhar sin.

5.7 Leibhéal 7: Cúnamh Breise sa Seomra Réamhscoile

Tugann fianaise idirnáisiúnta agus náisiúnta le fios gur leor tacaíochtaí a liostaítear ó 5.1 go dtí 5.6 (nuair a fhorbraítear i gceart iad) chun freastal ar riachtanais thromlach na leanaí faoi mhíchumas. I gcás líon beag leanaí, áfach, a meastar gurb ionann iad agus idir 1% agus 1.5% de chohórt COLÓ, beidh cúnamh breise sa seomra réamhscoile ag teastáil.

Léirigh fianaise an tábhacht a bhaineann, don leanbh, le difreáil shoiléir a dhéanamh ar na leanaí siúd a dteastaíonn an tacaíocht bhreise seo uathu, ó na leanaí nach dteastaínn an tacaíocht seo uathu, agus an tábhacht a bhaineann le fíis shoiléir don duine breise sa seomra réamhscoile d'fhonn nach ndéanann siad nochtadh an linbh do cheannasaí na réamhscoile nó do phiaraí an linbh a laghdú.

Rinne an GIR breithniú ar mheicníochtaí éagsúla soláthair chun cúnamh breise a thabhairt sa seomra réamhscoile. Ina measc seo bhí an méid a leanas: - caipitíocht mhéadaithe do leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu (leis an leibhéal caipitíochta ag brath ar chastacht an mhíchumais); foireann réamhscoile/cóimheasa leanaí laghdaithe anuas ó 1:11 faoi láthair, go dtí 1:8; agus painéal cúntóirí a bhunú a bhféadfadh seirbhísí réamhscoile baint as.

Ar deireadh, agus i ndiaidh dul i mbun comhairliúcháin, chomhaontaigh an GIR gurb é caipitíocht bhreise a sholáthar do sholáthraí COLÓ an rogha is fearr. I measc na dtosca a d'imir tionchar ar an rogha seo, bhí an mian chun díriú ar bhealach freagrúil ar riachtanais an linbh, mianta a léirigh an earnáil luathbhlianta chun féinriail níos fearr a bhaint amach ina seirbhís a bhainistiú, agus an chaoi gur bhain an córas sin luach ar airgead amach. Leagtar amach an chaipitíocht bhreise a soláthraíodh, a bhraithfidh ar riachtanas an linbh, sa tábla thíos:

Tábla 5: Caipitíocht Bhreise		
	Caipitíocht Bhreise	Sonraí
Leanaí a bhfuil riachtanais neamhchasta acu	n/b	n/b
Leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu	€130 in aghaidh an linbh sa tseachtain	Ar chomhionann le 10 n-uaire an chloig de chúnamh breise sa tseachtain ar €13 san uair
Leanaí a bhfuil riachtanais an-chasta acu	€195 in aghaidh an linbh sa tseachtain	Ar chomhionann le 15 huaire an chloig de chúnamh breise sa tseachtain ar €13 san uair

Go hachomair, beartaítear táille bhreise chaipitíochta a mhéid le €195 sa tseachtain (anuas ar na táillí caighdeánacha caipitíochta). D'úsáidfeadh réamhscoileanna an táille bhreise chaipitíochta seo chun cúnamh breise a cheannach isteach chuig an seomra réamhscoile i dtromlach mór na gcásanna, ach, ag brath ar riachtanais an linbh, agus má chomhaontaítear sin leis na páirtithe éagsúla atá bainteach, d'fhéadfaí í a úsáid chun an tseirbhís réamhscoile a éascú chun cóimheasa a laghdú anuas ó 1:11 go dtí 1:8 gan an tseirbhís a bheith thíos le cailteanais airgeadais agus sa chás go gcosnaítear sábháilteacht agus folláine an linbh.

Ní bheadh cuid de na cóimheasa foirne / leanaí i gceist le haon chúnamh breise sa réamhscoil, chun críocha na Rialacháin um Chúram Leanaí. Is amhlaidh atá seo chun úsáid na hacmhainne seo a úsáid chun freastal ar na riachtanais ar leith dá cistíodh é.

Chosnódh an chaipitíocht bhreise seo thart ar €8 milliún sa bhliain (ag glacadh leis go dteastódh an leibhéal se tacaíochta ó thart ar 1.5% de leanaí a fhreastalaíonn ar shuíomhanna COLÓ). Theastódh forchostas breise chun an scéim a riar agus pléitear seo faoi 5.7.2.

Bhunófaí treoirínte soiléire maidir le húsáid an chistithe ag soláthraithe. Leagfaidís seo amach ranníocaíocht an tuismitheora leis an gcinnteoireacht. Chomh maith leis sin, chuirfí socruithe comhlíonta agus meicníochtaí tréana maoirsithe/tuairiscithe i bhfeidhm lena chinntiú go mbaintear úsáid chuí as an gcaipitíocht bhreise seo.

5.7.1 Saincheistanna a bhfuil breithniú le déanamh orthu:

Deontas um Theagasc Baile: Faoi na socruithe reatha, tá leanaí a ghlacann páirt i gClár COLÓ fós incháilithe an Deontas um Theagasc Baile a fháil, ach ar ráta laghdaithe a léiríonn a leibhéal freastail ina réamhscoil. Is gá breithniú a dhéanamh anois ar na socruithe amach anseo. Is tábhachtach breithniú a dhéanamh, go háirithe, ar cé acu ar cheart nó nár cheart rogha a thabhairt do thuismitheoirí ar theagasc baile nó COLÓ, nó mar rogha air sin, cé acu ar cheart nó nár cheart teagasc baile a dhiúltú, sa chás go bhfuil socrúcháin le tacaíocht ar fáil. Is amhlaidh atá seo faoi láthair i gcás leanaí ar féidir leo bheith rannpháirteach i socrúcháin luath-idirghabhála nó i socrúcháin i scoileanna de chuid na Roinne.

Má dhéantar an cinneadh gan leanúint leis an Deontas um Theagasc Baile ar an údar go bhfuil socrúchán réamhscoile le tacaíocht ar fáil, d'eascródh laghdú suntasach as seo ar an éileamh ar theagasc baile a chomhfhreagraíonn don líon socrúchán atá ar fáil.

Aithníonn an ROS go bhféadfaí coigilteas fíor agus inbhraite a bhaint amach óna buiséad don Deontas um Theagasc Baile. Ó pheirspictíocht rialachas airgeadais de, tuigtear nach féidir an coigilteas sin a leithdháileadh ó Roinn amháin go dtí Roinn eile. Ina ionad sin, is gá an coigilteas a dhearbhu agus is gá Buiséid na Ranna ábhartha a choigeartú.

Molann an GIR go gcaithfí roinnt ama ar an tsamhail nua seo a bhunú sula ndéanfar aon chinneadh maidir le todhchaí an Deontais um Theagasc Baile. Ba cheart go bhfanfadh an cheist ar chlár an GTEC, áfach, a phléitear i Mír 6.0 agus go gcruthódh sí cuid de théarmaí tagartha athbhreithnithe fhoirmiúil i ndiaidh trí bliana.

Réamhscoileanna Speisialta agus Réamhscoileanna Luath-Idirghabhála: Díreach ar an gcaoi go bhféadfadh éileamh níos lú eascairt as tabhairt isteach na samhla seo ar an Deontas um Theagasc Baile, agus go bhféadfadh go ndéanfaí acmhainní airgeadais agus forchostais a aistriú, d'fhéadfadh go dtiocfadh laghdú ar líonta na leanaí a chláraíonn i réamhscoileanna speisialta agus i réamhscoileanna luath-idirghabhála, chomh maith.

Tugann an GIR foláireamh tréan nár cheart na laghduithe siúd ar chlárúchán a spreagadh go dtí go bhfuil an tsamhail dea-bhunaithe agus gur chruthaigh sí go mbíonn an rath

uirthi chun freastal ar riachtanais leanaí ag a bhfuil leibhéil níos ísle de mhíchumas. Aithníonn an GIR go bhféadfadh líon an-bheag leanaí a bheith ann a dhéantar a shocrú go neamhchuí i réamhscoileanna speisialta nó i ranganna luath-idirghabhála a d'fhéadfadh a lorg chun aistriú trasna sna luathchéimeanna go dtí réamhscoileanna príomhshrutha. Faoi mar a luaitear thuas, ba cheart don Deontas Feabhsúcháin Cúram Leanaí (an DFCL) monatóireacht dhlúth a dhéanamh air seo agus ba cheart seo a chur san áireamh i dtéarmaí tagartha an athbhreithnithe atá le déanamh i ndiaidh trí bliana. Ba cheart a aithint, ina theannta sin, go leanfaidh go leor tuismitheoirí leis na réamhscoileanna speisialta seo a roghnú mar gheall ar na cáilíochtaí níos airde atá bainte amach a bhfoireann (ginearálta) agus na cóimheasa foirne/leanaí níos ísle atá iontu.

Teastóidh bailiú breise sonraí ar an gcóras reatha lena chinntiú go gcuirtear bonnlíne chruinn i dtaifead. Beartaíonn an RLGÓ chun iniúchadh bonnlíne a choimisiúnú ar cháilíocht agus fiosróidh sé an cumas chun bailiú sonraí a chur san áireamh sa limistéar seo.

5.7.2 An próiseas iarratais le haghaidh cúnamh breise sa seomra réamhscoile

D'fhonn acmhainn fhinideach náisiúnta a úsáid san áit is mó a dteastaíonn sí, teastóidh próiseas iarratais agus monatóireachta chun leanaí agus (réamhscoileanna) a shainaitheint a dteastaíonn cúnamh breise uathu anuas ar an réimse tacaíochtaí atá ar fáil cheana féin (ó 5.1 go 5.6). Cuirfidh an próiseas monatóireachta ar chumas dul chun cinn an linbh agus na réamhscoile a rianú d'fhonn gur féidir an acmhainn a laghdú nó a mhéadú faoi mar is gá.

Déanfar an próiseas iarratais a mhaoirsiú go náisiúnta agus beidh sé daingean, oibiachtúil agus trédhearcach. Déanfar é a chomhtháthú leis an gcóras reatha TF a úsáidtear go náisiúnta do shuíomhanna COLÓ (i.e. an tArdán um Chur i bhfeidhm Clár). Déanfar faisnéis shoiléir ar an bpróiseas, critéir ábhartha, amfhrámaí etc. a fhoilsiú agus a chur ar fáil ó roinnt foinsí. Beidh córas achomharc i bhfeidhm agus, beidh an ceart acu siúd nach bhfuil sásta le toradh an phróisis iarratais achomharc a dhéanamh, faoi dheoidh, leis an Ombudsman faoin dlí.

Díreoidh an t-iarratas ar leibhéal feidhme an linbh faoi mar a bhaineann sé lena rannpháirtíocht i réamhscoil. Ní dhíreoidh sé ar dhiagnóis. Úsáidfear próifíl chaighdeánaithe feidhme, a bhaineann le leanaí réamhscoile, lena shainaitheint go hoibiachtúil na limistéir ina bhfuil riachtanais an linbh chomh casta sin go dteastaíonn tacaíochtaí breise uaidh/uaithe. Forbrófar an fhoirm iarratais agus aon uirlisí gaolmhara mar chuid de thionscnamh comhoibritheach idir an RLGÓ, an RS, an SSLB agus FSS.

Beidh an próiseas iarratais inrochtana ó Fheabhra go Meitheamh agus arís eile ó Mheán Fómhair go Samhain faoi chlár reatha COLÓ (agus beidh sé ar fáil i gcaitheamh na bliana go léir, dá síneofaí Clár COLÓ i gcomhréir leis an nGrúpa Idir-Rannach um Infheistíocht Amach Anseo). Spreagfar iarratais do leanaí a bhfuil an leibhéal is airde de riachtanas acu 7 mí sula mbeifear ag súil lena gclárú. Is i mí Feabhra a dhéanfar seo, faoi láthair. Sa chás nach léir riachtanais leanaí ach i ndiaidh go gcláraítear iad, beidh an próiseas iarratais inrochtana arís eile.

Cumasóidh seo cur chuige céimnithe i leith fhreagairt ar riachtanais an linbh, is é sin, déanfar roinnt leanaí a cháiliú láithreach don acmhainn bhreise, b'fhéidir go ndéanfaí

leanaí eile a threorú isteach i struchtúr ardtacaíochta (faoi Leibhéal 4 agus/nó 6), agus, má theipeann air seo chun freastal ar a riachtanais, déanfar iad a chur ar aghaidh gan mhoill go ndéanfar measúnú breise ar an ngá atá acu le cúnamh breise.

Tugann taithí le fios go mbíonn léargas maith ag tuismitheoirí agus ag cleachtóirí réamhscoile ar an méid a theastaíonn ón leanbh chun páirt a ghlacadh i réamhscoil agus baineann ríthábhacht lena dtuairimí agus lena n-ionchur. Léireofar sa phróiseas an méid seo, dá bharr. Déanann taithí in earnálacha eile an tábhacht a léiriú a bhaineann le maoirseacht a dhéanann gairmithe nach bhfuil aithne ag an leanbh, an teaghlach nó an soláthraí orthu chun measúnú atá go hiomlán oibiachtúil agus trédhearcach a chinntiú. Léireofar an taithí seo, lena chois sin, i ndearadh an phróisis iarratais.

Sa chás gur gá, cuirfidh FSS leis an gcinneadh ar cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn tacaíochtaí breise, ina measc socruithe a dhéanamh le haghaidh ionchur teiripe, faoi mar is gá.

5.7.3 Iompar

Tugadh ceist an iompair go dtí agus ó shuíomhanna COLÓ do leanaí faoi mhíchumas chun solais i rith an phróisis chomhairliúcháin. Rinne an GIR breithniú suntasach ar an tsaincheist seo agus d'aithin sé na deacrachtaí a mbíonn roinnt leanaí agus tuismitheoirí thíos leo.

Rinne an GIR an cinneadh, ar deireadh thiar, gan soláthar a dhéanamh do riachtanais iompair faoin tsamhail seo. Bhunaigh sé a chinneadh ar go leor tosca, ina measc an chaoi go leanfadh leanaí le rochtain a bheith acu ar réamhscoileanna speisialta agus ar sheirbhísí gaolmhara iompair, agus ar ghaireacht níos gaire suíomhanna príomhshrutha COLÓ lena dtacaíonn an tsamhail seo. Molann an GIR go leanann an GTEC le hathbhreithniú a dhéanamh ar cheist an iompair agus go gcruthaíonn sé cuid den Athbhreithniú Neamhspleách i ndiaidh trí bliana.

5.7.4 Moladh

Molann an GIR go soláthraítear cistiú bliantúil a mhéid le €8.5 milliún chun córas de chaipitíocht bhreise a bhunú do leanaí nach féidir freastal ar a riachtanais trí Leibhéal 1-6 den tsamhail seo. Bunófar próiseas daingean, trédhearcach agus oibiachtúil chun tacú leis an bpróiseas iarratais agus cinnteoireachta seo. Foilseofar faisnéis, critéir shoiléir etc.

Costais: €4.5m in 2016, a rachadh i méid aníos go dtí €8.5m sa bhliain ó 2017 ar aghaidh (forchostas agus costas riaracháin ina measc)

5.7.5 Seirbhísí COLÓ níos mó agus Samhail Bhlocdheontais a fhiosrú

Creideann an GIR go tréan gurb í an tsamhail chaipitíochta thuas an tsamhail is cuí nuair a chuirtear san áireamh an líon mór suíomhanna an-bheaga COLÓ atá ann ar fud na tíre. Rinne an GIR breithniú ar shamhlacha "a bhfuil súil leo" arb ann dóibh go hidirnáisiúnta, ach bhí sé ina chonclúid aige go gcuirtear cosc ar aon thuar cruinn a dhéanamh ar an líon leanaí ag a bhfuil riachtanais an-chasta a thiofadh i láthair i suíomh COLÓ in aon bhliain ar leith i ngeall go bhfuil go leor de shuíomhanna COLÓ in Éirinn faoi láthair beag. Cé go

bhféadfadh go n-éireodh leis na samhlacha siúd i mbunscoileanna níos mó, mar shampla, mar thoradh ar chineál earnáil COLÓ, d'fhéadfadh go ndéanfaí an iomad acmhainní a sholáthar dá leithéid de shamhail i mbliain amháin (nuair nach dtagann leanbh a bhfuil riachtanais chasta aige/aici i láthair) agus d'fhéadfadh go ndéanfaí tearcsholáthar acmhainní don chéad bhliain eile (nuair a thiocfaidh leanbh a bhfuil riachtanais chasta aige/aici i láthair).

Chreid an GIR, ina theannta sin áfach, gurbh fhiú a fhiosrú an bhféadfadh suíomhanna COLÓ níos mó oibriú faoina leithéid de shamhail. Mheas an GIR gurbh fhiú measúnú neamhspleách a choimisiúnú ar shamhail taispeána. D'fhéadfaí iarraidh ar cheann amháin nó níos mó de na suíomhanna níos mó chun a mbonn daonra a phróifíliú agus iarracht a dhéanamh chun an líon leanaí ag a bhfuil riachtanais an-chasta a d'fhéadfadh freastal ar na suíomhanna siúd a thuar. Ina dhiaidh sin, dhearfadh an suíomh seirbhís chun freastal ar na riachtanais seo. Bhunófar a dtuar ar aon sonraí déimeagrafacha a bheadh ar fáil, anuas ar a bhfaisnéis féin chlárúcháin a bailíodh roimhe seo. Sholáthrófaí blocdhentas a mbeadh súil leis a fhreastalódh ar a riachtanais chuimsithe go léir (cúnamh breise sa seomra ranga agus trealamh nó fearais san áireamh).

I ngeall ar an amfhráma gearr a bhí ar fáil don GIR, níorbh fhéidir a leithéid de shamhail a fhorbairt go hiomlán, ach molann an GIR, áfach, má sholáthraítear cistiú do Leibhéal 7, go dtabharfar an lánrogha don GIR chun a leithéid de shamhail a choimisiúnú le suíomh amháin nó níos mó agus measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh an tsamhail seo a shíneadh chun cohórt níos mó suíomhanna a chuimsiú.

6.0 Struchtúr Náisiúnta Maoirseachta

Má dhéantar tuarascáil an GIR a ghlacadh agus a chistiú, cuirfear Foireann Náisiúnta Chomhordaithe agus Bhainistíochta (FNCB) i bhfeidhm sa RLGÓ chun a mholtaí a chur i bhfeidhm agus chun maoirseacht agus bainistíocht náisiúnta a sholáthar ar an tsamhail nua, i gcomhoibriú leanúnach leis an ROS agus an RS agus le páirtithe leasmhara eile. Bunóidh an FNCB Grúpa Tras-Earnála um Chur i bhFeidhm (GTEC) chun comhaontú a dhéanamh ar phlean tionscadail, chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus lena chinntiú go dtugtar faoin ngníomh cuí.

Bítear ag súil leis go gcuirfidh gach suíomh COLÓ cúram agus oideachas cuimsitheach agus go gcuirfidh siad lena gcumas chun tacú le leanaí faoi mhíchumas go comhsheasmhach i gcaitheamh ama. Cinnteoidh an FNCB seo go gcuirfear an réimse tacaíochtaí (5.1 go 5.7) i bhfeidhm, agus go gcuirfear leo i gcaitheamh ama, chun tacú le leanaí faoi mhíchumas agus le suíomhanna COLÓ. Is é is dóchúla go gcuirfidh an FNCB leis an bhfaisnéis ar chórais atá i bhfeidhm cheana féin do Chlár COLÓ. Féadfaidh an FNCB a chinneadh chun riar iarratais ar Leibhéal 5 agus Leibhéal 7 agus an próiseas cinnteoireachta a sheachfhoinsiú do ghníomhaireacht chuí, agus beidh an fhreagracht fhoriomlán ar an FNCB agus an GTEC i gcónaí.

Ba cheart don FNCB a chinntiú go gcoimisiúnaítear iniúchadh bonnlíne seirbhísí in 2016 agus measúnú foirmiúil agus neamhspleách ar an tsamhail a bheidh ag titim amach i ndiaidh trí bliana.

Oibreoidh an FNCB leis an GTEC chun comhaontú a dhéanamh ar phróiseas cumarsáide leis an earnáil luathbhlianta i gcaitheamh tréimhse roinnt míonna sula dtabharfar an tsamhail isteach.

Costais: €0.2 milliún sa bhliain

7.0 Achoimre ar Chostais agus an tAmfhráma le haghaidh Cur i bhFeidhm

Tugtar achoimre sa tábla a leanas ar na costais iomlána a bhaineann leis an tsamhail seo a thabhairt isteach agus a leabú.

Féadtar roinnt gnéithe den tsamhail a thabhairt isteach i Meán Fómhair 2016, agus leas á bhaint as na míonna idir an dá linn chun córais a bhunú agus foireann a earcú etc. (Leibhéal 2, 4, 5, 6 agus 7). Teastaíonn forbairt acmhainní ó leibhéal eile, Leibhéal 1 agus 3 ach go háirithe, a gcuirfead tús leis in 2016 ach a ghlacfaidh roinnt blianta chun na leibhéil optamacha a bhaint amach.

Is uailmhianach ach réasúnta go mbeifear ag súil le tús a chur i Meán Fómhair 2016 leis an tsamhail a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe. Ní bheadh costais bhliana iomláine, ar an ábhar sin, i gceist le costais 2016. Tá géarghá le €13.75m in 2016 chun an tsamhail a fhorbairt go leordhóthanach, chun tiomantas a léiriú d'fhreastal ar riachtanais leanaí faoi mhíchumas agus chun na dúshláin a bhíonn roimh an earnáil luathbhlianta go ginearálta a aithint.

Tábla 6: Costais						
	Gné na samhla	2016 (m)	2017 (m)	2018 (m)	2019 (m)	2020 (m)
1.	Cultúr Cuimsitheach	1.6	2.6	3.6	4.6	4.1
2.	Faisnéis do Thuismitheoirí agus do Sholáthraithe	0.05	0.015	0.015	0.015	0.015
3.	Lucht Saothair Cáilithe agus Muiníneach Foghlaiméoir	0.2	0.2	0.2	0.2	0.2
4.	Comhairle agus Tacaíocht Shaineolach Luathbhlianta Oideachais	4.0	6.0	6.0	6.0	6.0
5.	Deontais an próiseas iarratais do Threalamh, d'Fhearais agus do Mhionathruithe	1.2	1.5	1.5	1.5	1.5
6.	Idirghabháil Theiripeach*	2.0	3.0	3.0	3.0	3.0
7.	Cúnamh Brise sa Seomra Réamhscoile agus an Próiseas Iarratais	4.5	8.5	8.5	8.5	8.5
8.	Maoirseacht Náisiúnta	0.2	0.2	0.2	0.2	0.2
	COSTAS IOMLÁN SA BHLIAIN	13.75	22.02	23.02	24.02	23.52
	IOMLÁN BREISE SA BHLIAIN	13.75	8.27	1.0	1.0	-0.5

* tagraítear do chostais na Roinne Sláinte

Nóta:

Glactar leis sa tsamhail seo nach ndéanfar aon athruithe ar sholáthar Chlár COLÓ agus bhunaigh an tsamhail gach costas ar an tsamhail reatha soláthair. Tá aird ag an GIR, áfach, ar roghanna éagsúla le haghaidh infheistíocht amach anseo, faoi mar a leagtar amach i dTuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh um Infheistíocht Amach Anseo i gCúram agus Oideachas Luathbhlianta agus Aois Scoile. Baineann an rogha chun an soláthar reatha réamhscoile saor in aisce a shíneadh go mór le hábhar d'fhonn go gcáileofaí leanaí do Chlár COLÓ ó aois

3 bliana go dtí an tráth sin a n-aistreofar iad go dtí scolaíocht fhoirmiúil. Féach Aguisín 2 chun teacht ar shonraí agus Aguisín 3 chun teacht ar chostais choigeartaithe na samhla seo, a chuireann san áireamh an soláthar sínte reámhscoile saor in aisce sin).

Aguisín 1 Comhdhéanamh an Ghrúpa Idir-Rannaigh

Bernie McNally (Cathaoirleach)	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Anne-Marie Brooks	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Mairéad O’Neill (Rúnaí)	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Jim Mulkerrins	An Roinn Oideachais agus Scileanna
Aoife Conduit	An Roinn Oideachais agus Scileanna
Kieran Smyth	An Roinn Sláinte
Joe Rynn	Coiste Cúram Leanaí Chathair Bhaile Átha Cliath
Ann Bourke	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Teresa Griffin	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
Dharragh Hunt	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
Fiona McDonnell	An Chigireacht Náisiúnta Luathbhlianta, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Margaret Rogers	An tSeirbhís Náisiúnta Speisialaithe Luathbhlianta, Tús Níos Fearr

Aguisín 2:

An GIR um Infheistíocht i gCúram agus in Oideachas Luathbhlianta agus Aois Scoile: Achoimre Feidhmiúcháin

An Tuarascáil mar phointe tosaigh le haghaidh obair bhreise

Chuir an Grúpa Idir-Rannach tús lena chuid oibre go déanach in Eanáir. Chuir an t-amfhráma le haghaidh fhorbairt na Tuarascála dúshlán mór romhainn. Nuair a chuirtear é sin san áireamh, tá an Grúpa meáite ar an mbéim a leagan air go soláthraítear sa Tuarascáil, ag an bpointe seo, cáipéis phlé le haghaidh ardán beartaithe d'infheistíocht. Faoi réir thuairimí an Rialtais, teastóidh ó gach ceann de na roghanna aonair, luas a gcuir i bhfeidhm agus ón aistriú ó shocruithe reatha, obair bhreise shuntasach chun ullmhú a dhéanamh do phleananna mionsonraithe le haghaidh cur i bhfeidhm, rialacha sonracha do na scéimeanna agus costálacha níos mionsonraithe.

Na rudaí a chuireann athrú chun cinn

Is mian leis an nGrúpa, chomh maith leis sin, an bhéim a leagan air go mbaineann castacht le comhdhearcadh a dheimhniú agus a chruthú i dtaobh na bprionsabal/na gcuspóirí beartais ar cheart dóibh faisnéis a sholáthar do chinntí infheistíochta sa limistéar seo. Tugtar chun solais i dtéarmaí Tagartha an GIR go n-aithníonn an Rialtas gur chuir dhá rud athchóiriú chun cinn go dtí seo, ina measc:

- An luach a bhaineann le soláthar luathbhlianta a aithint i dtaobh a chinntiú go dtugtar an tús is fearr do leanaí, anuas ar
- A aithint gurb ionann an fháil a bhíonn ar chúram leanaí inacmhainne agus bac ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair nó dreasacht don mhargadh saothair.

Tá roinnt aidhmeanna sainráite ag infheistíocht reatha an Rialtais i luathbhlianta:

- Forbairt optamach do gach leanbh a chur chun cinn agus chun an bhearna a líonadh i ngnóthachtáil idir leanaí atá faoi bhuntáiste agus faoi mhíbhuntáiste, trí sheirbhísí ardchaighdeáin um chúram agus oideachas na luath-óige a sholáthar; Tugtar faoi seo, faoi láthair, mar shampla, trí Chlár um Cúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLO);
- Tuismitheoirí a chumasú chun ullmhú a dhéanamh d'fhilleadh ar fhostaíocht íoctha trí pháirt a ghlacadh in oiliúint, oideachas agus i mbearta gníomhachtaithe eile. Tugtar faoi seo, faoi láthair, faoin tsraith Cláir Oiliúna agus Oideachais i gCúram Leanaí (OOC); agus
- Chun tacú le teaghlaigh, go háirithe iad siúd i bhfostaíocht ísealphá, chun cabhrú le sochar a bhaint as an obair. Faoi láthair, tá de chuspóir chlár an Fhóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal (DCL) seo a dhéanamh.

Tá cuspóir breise um laghdú bochtaineachta intuigthe sna cuspóirí seo. Oibríonn go leor de na cláir seo i gcomhar le bearta eile tacaíochta ioncaim (bearta uilíocha, ar nós Sochar Linbh agus bearta sprioctha, ar nós íocaíocht cuardaitheora poist, forlíonadh ioncam

teaghlaigh agus tuismitheora aonair) agus úsáidtear iad chun gníomhachtú an mhargaidh saothair a ghiaráil agus chun an brath ar thacaíochtaí ioncaim a laghdú.

Tá an GIR faoin tuairim go bhfuil gach ceann de na ceithre chuspóir seo bailí agus idirghaolmhar. Tá roinnt díospóireachta ann i dtaobh a mholadh gur cheart tús áite a thabhairt do thorthaí forbartha leanaí, ó pheirspictíocht shochoaíoch, i measc torthaí comhionanna sna cuspóirí seo. Tá an GIR faoin tuairim gur cheart agus gur féidir leis na cuspóirí seo oibriú ar bhealach comhlántach. D'fhéadfadh bunteannas eascairt eatarthu, áfach. Díríodh obair an GIR ar a chinntiú gur féidir na cuspóirí seo a choimeád cothrom agus go gcoimeádtar an trádhalartú féideartha idir roghanna éagsúla beartais a ísle agus is féidir nuair a dhéantar measúnú ar roghanna féideartha infheistíochta amach anseo agus nuair a dhéantar moltaí ina dtaobh.

Príomhtheachtaireachtaí: próisis fianaise agus chomhairliúcháin

Tá an-chuid fianaise ann go gcuireann infheistíocht i luathbhlianta feabhas ar thorthaí do leanaí agus do theaghlaigh. Ní hamháin go gcruthaíonn seo tairbhí sonracha forbartha do leanaí, ach déanann sé tosca eile a chúiteamh, go pointe áirithe, a bhaineann le míbhuntáiste agus ioncam tuismitheora.

Ní mór go ndéantar tosaíocht bheartais d'ínacmhainneacht. Bacainní ríthábhachtacha atá in infhaighteacht agus inacmhainneacht cúram leanaí go fóill i dtaobh fostaíocht a lorg do go leor tuismitheoirí. Is ard do chostais chúram leanaí in Éirinn agus ní dhéantar iad a sheach-chur, faoi mar a dhéantar i dtíortha áirithe eile, ag sochair i bhfoirm fóirdheontas, íocaíochtaí díreacha, etc. Cuireann tuismitheoirí ar an eolas sinn gurb ionann inacmhainneacht cúram leanaí agus bac ar fhostaíocht agus gurb éard a eascraíonn as ná uaireanta srianta oibre; obair a dhiúltú nó a fhágáil; nó cosc a bheith ar dhuine ó obair a chuardach.

Tá an tábhacht a bhaineann le cáilíocht leabaithe sa taighde agus díríonn tionscnaimh Rialtais agus idirnáisiúnta air seo níos minice i gcónaí. Tugann idir thuismitheoirí agus an phobal i gcoitinne an gá atá le rialáil agus cigireacht níos fearr chun solais. Príomhtháscaire i dtaobh cáilíochta i dtaca leis an bhfianaise idirnáisiúnta is ea gairmiúlacht an lucht saothair. Ba théama comónta i measc na bpróiseas comhairliúcháin tuismitheora agus phoiblí a bhí sa ghá atá le lucht saothair níos cáilithe agus a dtugtar aitheantas níos fearr dó.

Teastaíonn rogha agus solúbthacht ó thuismitheoirí. Ciallaíonn seo go gcaitear súil ar réimse fairsing roghanna chun tacú leo, ina measc sochair saoire sínte tuismitheora; agus solúbthacht níos fearr san áit oibre maidir le sosanna gairme agus postroinnt lena chur ar a gcumas rogha bhreise a bheith acu chun fanacht sa bhaile. Leagann fianaise ó bhuaicphointí idirnáisiúnta athbhreithnithe an bhéim ar sholáthar níos cuimsithí a dhéanamh do shaoire agus do shochair íoctha le tuismitheoirí, go háirithe sna blianta an-luatha ó naíonacht i leith.

Ba théama a tháinig chun solais, chomh maith, inrochtaineacht seirbhísí. Is soiléir cineál ilroinnte an tsoláthair in Éirinn agus an chaoi go bhfuil réimse éagsúil agus fairsing de sholáthraithe. Chomh maith leis in, leagadh béim ar an easpa de shamhail shoiléir soláthair, go háirithe le haghaidh leanaí aois scoile. Tugadh chun solais sa dá chomhairliúchán an gá atá le feabhas a chur ar rochtain agus an gá a bhíonn le tuismitheoirí leanaí a iompar a laghdú. Leag siad an bhéim ar a bhí ar an ngá atá le

ceangail a bhunú go ndéanfar seirbhísí inrochtana go praiticiúil do thuismitheoirí, agus go gcinntítear go mbíonn eispéireas dearfach ag leanaí ar sheirbhísí. Measadh gur bhain tábhacht le leanúnachas an chuir chuige agus aistrithe réidh idir seirbhísí (seirbhísí scoile agus neamhscoile araon).

Tá conas infheistíocht a dhéanamh mar ábhar roinnt athbhreithnithe idirnáisiúnta. Úsáideann formhór na ndlínsí breis agus meicníocht amháin chun tacú le thuismitheoirí le meascán de chistiú oibríochtúil; fóirdheontais táillí; sochair agus bearta eile cáinbhunaithe. Ar an gcuma chéanna, tá aistriú ann i dtreo bearta thaobh an tsoláthair a gcaitear leo amhail bheith níos optamaí i dtaobh athchóiriú agus feabhsú cáilíochta a chur chun cinn. Bhí tuairimí nach raibh chomh haonchineálach céanna ag thuismitheoirí, ach is soiléir gur caitheadh le soláthar uilíoch bhliain fhóirdheonaithe na réamhscoile mar phríomhláidreacht i dtaobh infheistíochtaí reatha, i ngeall ar a soláthar uilíoch agus an méid a chuireann sí le hinacmhainneacht.

Ar deireadh, leagadh béim an-tréan ar an ngá a bhí le soláthar cuimsitheach. Arís eile, leag thuismitheoirí agus an na comhairliúcháin phoiblí níos fairsinge an bhéim ar an ngá lena chinntiú go bhfuil seirbhísí go hiomlán inrochtana do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu, agus go mbíonn dóthain acu chun an tseirbhís is fearr agus is féidir a sholáthar. Caitear leis seo amhail bheith ríthábhachtach lena chinntiú gur féidir le leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu tairbhí iomlán an tsoláthair a bhaint. Cé gur thug thuismitheoirí tús áite do thuismitheoir gan phost agus ísealioncaim, ba é an rud ar tugadh an tús áite ba choitianta dó, ar an iomlán, ná leanaí faoi mhíchumas.

Cuspóirí beartais d'infheistíocht amach anseo

Beartaíonn an GIR go ndéantar comhaontú ar dhá phríomhspríoc ardleibhéil:

Tacú le torthaí leanaí

Baineann an cineál ceart de roghanna cúraim agus de sheirbhísí a théann chun sochair leanaí, atá ar fáil san áit a dteastaíonn siad agus nuair a theastaíonn siad ón leanbh agus a sholáthraítear i leith ardchaighdeáin, le tacú le torthaí leanaí i gcúram agus in oideachas luathbhlianta agus i gcúram i ndiaidh am scoile. Ciallaíonn seo gur gá na samhlacha cearta (iad siúd san áireamh do na teaghlaigh agus na leanaí siúd a bhfuil riachtanais ar leith acu) agus na rudaí éagsúla a chur i bhfeidhm chun dea-rialachas, cáilíocht agus rialáil a ghíaráil a thacaíonn le cur i bhfeidhm éifeachtach na samhla tacaíochta.

I measc na gcuspóirí, tá an méid a leanas:

- Samhla Cuimsitheacha Cúraim a Shainnithint a Sholáthraíonn Torthaí Maithe do gach Leanbh
- A Chinntiú go ndéantar Soláthar agus Éileamh a Ailíniú
- Acmhainní Cáilíochta a Chruthú i Soláthar agus sa Ghairm
- Rialachas agus Rialáil a Fhorbairt le haghaidh Feabhsú Leanúnach
-

Tacú le teaghlaigh chun a leanbh a thabhairt aníos chun a lánchumas a bhaint amach

Ta roinnt bealaí ann inar féidir le teaghlaigh dea-thorthaí do leanaí a chur chun cinn. Is iad thuismitheoirí bunoidreachasóirí a leanaí, agus soláthraíonn an t-idirghníomhú a bhíonn

acu leo an toisc chosanta is tábhachtaí i leith torthaí níos fadtéarmaí linbh. Is féidir le slándáil eacnamaíoch, leibhéal oideachais agus cur chuige féin tuismitheoirí go léir tionchar suntasach a imirt ar fhorbairt linbh. Is gá tacú le tuismitheoirí chun roghanna a dhéanamh a théann chun sochair leanaí, ar nós bheith in ann glacadh le ról an phríomhchúramóra nuair is fearr sin (faoi aois 1 bhliain); agus an fhéidearthacht i leith patrúin sholúbtha oibre a bheith acu nuair a bhíonn a leanaí óg.

Dé réir mar a fhásann leanaí, soláthraíonn an deis a bhíonn ag tuismitheoirí chun bheith rannpháirteach san áit oibre toisc thábhachtach chosanta i gcoinne bochtaineacht leanaí agus torthaí gaolmhara leanaí. Ciallaíonn seo go bhfuil sé ríthábhachtach go mbíonn rochtain ag tuismitheoirí ar sheirbhísí a fhreagraíonn dá riachtanais féin nuair a roghnaíonn siad chun oibriú, agus bacainní a bhaint i leith fostaíochta agus dul chun cinn gairme. Ar deireadh thiar, is éard a bhaineann le tacú le teaghlaigh ná an mhuinín a thabhairt do thuismitheoirí sa tuiscint atá acu ar na roghanna is fearr dá leanaí agus dá dteaghlach agus faoin méid atá i gceist le seirbhísí ar chaighdeán maith.

I measc na gcuspóirí, tá an méid a leanas:

- Tacú le rogha an tuismitheora agus na bacainní ar oibriú a bhaint
- Seirbhísí inacmhainneachta agus atá freagrúil do riachtanais tuismitheoirí a dhéanamh de sheirbhísí
- Cur le tuiscint agus le héileamh tuismitheoirí ar cháilíocht

Achoimre ar Roghanna

Rogha	Cur Síos/Tuairim	Costas Measta Breise
<p>Saoire íoctha tuismitheora (Sochar Tuismitheora a thabhairt isteach do thuismitheoirí leanaí faoi aois aon bhliain mar shíneadh le soláthar Saoire Mháithreachais.</p>	<p>Saoire bhreise íoctha tuismitheora (ar féidir le ceachtar tuismitheoir í a ghlacadh) a leanfaidh saoire íoctha mháithreachais láithreach.</p> <p>Ba cheart an tréimhse de shaoire íoctha tuismitheora a mhéadú go hincriminteach le himeacht ama agus, de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil, ba cheart go n-eascródh cúram bliana amháin de chúram tuismitheora do leanaí faoi aon bhliain d'aois as.</p> <p>Bunaítear na costais ar an ráta reatha Sochar Máithreachais.</p> <p>Faoi láthair, soláthraíonn go leor fostóirí, an Stát ina measc mar fhostóir, 'breisiú' d'fhostaithe ar Saoire Mháithreachais. Meastar gurb é an costas an bhreisithe san earnáil poiblí thart ar €11.5 milliún sa tseachtain, bunaithe ar chostas reatha an bhreisithe Saoire Mháithreachais. Níl aon cheanglas reachtúil ann i leith an bhreisithe agus ní hé gur gá go mbeadh breisiú i gceist le soláthar an tsochair bhreise seo. Bheadh breithniú ar leithligh le déanamh air seo agus níl aon toimhde uathoibríoch á beartú ag an nGrúpa go mbeadh breisiú i gceist i gcás saoire/sochar breise tuismitheora. I dtaobh na hearnála poiblí, d'ímreodh costais tionchar ar sheirbhísí áirithe túslíne poiblí, chomh maith, agus bheadh costáil ar leithligh le déanamh air seo.</p>	<p>Le haghaidh gach tréimhse bhreise:</p> <p>Seachtain: €10.5m</p> <p>Mí: €42m</p> <p>6 Mhí: €273m</p>

Rogha	Cur Síos/Tuairim	Costas Measta Breise		
Síneadh sholáthar na réamhscoile (Clár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (COLÓ)) do gach leanbh	<p>Síneadh a chur ar sholáthar COLÓ do leanaí ó:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ aois trí bliana, nó ▪ aois trí go leith bliain, agus go dtí go n-aistrítear iad chuig an mbunscoil nó go mbaineann siad cúig go leith bliain amach. <p>Bheadh clárúchán ar oscailt ó Mheán Fómhair go Meitheamh, ag brath ar mhí bhreithe an linbh agus ar aois tosaithe scoile an linbh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ I dtaobh incháilitheachta ó aois trí bliana, is é réimse na teidlíochta: <ul style="list-style-type: none"> –33 seachtaine i dtaobh leanaí a rugadh i Meán Fómhair a thosaíonn an scoil ag aois ceithre bliana; –95 seachtain i dtaobh leanaí a rugadh i Meán Fómhair a thosaíonn an scoil ag aois cúig bliana; ▪ I dtaobh incháilitheachta ó aois trí go leith bliain, is é réimse na teidlíochta: <ul style="list-style-type: none"> –15 seachtaine i dtaobh leanaí a rugadh i Meán Fómhair a thosaíonn an scoil ag aois ceithre bliana; –76 seachtain i dtaobh leanaí a rugadh i Meán Fómhair a thosaíonn an scoil ag aois cúig bliana; <p>Féadfaidh tuismitheoirí an pointe iontrála a roghnú (agus leibhéal an tochair, dá bharr) agus aird ar mhí bhreithe a linbh agus ar a rogha féin maidir le haois tosaithe na bunscoile. Bíonn seo faoi réir paraiméadar seachtrach go dtosaíonn leanbh an scoil tráth nach déanaí ná 5 bliana agus 6 mhí.</p> <p>I measc na gcostas, tá scóip le haghaidh roinnt am cistithe neamhtheagmhála (i.e. uair an chloig sa tseachtain) agus bunaithe iad ar rátaí éagsúla caipitíochta, mar seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Ráta reatha seachtainiúil, i.e. bunúsach: €62.50; níos airde: €73 ▪ Ráta seachtainiúil athchóirithe, i.e. bunúsach: €64.50; níos airde: €75 	Cúlchiste Caipitil	Aois 3: Costas sa bhliain	Aois 3.5: Costas sa bhliain
		Rátaí reatha		
		Gan am neamhtheagmhála a áireamh	€121m	€72m
		Am neamhtheagmhála a áireamh	€141m	€88m
		Rátaí athchóirithe		
		Gan am neamhtheagmhála a áireamh	€130m	€79m
		Am neamhtheagmhála a áireamh	€150m	€96m
		Rátaí nua		
		Gan am neamhtheagmhála a áireamh	€150m	€96m
		Am neamhtheagmhála a áireamh	€171m	€114m

Rogha	Cur Síos/Tuairim	Costas Measta Breise		
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Ráta nua seachtainiúil, i.e. bunúsach: €67.50; níos airde: €82.50 			

Rogha	Cur Síos/Tuairim	Costas Measta Breise		
Soláthar fóirdheonaithe cúram leanaí do leanaí a shine le 12 bhliain d'aois	1) Scéim fhóirdheonaithe aonair cúram leanaí (a thiocfaidh in ionad an SCL agus TOC) do thuismitheoirí óna dteastaíonn cúram leanaí chun páirt a ghlacadh in oideachas, oiliúint nó in obair.	Rogha	Céim 1	Céim 2
	2) Thabharfaí soláthar fóirdheonaithe, chomh maith leis sin, nuair is ábhar buartha leas an linbh agus nuair a saináithníodh cúram leanaí mar thacaíocht riachtanach teaghlaigh do theaghlaigh nach mbeadh incháilithe murach sin.	1	€79m	€86m
	3) Bheadh an clár ar fáil do sholáthraithe pobail/neamhbhrabúsacha agus príobháideacha araon.	2	€118m	€124m
	Go ginearálta, bheadh an fóirdheontas ar fáil ar feadh a mhéid le 40 uair an chloig sa tseachtain, lúide an t-am a chaitear i COLÓ nó ar scoil, e.g.:	3		€166m
	I dtaobh leanaí réamhscoile: a mhéid le 25 uair sa tseachtain i rith théarma COLÓ, agus a mhéid le 40 uair sa tseachtain lasmuigh d'am téarma;	4		€174m
	I dtaobh leanaí aois scoile: a mhéid le 20 uair sa tseachtain i rith théarma na scoile, agus a mhéid le 40 uair sa tseachtain lasmuigh d'am téarma;	5	€97m	€106m
	Déantar costáil ar cheithre rogha a bhfuil ranníocaíochtaí difriúla uasta tuismitheora san uair acu i gceithre Bhandá ísealioncaim (i.e.	6	€135m	€144m
		7		€200m

Rogha	Cur Síos/Tuairim	Costas Measta Breise																							
	<p>Bandaí A-D). Cuirtear roghanna san áireamh, chomh maith, maidir leis an gcúigiú banda (Banda E) a chuirfeadh san áireamh gach tuismitheoir atá ag oibriú os cionn na dtairseacha siúd.</p> <table border="0" data-bbox="430 347 1397 686"> <thead> <tr> <th></th> <th>An ráta níos ísle</th> <th>Ráta na scéime</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>Banda A (an grúpa ioncaim is ísle)</td> <td>€0.75</td> <td>€1.00</td> </tr> <tr> <td>Banda B</td> <td>€1.50</td> <td>€2.00</td> </tr> <tr> <td>Banda C</td> <td>€2.25</td> <td>€3.00</td> </tr> <tr> <td>Banda D</td> <td>€3.00</td> <td>€4.00</td> </tr> <tr> <td>Banda E (Gach ceann eile ar a bhfuil praghaschaidhp amháin)</td> <td>€4.25</td> <td>€4.50</td> </tr> <tr> <td>Banda E (Gach ceann eile a bhfuil fóirdheontas aige)</td> <td>€3.75</td> <td>€4.00</td> </tr> </tbody> </table> <p>Costáiltear gach rogha bunaithe ar dhá struchtúr éagsúla táillí. Bunaítear costálacha <i>Chéim 1</i> ar Bhanda A-D agus níor thugtar <u>aon fhóirdheontas nó ní leagtar aon phraghaschaidhp</u> ar Bhanda E. Bunaítear costálacha <i>Chéim 2</i> ar <u>thacaíocht reatha a shíneadh do gach teaghlach</u>, i.e. Banda E san áireamh</p>		An ráta níos ísle	Ráta na scéime	Banda A (an grúpa ioncaim is ísle)	€0.75	€1.00	Banda B	€1.50	€2.00	Banda C	€2.25	€3.00	Banda D	€3.00	€4.00	Banda E (Gach ceann eile ar a bhfuil praghaschaidhp amháin)	€4.25	€4.50	Banda E (Gach ceann eile a bhfuil fóirdheontas aige)	€3.75	€4.00	8		€208m
	An ráta níos ísle	Ráta na scéime																							
Banda A (an grúpa ioncaim is ísle)	€0.75	€1.00																							
Banda B	€1.50	€2.00																							
Banda C	€2.25	€3.00																							
Banda D	€3.00	€4.00																							
Banda E (Gach ceann eile ar a bhfuil praghaschaidhp amháin)	€4.25	€4.50																							
Banda E (Gach ceann eile a bhfuil fóirdheontas aige)	€3.75	€4.00																							

Rogha	Cur Síos/Tuairim	Costas Measta Breise
Measúnú a dhéanamh ar éileamh amach anseo ar áiteanna agus ar bhonneagar atá ar fáil	<ul style="list-style-type: none"> ▪ I measc réimse de ghníomhartha a mholtar, tá an méid a leanas: ▪ Obair Thras-Roinne a bhfuil córas pleanála le forbairt aici chun éileamh ar chúram leanaí agus soláthar cúram leanaí a thuar agus a mheasúnú. Beidh aird aige seo ar bhonneagar reatha infheistíochta, agus ar an bhféidearthacht i leith díláithriú agus comhairle an Údaráis Iomaíochta á tabhairt faoi deara, i gcomhthráth. ▪ Tá ar an RLGÓ agus an RCPRÁ breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le haon leasuithe a dhéanamh ar na treoirlínte pleanála ▪ Tá ar an ROS tabhairt faoi shuirbhé tosaigh ar scoileanna maidir le soláthar reatha seirbhísí i ndiaidh am scoile ar áitreabh na scoile agus ar thoilteanas scoileanna chun breithniú a dhéanamh ar sheirbhísí i ndiaidh am scoile a sholáthar amach anseo. ▪ Tá ar an RLGÓ ról na hearnála óige a fhiosrú i soláthar seirbhísí i ndiaidh am scoile amach anseo. 	
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Tá ciste caipitil aonuaire le tabhairt isteach chun tacú le seirbhísí i ndiaidh am scoile a fhorbairt agus saoráidí scoile á n-úsáid le soláthraithe pobail agus comhpháirtithe príobháideacha 	€3m (le haghaidh chistiú caipitil)
Forbairt seirbhísí cuí i ndiaidh am scoile a chinntiú do leanaí aois scoile	Réimse gníomhartha don RLGÓ, ina measc:	
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Samhail chúraim a fhorbairt a léiríonn aird ar shamhlacha soláthair atá ar fáil don aoisghrúpa seo in Éirinn agus a shamhlacha agus caighdeán idirnáisiúnta soláthair 	
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Córas féinmheasúnaithe caighdeán cháilíochta a thabhairt isteach le haghaidh soláthar i ndiaidh am scoile 	€300k
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Rialáil/cigireacht a fhorbairt 	€1m	

Rogha	Cur Síos/Tuairim	Costas Measta Breise
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Taighde a choimisiúnú ar thuairimí leanaí maidir lena roghanna i dtaobh seirbhísí i ndiaidh am scoile 	€20k (aonuaire)
Cáilíocht a leabú san earnáil	Réimse tionscnaimh nua/shínte cháilíochta, ina measc:	
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Iniúchadh ar Cháilíochtaí i suíomhanna Luathbhlianta 	€50k (an uirlis a fhorbairt)/ €400k trí huaire sa bhliain
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Forbairt acmhainní chun tacú le cleachtas gairmiúil 	€200k sa bhliain
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Ciste Sínte Foghlaimeora chun tacú le FGL agus le gairmiúlú 	€5m sa bhliain ar feadh cúig bliana
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Tús Níos Fearr a Fhairsingiú 	€1m sa bhliain
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Gairmiúlú oibríthe ionadbhunaithe luathbhlianta 	€10m
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Forbairt acmhainní CCCanna agus EDCanna chun tabhairt faoi ghníomhaíocht mheantóireachta, leis an earnáil cúram leanaí neamhfhoirmiúil chomh maith 	€1m
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Próiseas féinmheasúnaithe a thabhairt isteach in 10% de shuíomhanna luathbhlianta – Clár Dearbhaithe Cáilíochta Síolta (CDC) 	€800k sa bhliain
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Caighdeáin cháilíochta agus rialála a thabhairt isteach don earnáil feighlíochta leanaí 	€750k sa bhliain (Túsla)
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Barr feabhais a chur ar phróisis reatha chigireachta 	€750k sa bhliain (an ROS)	
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Tacú le tuismitheoirí chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht agus cáilíocht a éileamh 	€100k (aonuaire)	

Aguisín 3 Costais Choigeartaithe

Léirítear sa tábla a leanas costais choigeartaithe na samhla chun Clár COLÓ sínte a léiriú (i.e. ó aois 3 bliana go dtí go ndéanann leanbh an t-aistriú go dtí an bhunscoil). Tá na costais seo mar thoradh ar roinnt athrú a dhéanamh ar an aois tosaithe scoile ó 2017 ar aghaidh agus méadú 34% ar sheachtainí COLÓ in 2016 agus méadú 68% ar sheachtainí COLÓ ó 2017 ar aghaidh.

Tábla 7: Costais Choigeartaithe						
	Gné na samhla	2016 (m)	2017 (m)	2018 (m)	2019 (m)	2020 (m)
1.	Cultúr Cuimsitheach	1.6	3.3	5.0	6.7	6.9
2.	Faisnéis do Thuismitheoirí agus do Sholáthraithe	0.05	0.015	0.015	0.015	0.015
3.	Lucht Saothair Cáilithe agus Muiníneach	0.2	0.2	0.2	0.2	0.2
4.	Comhairle agus Tacaíocht Shaineolach Luathbhlianta Oideachais	5.4	10.1	10.1	10.1	10.1
5.	Deontais an próiseas iarratais do Threalamh, d'Fhearais agus do Mhionathruithe	1.6	2.5	2.5	2.5	2.5
6.	Idirghabháil Theiripeach*	2.7	5	5	5	5
7.	Cúnamh Brise sa Seomra Réamhscoile agus an Póiseas Iarratais	5.5	14	14	14	14
8.	Maoirseacht Náisiúnta	0.2	0.2	0.2	0.2	0.2
	COSTAS IOMLÁN SA BHLIAIN	17.25	35.32	37.02	38.72	38.92

* tagraítear do chostais na Roinne Sláinte

Aguisín 4

Tuarascáil ar an gComhairliúchán ar an tSamhail atá ag Teacht chun Cinn chun Tacú le Rochtain ar Chlár COLÓ do Leanaí faoi Mhíchumas: An 17 Iúil 2015

Achoimre ar phríomhthorthaí

Bhí comhdhearcadh i measc na rannpháirtithe ina n-iomláine maidir le roinnt pointí. Ina measc seo, bhí an méid a leanas -

- Tacaíocht d'uaillmhian an bheartais agus don tsamhail tacaíochta a bheartaítear
- Bhí buairt ann nár ghné den tsamhail a bheartaítear a bhí i bhfad an tsoláthair réamhscoile saor in aisce do leanaí faoi mhíchumas a shíneadh
- An dearcadh gur ghá gur bhain an sainmhíniú ar mhíchumas don tsamhail a bheartaítear le cumas an linbh chun páirt a ghlacadh laistigh de shuíomh na réamhscoile seachas a c(h)umas chun feidhmiú i dtimpeallachtaí eile
- An dearcadh go leanfadh gá a bheith le réamhscoileanna speisialta mar chuid de leanúntas soláthair do líon beag leanaí atá faoi mhíchumas
- An bhuaireacht nach mór go gcuirí san áireamh in aon samhail tacaíochta do leanaí faoi mhíchumas i réamhscoil nach mbeidh roinnt leanaí atá faoi mhíchumas tar éis tabhairt faoi sheirbhísí sláinte sular chuir siad tús le Clár COLÓ
- Moladh go tréan nach mór go dtabharfadh aon mheasúnú nó próiseas iarratais ar thacaíocht a tugadh isteach mar chuid den tsamhail a bheartaítear tús áite do thráthúlacht

Anuas ar na pointí coiteanna atá le sonrú i measc na rannpháirtithe uile, léirigh soláthraithe réamhscoile comhdhearcadh maidir le roinnt pointí. Ina measc seo, bhí an méid a leanas -

- An dearcadh gur cheart go mbeadh soláthraithe réamhscoile lárnach i leith measúnú a dhéanamh ar riachtanais leanaí atá ina seirbhísí atá nó a d'fhéadfadh bheith faoi mhíchumas
- An bhuaireacht go mbeadh aon riachtanais mhéadaithe rialála nó chonartha le haghaidh soláthraithe i gceist sula dtabharfaí na tacaíochtaí cuí isteach
- Léiriú soiléir ar an luach a chuireann soláthraithe réamhscoile ar an bhfaisnéis agus an treoir a fhaigheann siad ó fhoireann seirbhís sláinte maidir le tacú le leanaí faoi mhíchumas go ginearálta nó le leanaí ar leith

Anuas ar na pointí coiteanna atá le sonrú i measc na rannpháirtithe uile, léirigh tuismitheoirí comhdhearcadh maidir le roinnt pointí. Ina measc seo bhí an méid a leanas:

- Léiríodh an dearcadh go tréan nach rachadh leanaí atá faoi mhíchumas a dheighilt ag aois an-óg chun sár-leasa an linbh i dtromlach mór na gcásanna
- An bhuaireacht nach bhfágfaí leanaí nach bhfuil faoi aon mhíchumas diagnóisithe as an áireamh ar bhonn de facto ón tsamhail bheartaithe tacaíochta
- An dearcadh gur cheart go mbeadh riachtanais níos déine i gceist i measc sholáthraithe Chlár COLÓ chun freastal a dhéanamh chun leanaí faoi mhíchumas a áireamh
- Gur cheart tús a chur le pleanáil d'aistriú an linbh isteach i gClár COLÓ go luath lena chinntiú gurb eol do thuismitheoirí cén tacaíochtaí a bheidh i bhfeidhm

Aitheasc Tosaigh an Aire Reilly

D'oscail an Dr James Reilly, T.D., an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an t-imeacht comhairliúcháin agus ghabh sé buíochas le rannpháirtithe as freastal.

Rinne an tAire Reilly cur síos ar an tábhacht a bhaineann le bheith in ann rochtain a fháil ar réamhscoil ardcháilíochta do leanaí óga agus a dteaghlaigh agus thug sé faoi deara go raibh an Grúpa Idir-Rannach um Infheistíocht Amach Anseo i gCúram agus in Oideachas Luathbhlianta agus Aois Scoile ag oibriú chun dul i ngleic le hinacmhainneacht, cáilíocht agus le hinrochtaineacht seirbhísí luathbhlianta.

Thug an tAire Reilly faoi deara, in ainneoin bearta atá i bhfeidhm faoi láthair chun freastal ar leanaí faoi mhíchumas i gClár COLÓ agus iarrachtaí a rinne soláthraithe réamhscoile agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go háitiúil, nach mór comhordú agus soláthar tacaíochtaí cuí a fheabhsú, agus d'aithin an Rialtas an méid seo.

Chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo, mhínigh an tAire Reilly go bhfuil an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus an Roinn Sláinte ag oibriú as lámh a chéile chun samhail tacaíochtaí nua a fhorbairt do leanaí réamhscoile faoi mhíchumas. Tacaíonn an tAire Reilly agus a chomhghleacaithe Aireachta leis an obair seo.

D'fháiltigh an tAire Reilly an deis chun éisteacht le tuairimí páirtithe leasmhara maidir leis an tsamhail tacaíochtaí atá ag teacht chun cinn le haghaidh leanaí réamhscoile faoi mhíchumas.

Gnéithe ar an tsamhail a bheartaítear

Rinne Bernie McNally den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Cathaoirleach an Ghrúpa Idir-Rannaigh cur i láthair ar an tsamhail a bhí ag teacht chun cinn chun tacú le rochtain ar Chlár COLÓ do leanaí faoi mhíchumas:

Thug an tUasal McNally faoi deara gurb í an uailmhian chun samhail inoibrithe a fhorbairt a chuireann ar chumas leanaí faoi mhíchumas nó riachtanais bhreise chasta chun páirt a ghlacadh i gClár COLÓ agus chun cabhrú le soláthraithe chun seirbhís chuimsitheach a sholáthar. Mhínigh an tUasal McNally go raibh súil leis go bhféadfaí an tsamhail a sholáthar i bhfoirm bhunúsach in 2016 agus 2017 agus go bhféadfaí cur léi i gcaitheamh ama.

Thug an tUasal McNally an foláireamh a leanas maidir leis an tsamhail nua:

- theastódh infheistíocht uaithe lena cur i bhfeidhm, agus ní raibh an infheistíocht sin faoi ráthaíocht
- ghlacfaidh sé roinnt ama lena cur i bhfeidhm
- braitheann sí, go pointe áirithe, ar fhorbairt gaolmhara ríthábhachtacha in áiteanna eile
- nach gcumhdódh an tsamhail ach Clár COLÓ amháin

Ba iad gnéithe na samhla nua a bheartaítear ar ar thug an tUasal McNally cuntas:

- Cultúr agus timpeallacht chuimsitheach a chruthú laistigh de réamhscoileanna
- Faisnéis shoiléir agus chruinn a sholáthar do thuismitheoirí agus do sholáthraithe
- Cumas agus inniúlacht a fhorbairt sa lucht saothair luathbhlianta maidir le cuimsiú
- Rochtain ar sheirbhísí teiripe a éascú do na leanaí siúd lena mbaineann ríthábhacht le teiripe ar mhaithe le clárú agus rannpháirtíocht an linbh i gclár COLÓ
- Rochtain a sholáthar do sholáthraithe (agus don leanbh) ar chomhairle agus tacaíocht shaineolach oideachais
- Deontais bheaga a chistiú le haghaidh áiseanna, fearas agus mionathruithe
- Cúnamh breise a sholáthar don seomra réamhscoile, sa chás gur gá

Mhínigh an tUasal McNally gur mheas an Grúpa Idir-Rannach go raibh cúnaimh breise a sholáthar don seomra réamhscoile ag teastáil ó chomhréir bheag leanaí faoi mhíchumas mar gheall gur cheart go gcuirfeadh gnéithe eile den tsamhail a bheartaítear feabhas mór ar chumas soláthraithe chun tacú le leanaí faoi mhíchumas.

Thug an tUasal McNally nach raibh sé á bheartú ag an nGrúpa Idir-Rannach an moladh a dhéanamh go gcuirfidh réamhscoileanna speisialta reatha deireadh le hoibriú.

Torthaí an Chomhairliúcháin

Tacaíocht don tsamhail faoi mar a dtugtar cuntas air

Cuireadh fáilte fhairsing roimh an gcur chuige srathach a leagtar amach sa tsamhail atá ag teacht chun cinn. Léirigh rannpháirtithe an dearcadh go raibh an tsamhail atá ag teacht chun cinn cuimsitheach agus cuí, ach go dteastódh acmhainní uathí go mbeadh an rath uirthi.

Uaillmhian an bheartais agus cé an bhfuil nó nach bhfuil leanaí ann nach bhfuil réamhscoil príomhshrutha ina rogha dóibh

Chomhaontaigh tuismitheoirí gurb í uaillmhian an bheartais an ceann ceart, a fhad agus a dhíríonn sí ar a chinntiú gur féidir le leanaí páirt a ghlacadh i gClár COLÓ, seachas 'díreach freastal uirthi'. Thug rannpháirtithe le fios, áfach, go mbeidh mionlach leanaí faoi mhíchumas ann a mbeadh a suíomh i suíomhanna réamhscoile speisialaithe ní b'oiriúnaí. Chreid roinnt rannpháirtithe gur cheart go mbeadh leanúntas soláthair ann a cheadaíonn leanaí i suíomhanna réamhscoile speisialaithe chun aistriú chuig réamhscoileanna príomhshrutha nó go dtacaítear leo chun páirt a ghlacadh i réamhscoileanna ar bhonn páirtaimseartha ar bhonn déshocrúcháin.

I dtaobh níos mó leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu a shuíomh i réamhscoileanna príomhshrutha, bhí sé ina argóint ag roinnt rannpháirtithe nach mbeadh an trealamh oiriúnach ag go leor suíomhanna luathbhlianta, ar nós áiseanna friothála do leanaí, nó d'fhéadfadh nach mbeadh a méid nó a dtimpeallacht fhisiciúil oiriúnach chun freastal ar roinnt leanaí faoi mhíchumas.

Mhol rannpháirtithe go dteastaíonn oibriú an-mhaith idirghníomhaireachta ar leibhéal áitiúil ó leanaí atá faoi mhíchumas níos casta a áireamh.

Thug rannpháirtí amháin faoi deara gurb é an príomhriachtanas chun leanbh a bhfuil riachtanais níos casta aige/aici a áireamh i suíomh luathbhlianta príomhshrutha ná foireann a bheith sna suíomhanna siúd ar ar cuireadh oiliúint an-speisialaithe.

Leag tuismitheoirí an bhéim air gurb í uaillmhian tromlach mór tuismitheoirí leanaí atá faoi mhíchumas go mbeidh a leanbh i réamhscoil príomhshrutha mar gheall go mbaineann iarmhairtí diúltacha le leanbh a dheighilt óna p(h)iaráí ag tráth chomh luath sin. Luaigh roinnt rannpháirtithe na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le leanaí ar a bhfuil uathachas a dheighilt ina luathbhlianta.

Bhí sé ina argóint ag roinnt rannpháirtithe nár cheart go ndéanfaí níos mó réamhscoileanna speisialta a dhúnadh fad atá an tsamhail a forbairt.

Sainmhíniú

Léirigh roinnt rannpháirtithe an dearcadh gur gá go mbeadh an sainmhíniú a thugtar ar mhíchumas sa tsamhail atá ag teacht chun cinn i bhfad ní ba shoiléire. Tugadh faoi deara go mbaineann an-tábhacht leis an sainmhíniú agus gur féidir idir riachtanais speisialaithe oideachais (RSO) agus míchumas casta a bheith i gceist leis. Mhol roinnt rannpháirtithe, i

ngeall gurb é an cuspóir soláthar uilíoch réamhscoile, go dteastaíonn sainmhíniú níos fairsinge ar mhíchumas. Thug rannpháirtí amháin an foláireamh, má bhíonn díriú ró-chúng ann, gur féidir riachtanais eile a fhágáil as an áireamh, ar nós saincheisteanna sóisialta agus mothúchána agus teaghlaigh.

Mhol rannpháirtí eile gur cheart go mbeadh sainmhíniú leathan ar mhíchumas chun cuimsiú a chur chun cinn a bheith i gceist leis an aidhm ach nach mór go dtosódh an tsamhail le cur chuige sprioctha atá le fairsingiú.

Chomhaontaigh go leor rannpháirtithe go bhfuil gá ann le sainmhíniú a thabhairt ar mhíchumas i *gcomhthéacs réamhscoileanna*.

Ní shainaithnítear go bhfuil go leor leanaí faoi mhíchumas ach i ndiaidh dóibh tús a chur le réamhscoileanna. Tháinig ábhar buartha conas solais go n-úsáidfe samhail leighis an mhíchumais, bunaithe ar dhiagnóis. Tagann fadhbanna chun solais, faoi mar a thug go leor rannpháirtithe le fios, nuair nach mbíonn diagnóis ag leanbh. Ní féidir aistriú amach ó dhiagnóis/chur chuige leighis ach nuair a bhíonn tacaíocht/comhairle shaineolach/acmhainní ar fáil do réamhscoileanna.

Tugadh ceist chun solais maidir le cé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh leanbh a bhfuil riachtanais shuntasacha tacaíochta aige/aici, ach b'fhéidir nach bhfuil faoi mhíchumas, tacaíocht a fháil sa tsamhail, faoi mar a leagtar amach í. Luadh leanbh ag a bhfuil saincheisteanna suntasacha iompraíochta, ach b'fhéidir nach bhfuil faoi mhíchumas bunúsach.

Measúnuithe

Chomhaontaigh na rannpháirtithe gur cheart measúnuithe a sholáthar ar bhealach tráthúil agus gur cheart dóibh bheith bunaithe ar riachtanais. Bhí sé ina argóint ag ionadaithe soláthraithe gur cheart foireann réamhscoile a áireamh sa phróiseas measúnaithe i ngeall ar an eolas a bhíonn acu ar *an leanbh*. Lena chois sin, bhí sé ina argóint acu gur cheart measúnuithe a dhéanamh i dtaobh comhthéacs ar leith agus sa chás seo, is ionann an comhthéacs agus an tacaíocht a theastaíonn ón leanbh chun páirt a ghlacadh sa réamhscoil.

Mhol rannpháirtí amháin, a chomhaontaigh gur fearr is féidir le soláthraithe réamhscoile measúnú a dhéanamh ar riachtanais leanaí, go mb'fhéidir nach raibh measúnú i gceist, go hiomlán, leis an tagairt a dhéantar sa tsamhail atá ag teacht chun cinn do 'measúnú', agus go mb'fhéidir gur 'iarratas ar thacaíocht' atá i gceist leis níos mó.

Chomhaontaigh go leor rannpháirtithe go bhfuil gá ann le conairí caighdeánaithe agus le córas cuíchóirithe measúnaithe chun tacú leis an leanbh agus chun pleanáil a chumasú. Thug rannpháirtithe an foláireamh, chomh maith leis sin, nach bhfuil riachtanas eolach ag go leor leanaí a bheidh ag freastal ar réamhscoil agus nach mór é seo a aithint nuair a bhíonn samhail tacaíochta á dearadh.

Leag rannpháirtithe an bhéim air gur gá go mbíonn baint ag tuismitheoirí in aon phróiseas measúnaithe.

Cáineadh i leith na samhla a theorannú i dtaobh Chlár COLÓ agus tacaíochta ar aois níos óige

Bhí an tromlach ar aon intinn gur cheart tacaíocht a sholáthar do leanaí faoi mhíchumas i suíomhanna luathbhlianta, gan aird ar cé acu an raibh nó nach raibh páirt á glacadh acu i gClár COLÓ. Thug roinnt rannpháirtithe faoi deara go mbeidh deacrachtaí ag roinnt leanaí atá faoi mhíchumas, a mb'fhéidir nár soláthraíodh na tacaíochtaí cuí dóibh roimh Chlár COLÓ, chun páirt a ghlacadh. Thug rannpháirtí amháin le fios, má soláthraíodh tacaíochtaí ní ba luaithe in eispéireas réamhscoile an linbh, b'fhéidir nach mbeadh an

oiread céanna tacaíochta ag teastáil don leanbh sin níos déanaí sa réamhscoil nó i scoileanna.

Luaigh roinnt rannpháirtithe gur chreid siad gur cheart bliain COLÓ a mhéadú aníos go dtí dhá bhliain (52 seachtain) iomlána. Thug roinnt soláthraithe faoi deara, áfach, go n-oibríonn seirbhísí samhlacha éagsúla agus nach n-oirfeadh bliain réamhscoile 52 do gach soláthraí.

Anuas ar leanáí níos óige i suíomhanna luathbhlianta, thug rannpháirtithe faoi deara gurb ann do leanáí faoi mhíchumas i seirbhísí i ndiaidh am scoile agus a dtugann feighlithe leanáí aire dóibh.

Thug roinnt rannpháirtithe nach dtacódh an tsamhail ar ar tugadh cuntas leis na leanáí siúd.

Cad iad na príomhrudaí a dheimhníonn cé acu an mbeidh nó nach mbeidh eispéireas dearfach i leith na réamhscoile ag leanbh faoi mhíchumas?

Rinne rannpháirtithe comhaontú ar roinnt cinntitheach i leith eispéiris dhearfacha:

- Baineann ríthábhacht le comhpháirtíocht idir soláthraithe réamhscoile agus tuismitheoirí
- Baineann ríthábhacht le comhpháirtíocht idir soláthraithe réamhscoile agus gairmithe eile (Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga (TUTanna), Teiripeoirí Saothair (TSanna) etc.)
- Oiliúint a chur ar an bhfoireann maidir le cúram a thabhairt do leanbh faoi mhíchumas agus oibriú i gcomhpháirtíocht lena dteaghlach, anuas ar thacaíocht agus meantóireacht leanúnach
- Am neamhtheagmhála a sholáthar don fhoireann chun pleanáil a dhéanamh don bhealach a chuimseoidh siad leanáí faoi mhíchumas i ngníomhaíocht agus idirchaidreamh a dhéanamh le saineolaithe
- “lámha breise” a sholáthar a thacódh le cleachtóirí agus le leanáí eile sa tseirbhís chun feabhas a chur ar chuimsiú, sula seastar siar
- Foireann a bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu, óna dteastóidh an fhoireann a dhreasú chun tabhairt faoi uasoiliúint agus fanacht san earnáil
- Treoir/oiliúint a sholáthar don fhoireann maidir le cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí maidir le leanáí a cheapann siad atá faoi mhíchumas
- Teastaíonn conair shoiléir ó sholáthraithe réamhscoile agus ó thuismitheoirí do leanáí a cheapann siad atá faoi mhíchumas
- Leibhéal íosta faisnéise a sholáthar maidir le míchumas, le straitéisí cuimsithe, le cur chuige atá le glacadh maidir le leanáí faoi mhíchumas áirithe
- Cáilíocht na hidirghníomhaíochta idir daoine fásta agus leanáí
- Éiteas na réamhscoile agus meon an bhainisteora go háirithe

An cód a gcláraíonn gach réamhscoil dó nó cur chuige deimhniúcháin

Mhol roinnt rannpháirtithe, idir thuismitheoirí agus soláthraithe, gur cheart cód a bhaineann le cuimsiú nach mór do gach soláthraí clárú dó a thabhairt isteach lena sheachaint nach nglacann roinnt soláthraithe le leanáí faoi mhíchumas fad a dhéanann soláthraithe eile olliarraicteáil chun leanáí faoi mhíchumas a áireamh.

Moladh eile a bhí i gcóras deimhniúcháin a fhorbairt ina raibh ar sholáthraithe rudaí áirithe a chur i bhfeidhm chun deimhniúchán a bhaint amach gur seirbhís chuimsitheach atá i gceist leo agus go bhféadfadh go ndéanfaí ceanglas rialála/cistithe de seo i gcaitheamh ama.

Thug roinnt soláthraithe foláireamh i gcoinne rialachán/chonradh COLÓ a úsáid chun cuimsiú a chur chun cinn go dtí go ndéanfaí samhail chuí tacaíochta a bhunú i gceart.

Bhraith roinnt rannpháirtithe go bhfuil gá le beartas náisiúnta maidir le cuimsiú sa réamhscoil. Bhí sé ina argóint nach mbeadh sé i gceart iarraidh ar sholáthraithe beaga beartas a bheith acu mura bhfuil beartas náisiúnta ann. Thug rannpháirtithe eile an foláireamh, chomh maith leis sin, go leagfadh beartas náisiúnta a bheith ann go leor brú ar oibreoirí beaga mura raibh tacaíochtaí cuí ar fáil.

Soiléireacht ar na tacaíochtaí atá ar fáil

Thug rannpháirtithe le fios gur gá go bhfuil comhsheasmhacht níos mó ann maidir le tacaíocht atá ar fáil do sholáthraithe réamhscoile chun tacú le leanaí faoi mhíchumas, mar gheall gurb éagsúil don soláthar seo ó cheantar go ceantar.

Aistrithe

Mhol roinnt soláthraithe gur cheart go dtabharfaí faoi thuairisc nó faoi phróifíl i leith leanaí atá ag aistriú ó sheirbhísí eile d'fhonn an tseirbhís nua a ullmhú d'aon tacaíochtaí nó saincheistanna féideartha a d'fhéadfadh teacht chun solais. Ní roinnfí na tuairiscí seo ach i ndiaidh cead a fháil ó thuismitheoir. Thug roinnt rannpháirtithe faoi deara, áfach, go bhféadfadh drogall a bheith ar roinnt tuismitheoirí chun an fhaisnéis sin a roinnt.

Cabhair bhreise

Thacaigh rannpháirtithe go mór le cabhair bhreise a bheith acu mar bhealach tacaíochta. Mhol roinnt soláthraithe gur cheart go bhfaigheadh seirbhísí cistiú go díreach d'fhonn go bhféadfaidís a chinneadh cad a theastaíonn ó leanbh ar leith. Luaigh soláthraí amháin go mbeadh ar chisteoirí soiléireacht a sholáthar ar ról cabhair bhreise agus ar an bhfáth go raibh an tacaíocht seo á soláthar.

Léirigh roinnt rannpháirtithe an bhuaire, mura gcumhdaíonn deontas tacaíocht bhreise, b'fhéidir go mbeidh ar sheirbhísí íoc as ÁSPC agus saoire bhliantúil go fóill don fhoireann bhreise tacaíochta.

Buíon cúntóirí

Thug mionlach na rannpháirtithe le fios gur cheart go mbeadh fáil ar phainéal d'oibríthe tacaíochta go háitiúil do gach seirbhís mar gheall, agus bhí sé ina argóint, go gcinnteodh an cur chuige seo go bhfuil tacaíocht ar fáil agus go gcosnódh sé i gcoinne aon mhí-úsáid fhéideartha a bhaint as cistí.

Ní dhearnadh comhaontú, áfach, ar mhodh cistithe an phainéil sin i measc rannpháirtithe, agus thug roinnt rannpháirtithe le fios go mbunófaí an cistiú ar a mhinice a theastódh tacaíocht. D'fhiosraigh rannpháirtithe cé a sholáthródh/a riarfadh an painéal, agus cén ráta pá san uair a bheadh i gceist. Bhí sé ina argóint ag roinnt soláthraithe go bhféadfadh saincheistanna rialachais teacht aníos mar gheall ar fhoireann a bheith i réamhscoileanna nach ndéanann tuairisciú díreach do bhainistíocht na réamhscoile.

Cóimheasa foirne/leanaí níos ísle

Luaigh go leor rannpháirtithe go dteastaíonn cóimheasa foirne/leanaí a íslíú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil leanbh faoi mhíchumas sa ghrúpa. Ar a bharr sin uile, chomhaontaigh rannpháirtithe go bhféadfaí tacú le leanaí faoi mhíchumas casta chun páirt a ghlacadh i réamhscoil trí chóimheas níos ísle. Mhol rannpháirtithe eile, áfach, nach n-oirfeadh seo do gach seirbhís agus nach bhfreastalódh sé ar riachtanais gach linbh atá faoi mhíchumas casta. Bhí sé ina argóint go mbeidh roinnt leanaí ann a dteastaíonn tacaíocht duine ar dhuine uathu ar feadh cuid den lá, fiú maidir le riachtanais leithris, mar shampla, agus nach n-éascódh cóimheas níos ísle é seo faoi chúinsí ar leith.

Caipitíocht/deontas méadaithe don soláthraí

Arís eile, chomhaontaigh rannpháirtithe go bhféadfadh go n-éireodh leis an rogha seo faoi chúinsí áirithe, ach gur ghá treoir a fhorbairt ar cad dó a n-úsáidfear an chaipitíocht. Ba ghá creatlach rialachais a fhorbairt lena chinntiú go ndéantar cistiú a leithdháileadh go

cuí agus go n-earcaítear foireann bhreise chun tacaíochtaí a sholáthar agus chun luachanna an tsoláthraí seirbhíse a roinnt.]

Thug rannpháirtí amháin le fios go gcistítear seirbhísí a sholáthraíonn Clár COLÓ cheana féin chun seirbhís ar leith a sholáthar agus ar an ábhar sin, nár cheart go mbainfeadh tacaíocht bhreise airgeadais le leanbh ar leith a chuimsiú go díreach leis an gClár. Mhol roinnt rannpháirtithe, áfach, gur cheart caipitíocht a sholáthar trí Chlár COLO agus gur cheart do sheirbhísí dul i gcomhairle le tuismitheoirí maidir leis an mbealach is fearr chun úsáid a bhaint aisti. D'fhreagair roinnt rannpháirtithe gur minic nach mbíonn tuismitheoirí agus seirbhísí feasach air i dtosach báire gurb ann do shaincheist maidir le leanbh agus gur féidir le deacrachtaí a bheith ann i dtaobh riachtanais an linbh a aithint agus dul i ngleic leo a luaithe a thagann siad chun solais.

Chomhaontaigh go leor rannpháirtithe gur cheart ciste áitiúil a sholáthar ar bhonn riachtanas. Ghabh an moladh leis seo, áfach, nach mór na critéir le haghaidh tacaíocht bhreise a shoiléiriú. Tacaíodh go fairsing le togra go soláthrófaí ciste ar leibhéal náisiúnta trí na Coistí Cúram Leanaí Contae, a d'fhéadfadh líon uaireanta breise tacaíochta a shannadh ina dhiaidh sin ar ráta lena gcomhaontaítear. Mhaígh roinnt rannpháirtithe faoi deara, áfach, go bhfuil ualach ró-throm oibre ar Choistí Cúram Leanaí Contae cheana féin agus go gcuirfeadh an fheidhm seo lena n-ualach oibre.

D'aithin roinnt rannpháirtithe gurb ann do ghá le meicníocht mhaoirseachta mar gheall gurb ionann an cistiú agus airgead poiblí. Rinneadh plé maidir le cásanna lena mbaineann diagnóis mhíchuí agus le tacaíocht bhreise a sholáthar sa chás nach dteastaíonn sí. D'éascair plé ar an ngá atá le critéir chun tacaíocht a fháil agus atá le soiléireacht maidir leis an sainmhíniú atá ar mhíchumas as an aitheantas seo i measc rannpháirtithe ar an ngá atá le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh. Mhol rannpháirtithe eile, áfach, gur cheart iontaoibh agus meas a léiriú ar shaineolas agus ar ghairmiúlacht soláthraithe.

Mhol rannpháirtithe áirithe gur cheart monatóireacht a dhéanamh ar chistí breise trí chigireachtaí leanúnacha a dhéanamh ar sheirbhísí ag TÚSLA/Pobal. Moladh gur cheart tabhairt faoi iarratais ar chistiú breise i gcomhoibriú le seirbhísí, tuismitheoirí agus na Foirne Luath-Idirghabhála (FLI). Thug rannpháirtí amháin faoi deara nach bhfuil FLIanna ar fáil i ngach contae a imríonn tionchar ar fhorbairt comhpháirtíochta idir tuismitheoirí, soláthraithe agus FSS.

Oiliúint/FGL

Bhraith roinnt rannpháirtithe gur ghá go raibh cur chuige iomlánaíoch i leith oiliúna le haghaidh foireann réamhscoile maidir le míchumas, agus nach ionann modúil i gcuimsiú/míchumas agus an freagra. Ba cheart go mbeadh oiliúint i dtaobh cuimsiú agus éagsúlachta ina príomhghné de gach cúrsa oideachais luathbhlianta. Ba cheart go mbeadh oiliúint FGL níos dírithe ar sholáthraithe a ullmhú chun freastal ar riachtanais aonair leanaí ar bhealach solúbtha agus freagrúil.

Chreid go leor rannpháirtithe gurb é an bealach is fearr chun iniúlacht a fhorbairt chun freastal ar riachtanais linbh ar leith ná chun idirchaidreamh a dhéanamh le gairmithe eile, ar nós teiripeoirí a oibríonn le leanaí. Ba ghá do theiripeoirí cistithe sláinte baint a bheith acu i meantóireacht agus i gcóitseáil foireann réamhscoile maidir le riachtanais leanaí aonair, dar le roinnt ionadaithe soláthraí.

Ba cheart go leagfaí béim na hoiliúna ar an leanbh aonair, seachas ar oiliúint ghinearálta.

Mhol roinnt rannpháirtithe nár cheart go leagfadh an oiliúint, nuair a thugtar faoi bhunoiliúint maidir le hinniúlacht míchumais, béim ach ar cheannasaí na réamhscoile ach ar an bhfoireann go léir i suíomh réamhscoile.

Luaigh líon rannpháirtithe, má bhíonn baint lárnach ag foireann ar ar cuireadh dea-oiliúint, beidh gá le breithniú a dhéanamh ar phá agus ar dhul chun cinn gairme ar fud na hearnála.

Comhordú agus atreoruithe

Luaigh rannpháirtithe go raibh sé ríthábhachtach go mbíonn ceangail ann idir foireann na réamhscoile, tuismitheoirí agus seirbhísí míchumais leanaí (teiripe) d'fhonn go dtugtar na tacaíochtaí riachtanacha do leanaí faoi mhíchumas.

Luaigh roinnt rannpháirtithe an luach a bhaineann le cláir inar sholáthair gairmithe (teiripeoirí) tacaíocht/treoir/scagadh maidir le ranganna iomlána réamhscoile. Ba chláir urlabhra agus theanga iad seo, den chuid ba mhó.

Chreid rannpháirtithe gur cheart go mbeadh liosta teagmhálaithe ag gach seirbhís réamhscoile dá líonra áitiúil saineolaithe/speisialtóirí ar féidir leo tacú leo chun tacaíochtaí ardchaighdeain a sholáthar do leanaí faoi mhíchumas. Faoi láthair, bíonn an-deacrachtaí ag go leor soláthraithe agus tuismitheoirí teacht ar an bhfaisnéis sin ar atreoruithe cúí áitiúla.

Thug rannpháirtithe chun solais go bhfuil sé tábhachtach go ndéanann réamhscoileanna ceangal le príomhoibrí/teiripeoirí an linbh mar gheall go bhféadfadh cur chuige le hintinn mhaith ach atá ar míthreoir i leith cuimsiú ag an bhfoireann réamhscoile teacht salach ar an gcur chuige i leith tacaíochta a gcuirtear ar fáil don leanbh lasmuigh den réamhscoil.

Luaigh rannpháirtithe go dteastaíonn conair shoiléir ó thuismitheoirí/sholáthraithe maidir le conas is féidir rochtain a fháil ar sheirbhísí teiripe.

Thug rannpháirtithe le fios gur minic nach bhfuil ach tacaíocht/idirghabháil á fáil ag leanaí i réamhscoileanna atá faoi mhíchumas iolrach do mhíchumas amháin, mar shampla, má dhéantar leanbh a dhiagnóisiú le huathachas, ach má tá neamhord easnamh airde ar an leanbh nó má tá saincheisteanna meabhairshláinte aige/aici, b'fhéidir nach gcuirtear ach seirbhísí teiripe ar fáil don leanbh don phríomhdhiagnóis – uathachas. San cásanna siúd, b'fhéidir nach bhfuil aon treoir na tacaíocht á fáil ag an réamhscoil i dtaca le riachtanais eile an linbh. Luaigh na rannpháirtithe go bhfuil sé ina thábhacht go ndéantar conairí atreoraithe don leanbh atá faoi mhíchumas iolrach agus dá t(h)uismitheoirí a struchtúrú d'fhonn gur féidir leis an leanbh tacaíochtaí/idirghabháil chuí a fháil.

Faisnéis do thuismitheoirí

Teastaíonn cur chuige níos comhordaithe i leith faisnéis a chur in iúl do thuismitheoirí maidir le seirbhísí reatha do leanaí faoi mhíchumas agus samplaí de dhea-chleachtas i limistéir éagsúla. Chomh maith leis sin, teastaíonn faisnéis shoiléir ó thuismitheoirí ar cad iad na chéad chéimeanna eile don leanbh fad a aistríonn siad ar aghaidh chuig an mbunscoil.

Mhol roinnt rannpháirtithe go mbunófaí seirbhís ionad ilfhreastail i ngach contae chun faisnéis chruinn agus chothrom le dáta a sholáthar ar na tacaíochtaí atá ar fáil do leanaí.

Mhol líon rannpháirtithe gur cheart líonra speisialaithe míchumais a bhunú chun tacú le leanaí faoi mhíchumas agus lena dtuismitheoirí.

Leabharlann trealaimh, bréagán agus acmhainní

Tá leabharlanna trealaimh, bréagán agus acmhainní ag roinnt contaetha a éascaíonn soláthraithe réamhscoile chun acmhainní a fháil ar iasacht chun freastal ar riachtanais aonair an linbh. Mhol rannpháirtithe go bhféadfaí é seo a aithris i limistéir eile.

Tábla 8: Liosta na Rannpháirtithe

Ainm	Eagraíocht
Anne Bourke	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Anne-Marie Brooks	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Annette Kearns	Luath-Óige Éireann
Bernie Coughlan	Tuismitheoir/an Mhí
Bernie Griffiths	Feighlíocht Leanaí Éireann
Bernie McNally	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Carol McDonnell	Soláthraí Cúram Leanaí na Mí/an Mhí
Caroline McDonnell	Cumann na nGairmithe Óige
Ciairin de Buis	Start Strong
Ciarán Madden	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Clare Tyrrell Smith	Tuismitheoir
Danielle O'Callaghan	Tuismitheoir/an Mhí
Deborah Brady	Tuismitheoir/Autism Action Ireland
Delia Goodman	Tús Níos Fearr
Denise McCormilla	An Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise
Dharragh Hunt	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
Dorothy Watson	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (an ESRI)
Emily Cunningham	Tús Níos Fearr
Emma Mangan	Soláthraí Cúram Leanaí na Mí/an Mhí
Fiona Hassett	An LCRS Láir Theas/Comhpháirtíocht Bhaile Formaid
Fiona Healy	Bainisteoir/Coiste Cúram Leanaí Contae na Mí
Geraldine O'Driscoll	Ballyfermot Star
Heino Schonfeld	Barnardos
Jadwiga Kondracka	Cumann Naíscóil Steiner na hÉireann
Jenny Corcoran	Jennys Montessori/Cathair Phort Láirge
Jim Mulkerrins	An Roinn Oideachais agus Scileanna
Joanne McCarthy	Cónaidhm na hÉireann um Míchumas
Joe Rynn	Coiste Cúram Leanaí Chathair Bhaile Átha Cliath
Julie McNamara	Coiste Cúram Leanaí Contae Cill Dara

Tábla 8 (ar leanúint): Liosta na Rannpháirtithe

Karen Folan	Tuismitheoir agus Soláthraí Cúram Leanaí
Karen O'Sullivan	Cúram Leanaí Contae Chorcaí
Kay O'Sullivan	Coláiste Montessori Naomh Nioclás
Kieran Kennedy	An Chomhghuaillíocht Náisiúnta Tuismitheoirí agus Siblíní
Kieran Smyth	An Roinn Sláinte
Larry Fleming	Gréasáin Príomhoidí Bunscoile na hÉireann
Laura Whittaker	Cuimsiú Éireann/Tuismitheoir
Lorraine Dempsey	Cumann Tuismitheoirí Riachtanas Speisialta
Louise Hill	Soláthraí/Coiste Cúram Leanaí Contae Loch Garman
Mairéad O'Neill	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Majella McGovern	Coiste Cúram Leanaí Contae Ros Comáin
Marion Luby	Áis Chúram Leanaí Cheapach Choinn/Port Láirge
Mark O'Connor	Cuimsiú Éireann

Mary Byrne	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
Mary Cronin	Siondróm Down Éireann
Mary Doherty	Siondróm Down Éireann
Mary Moloney	Coláiste Mhuire gan Smál
Meg Stapleton	Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha
Mick Kenny	Cumann na nGairmithe Óige
Niamh Corrigan	Cuimsiú Éireann/Tuismitheoir
Niamh Fawl	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
Rachael Duff	Ionad Cúram Leanaí Mellow Spring/Fionnghlas, Baile Átha Cliath
Regina Bushell	Cúram Leanaí Fhearann an Gharráin/Baile Átha Luain, Contae Ros Comáin
Rosarie McCarthy	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
Ruth Cullen	Cumann na nGairmithe Óige
Shannon Eidman	Irish Autism Action
Sheena O'Brien	Childs Play/Na Cuithí Dubha 8
Sheila Garrity	Lárionad Taighde Leanaí agus Teaghlaigh UNESCO, OÉ, Gaillimh
Siobhán Keegan	Tús Níos Fearr
Tanya Malone	Tuismitheoir/an Mhí
Teresa Heeney	Luath-Óige Éireann
Toby Wolfe	Start Strong
Úna Caffrey	Cúram Leanaí Contae Fhine Gall